

Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh

Imleabhar 2

Uimh. 2

Samhradh 2008

Ag tabhairt léargais ar an dlí teaghlaigh



COURTS SERVICE
An tSeirbhís Chúirteanna

Clár Ábhar

Réamhrá

Ag tabhairt léargas ar an dlí teaghlaigh le Terence Agnew 1

Lá sa Chúirt

Teagmháil déanta ag breitheamh le Baile Átha Cliath maidir le fad an liosta dlí teaghlaigh . . . 2
Moladh do thuismitheoirí labhairt lena chéile ar mhaithe leis an leanbh 4
Níorbh eol don chúirt go n-íocann an fear claonchothú go díreach 6
“Is cuma cé na horduithe a dhéanfar, beimid ar ais sa chúirt” arsa breitheamh 10

Tuairiscí / Idirscaradh Breithiúnach

Dúradh le tuismitheoirí tosaíocht a thabhairt do leasanna leanaí 11
Chúngaigh cáschomhdháil saincheisteanna i gcás idirscartha 14
Déanfar roinnt chothrom ar theach an chomhludair agus ar a gcuid sócmhainní 15
Ní theastaíonn colscaradh ná idirscaradh breithiúnach ó fhear céile 16
Áras an teaghlaigh ina teachín beag imithe ó rath 17

Lá sa Chúirt

Iarracht fir riaráistí claonchothaithe a thabhairt do bhreitheamh 19
Caithfear cás an FSS ‘a thabhairt ar ais chun cúirte i gcomhair a athbhreithnithe’ 21

Tuairiscí / An Ard-Chúirt

Filleadh ar an Laitvia do leanbh a fuadaíodh, ‘Ní hé a hathair é’ 24

Tuairiscí / An Chúirt Chuarda

Lánúin míshásta faoi shárúithe ar chomhaontú 27
Baineadh rochtain athar ar a leanaí go sealadach 29
Alcólach ainsealach ‘ag cur amú acmhainní an phósta’ 30
Fianaise tugtha ag atur nae ar son buachalla a mhóthaíonn go bhfuil sé
stróicthe idir a thuismitheoirí 31
An t-am a chaitear lena n-athair gan mhaoirseacht ‘ar leas na leanaí’ 32
Bean corraithe go mór ag mionsonraí an uchtaithe 34
Tugadh 12 mhí dhéag d’fhear chun áras an teaghlaigh a cheannach 35
Faisnéis shaineolaíoch ag teastáil chun rialú a dhéanamh 36
Ní raibh ‘aon údarás ag an bhfear céile an teach a chur ina ainm féin agus in ainm a pháirtí’ 37
Ghabh na Gardaí fear agus thug chun na cúirte é 38
€6,000 a chosain sé ar bhean leathanach iomlán d’fhógra colscartha a fhoilsiú 39
‘Is ábhar don chúirt é soláthar cóir’ 40

Lá sa Chúirt

Chinntigh breitheamh go bhfásfaidh gaolmhaireacht in athuair idir leanbh
agus a athair de réir a chéile 41

Tuairiscí / An Chúirt Dúiche

Is é ‘leas linbh lómhair’ an príomhábhar inní 44
‘Déanann an Chúirt neamhshuim de chiontú i ndúnmharú - ní bhaineann sé linn’ 45
D’iarr athair an oiread ama lena mhac agus a cheadódh an chúirt 46

Tuairiscí / Achomhairc

Ní ar a leas é mac a choinneáil amach ó theach a athar 47
Achomharc fir ‘chun an córas a úsáid’ 50

Lá sa Chúirt

‘Tá costas tuarascáil Alt 47 rí-ard’ 52

Staitisticí agus Treochtaí

Phróiseáil Cúirt Chuarda an Oirdheiscirt 22 cás de cholscaradh toilithe 54

Tuairim

I gcás lánúineacha áirithe is rogha níos fearr í an idirghabháil ná an chúirt 57

Creidiúintí

An Fhoireann Eagarthóireachta:
An tUasal Terence Agnew,
An tUasal Helen Priestley agus
An tUasal David Crinion

An Fo-Eagarthóir:
An tUasal Therese Caherty

Léaráid:
An tUasal Kevin McSherry

Cairteacha agus táblaí:
www.gsdc.net

Grianghraif le caoinchead ón
tSeirbhís Chúirteanna agus ó
The Irish Times

An saothar ealaine le
www.gsdc.net

Arna Chlóbhualadh
le Brunswick Press

Painéal na dTuairisceoirí:
Marie Ahearne BL,
Jackie Byrne BL,
Laurel Cahill BL,
Susan Casey BL,
Cliona Cassidy BL,
Oisín Crotty BL,
Caragh Cunniffé BL,
Sarah Dever BL,
Sonya Dixon BL,
Lynn Felon BL,
Mark Declan Finan BL,
Niamh Ginnell BL,
Marie Gordon BL,
Kevin Healy BL,
Fiona Kilgarrieff BL,
Lisa Lingwood BL,
Barbara McEvoy BL,
Fiona McGuinness BL,
Ailíonora McMahon BL,
Antonia Melvin BL,
Richael O’Driscoll BL,
Sheila O’Riordan BL,
Caroline Timmons BL,
Lisa Sheehan BL,
Kieran Walsh BL,
Sandra Walsh BL.

Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh Is
í an tSeirbhís Chúirteanna a
fhoilsíonn í, agus í ar fáil ón
Oifig Eolais, An tSeirbhís
Chúirteanna, 6ú hUrlár, Teach
an Fhionnuisce, Margadh na
Feirme, Baile Átha Cliath 7.

Bíonn sí ar fáil ó láithreán
gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna
freisin www.courts.ie

Ag tabhairt léargais ar an dlí teaghlaigh

Fáilte arís chuig
F i m l e a b h a r
S h a m h r a d h
2008 de *Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh*

Tá an Togra um Thuairisciú Chúrsaí Dlí an Teaghlaigh ag treabhadh go tréan ag oscailt fuinneoige ar ár gcúirteanna dlí teaghlaigh agus léiríonn sé an chaoi ina gcuirtear gnó chun cinn i gcásanna den sórt sin. San eagrán seo tugtar tuairiscí eile ar an obair laethiúil a bhaineann le gach cineál cás dlí teaghlaigh de réir mar a thagann siad aníos san Ard Chúirt, sa Chúirt Chuarda nó sa Chúirt Dúiche.

Is próiseas cásta é dlínse dlí teaghlaigh i ngach ceann de na cuirteanna seo a chuimsíonn réimse leathan saincheisteanna. Ceann de shaintréithe na gcásanna dlí teaghlaigh is ea go n-iarrtar ar bhreithimh cinneadh a dhéanamh ar iliomad saincheist lena n-áirítear colscaradh, idirscaradh, roinnt acmhainní, foréigean teaghlaigh, caomhnóireacht, rochtain, claonchothú, caomhnóirí a cheapadh agus leanáí a bhaint den chlann.

In ár dtuairiscí léirítear an chaoi ina ndéileáilann na cuirteanna le saincheisteanna lena n-áirítear cosaint leanáí, rannpháirtíocht bhríoch a spreagadh sna tuismitheoirí maidir le saol a leanáí agus an deis a thabhairt do pháirtithe saol inmharthana airgeadais a leanúint. Aibhsíonn siad an t-ualach oibre atá á próiseáil inár gcúirteanna dlí teaghlaigh. Tugtar léargas fíontach ar an bpróiseas achomhairc sa tuairisc ar achomhairc a dhéilealtar leis i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath.

Ní hamháin go mbíonn éifeacht ag na cásanna seo ar na páirtithe lena mbaineann ach bíonn tionchar acu ar an sóchaí i gcoitinne. Is é an meascán de shaincheisteanna lena n-áirítear gaolmhaireachtaí, mothúcháin, riar clainne agus sláinte a bhaineann go sainiúil le dlí teaghlaigh.

An Fhoireann Eagarthóireachta, Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh: David Crinion, Helen Priestley agus Terence Agnew

Téann an tionchar a bhíonn acu ar dhaoine i bhfeidhm ar a n-iompraíocht de réir mar a théann siad féin tríd an gcóras dlí teaghlaigh. Is é an tionchar mothúchánach is cúis leis an leibhéal coimhlinte a bhíonn ann idir pháirtithe i gcásanna áirithe agus is é is cúis leis an tíochar diúltach a bhíonn aige seo ar leanáí ach go háirithe. Uaireanta is é sin an chúis nach mbíonn deireadh riamh le roinnt mhaith cásanna.

Leanaimid ar aghaidh lenár sraith agallaimh leo siúd a bhíonn i dteagmháil le daoine atá bainteach le dlí teaghlaigh toisc a gcuid oibre. San eagrán seo labhairimid le Polly Phillimore ón tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh agus tugann sí léargas iontach ar fheidhmiú na seirbhíse faoi láthair agus an poiteintsíúil atá ann don todhchaí.

Cuirtear críoch lenár sraith de thuairiscí statistiúla leis an Dr. Carol Coulter agus faisnéis ann ó réigiún an t-Oirdheiscirt do Mhí Dheireadh Fómhair 2006.

Fillfimid ar ais san fhómhar le tuairiscí, agallaimh agus statisticí eile. Idir an dá linn, fáilte arís chuig eagrán Samhradh 2008 de *Cúrsaí an Dlí Teaghlaigh*.

Teagmháil déanta ag breitheamh le Baile Átha Cliath maidir le fad an liosta dlí teaghlaigh

Tá gá le suí speisialta chun fáil réidh le riaráiste an ghnó i gCúirt Dlí Teaghlaigh sa Tuaisceart

‘Tá sé foréigneach agus bíonn sé ag bagairt orm i gcónaí ... An mhí seo chaite bhagair sé orm le friochtán’

Ba é an liosta fada dlí teaghlaigh de 77 cás a spreag an Breitheamh Desmond Zaidan chun teagmháil a dhéanamh le Baile Átha Cliath toisc nach raibh éisteacht á thabhairt do roinnt mhaith ábhair, lena n-áirítear iad sin a bhain le cúram leanaí FSS. Shann Uachtarán na Cúirte Dúiche beirt bhreitheamh do shuíonna speisialta agus bhí an Breitheamh Zaidan ag iarraidh go mbainfí uas-úsáid as na dátaí sin agus cuireadh aon rud a bhí le héisteacht seachas aon rud práinneach ar atráth chuig na suíonna seo.

As an 77 cás scriosadh amach cúig cinn ar thoiliú nó toisc gur íoc an té a bhí faillíoch an claonchothú i dToghairmeacha na Cúirte Dúiche, cuireadh 30 cinn ar atráth le héisteacht nó le lua níos faide anonn sa bhliain agus cuireadh 34 ar atráth le haghaidh na suíonna speisialta dlí teaghlaigh agus cúram leanaí FSS a socraíodh chun an liosta a ghlanadh. Láimhseáil Zaidan na cásanna eile a bhí fós le réiteach; cásanna iad inar comhaontaíodh trí cinn de na hábhair agus déileáladh leis na cúig cinn eile a bhí gan freasúra nó ex parte.

I gcás amháin theastaigh ó mháthair toil athar maidir le pas a fháil dá beirt leanbh deich mbliana d’aois agus dhá bhliain déag d’aois a ligean thar ceal. Trí bliana roimhe sin an uair dheireanach a bhfaca sí a n-athair agus ní raibh sé i dteagmháil leo ó shin. Tugadh teastais bhreithe na leanaí chuig an gcúirt agus chuir an mháthair céannú ar fáil agus dheonaigh an breitheamh an t-iarratas.

Tuairisc na Cúirte

Bhain cás eile le hathair neamh-pósta cailín 12 bhliain déag d’aois a bhí ag maireachtáil leis. Bhí caidreamh aige ar feadh 13 bliana déag le bean phósta agus nuair a rugadh a iníon ainmníodh a fear céile mar athair an linbh ar an teastas breithe. Fuair a pháirtí bás agus ainmníodh an t-athair, nach a athair bitheolaíoch é, ‘nach raibh aon bhaint aige lena iníon.’ Dheonaigh an breitheamh an t-iarratas.

Níos déanaí lorg máthair ordú urchoisc i gcoinne a mac, 33 bliain d’aois, mac é nár tháinig os comhair na cúirte chun an t-iarratas a throid. Dúirt sí: ‘Tá sé foréigneach agus bíonn sé ag bagairt orm i gcónaí... Níor bhuail sé mé, ach bhuail sé m’iníon atá ina cónaí liomsa.’ Dúirt sí go raibh an oiread sin rudaí tar éis titim amach nach bhféadfadh sí cuimhneamh orthu uile ar an bpointe. ‘An mhí seo caite bhagair sé orm le friochtán. Díreach ina dhiaidh na Nollag, ar lá breithe mo mhac is óige rith sé i dtreo m’iníon le cathaoir agus ghortaigh sé a méar chomh dona sin go raibh ballbhrú uirthi dhá mhí ina dhiaidh sin. Nuair a rinne mé iarracht ar ghlaoch a chur ar na Gardaí bhris sé an teileafón.’

Ar an ocaid sin, ghabh na Gardaí é a dúirt sí. Bhí sé corraithe i gcónaí. Cheap sí go raibh dúlagar air agus go raibh sé gafa le cannabas. Bhí sé díreach tagtha amach tar éis cóireál shíciatrach a fháil in ionad cónaithe agus bhí eagla uirthi go fóill go ndéanfadh sé iarracht teacht ar ais. Ansin thug a hiníon fianaise maidir lena fhoréigean agus na bagairtí ar a máthair: Ina dhiaidh na Nollag tháinig sé isteach sa chistin agus bhagair sé ar mo mháthair dúirt sé go maródh sé í, nuair a dúirt me léi gan a bheith ag éisteacht leis rinne sé ionsaí orm leis an gcathaoir agus bhris sé dhá mhéar agam.”

Dheonaigh an breitheamh an t-ordú ar feadh trí bliana agus bhí sé sásta go raibh lan cuma ar an scéal go raibh lóistín eile eagraithe ag an mac.

I gcás eile, theastaigh ó mháthair neamh-phósta ordú cosanta a fháil i gcoinne a páirtí agus athair a triúr leanbh, 26 bliana d’aois, 20 bliain d’aois agus 12 bhliain déag d’aois. Toisc gur ábhar ex parte eatramhach a bhí ann ní raibh an freagóir i láthair sa chúirt. Dúirt an bhean gur scair siad óna chéile dhá bhliain roimhe sin agus go raibh cailín nua aige. Ach bhí sé ‘cancrach’ agus chuir sé eagla uirthi. Tharla an eachtra ar ba chúis leis an iarratas le déanaí nuair a tháinig sé chun a leanbh is óige a bhailiú. “A fhad agus a bhí sé ann tháinig a chailín chun tí le fáil amach cá

raibh sé agus d’éirigh sé fíochmhar feargach. Níl a fhios agam cén fáth. B’fhéidir nár thaitin sé leis. Ní raibh mise ann. Bhí mise ag filleadh ó na siopaí, ach thiomáin sé suas gar dom agus thosaigh sé ag screadáil agus ag tabhairt drochíde dom agus lean sé abhaile mé arís.”

Dúirt sí le Breitheamh Zaidan gur thosaigh sé ag briseadh rudaí sa teach, an doras agus cathaoir sa chistin. ‘Bhí tonn feirge air agus nuair a tharraing na leanaí é amach sa halla bhris sé an cofra agus ghlaigh sé amach’ Ba chuma liom dá gcuirfeá nó mura gcuirfeá glaoch ar na gardaí’ a dúirt sí. Tháinig sé anall an tseachtain dar gcionn agus bhuail sé cnag ar an doras arís agus arís eile. Níor scaoil sí isteach é. Dúirt an breitheamh go raibh sí macánta maidir leis an eagla a bhí uirthi agus dheonaigh sé ordú cosanta. Ar deireadh, lorg máthair ordú urchoisc i gcoinne a mac 23 bliana d’aois a raibh fadhb óil aige.

Ní raibh an mac sa Chúirt mar iarratas ex parte a bhí ann. Dúirt an bhean go raibh iallach uirthi a teach a fhágail um Nollaig toisc iompraíocht a mac. Chiceáil sé na dóirse agus loit sé na vardrúis ina teach agus bhrúigh sé í agus chaith sé seile uirthi. Ní raibh sé ina chónaí ann a thuilleadh ach bhí eagla uirthi i gcónaí. Dheonaigh an breitheamh ordú cosanta trí bliana.

Moladh do thuismitheoirí labhairt lena chéile ar mhaithe leis an leanbh

Lá áirithe i Mí an Mhárta chuir breitheamh 15 cás ar atráth, d'éist sé trí hábhar mar aon le hiarratas ex parte agus scríosadh amach dhá chás

Tháinig iarratas os comhair an Bheithimh Desmond Zaidan as sárú ordú rochtana agus le rochtain a athrú i gCúirt Dúiche Dhún an nGall. Dúirt an t-athair nach bhfáca sé a leanbh ach ceithre huairé ón mbliain 2003. Shéan sé líomhain na máthair go raibh sé foréigneach agus gur thug sé léasadh di. Bhí iarratas eile ann ar chlaonchothú a athrú, iarratas a cuireadh ar atráth go suí cúirt eile le comhaontú na bpáirtithe.

Phós an lánúin sa bhliain 1996 agus bhí

Tuairisc na Cúirte

leanbh amháin acu, tá an leanbh sin deich mbliana d'aois anois. Bhí deacrachtaí éagsúla ann maidir le rochtain nuair a scair siad. Dúirt an t-athair gur thug sé cuairt ar an teach Oíche Nollag amháin chun bronntanais a

fhágáil don leanbh ach thug an mháthair íde béil dó agus d'ordaigh sí dó an áit a fhágáil. D'fhág sé na bronntanais agus d'fhan sé 40 nóiméid chun féachaint an bpiocfadh aon duine suas na bronntanais ach níor phioc duine ar bith suas iad. Shéan an mháthair é seo, dúirt sí nach 40 nóiméid a bhí i gceist ach tuairim is deich nó 12 nóiméid agus gurb é sin cleas an athar chun an leanbh a cheannach.

Dúirt an t-athair go ndearna sé féin, a pháirtí reatha agus a dheirfiúr iarracht ar chuairt a thabhairt ar an leanbh lá a chead chomaoineach ach nár tugadh cead dóibh an leanbh a fheiceáil. Ag imeacht spóirt rinne sé iarracht a mhac a fheiceáil ach arís chuir an mháthair stop leis agus thug sí íde béil dó.

Dúirt an mháthair go raibh leanbh eile aici nach raibh aon suim ag athair an leanbh sin a fheiceáil toisc nach é athair bitheolaíoch an linbh é cé go raibh gaolmhaireacht aige leis an leanbh i rith an phósta. Anuas ar sin d'aitigh sí go raibh fadhbanna aige le hairgead toisc gur cearrbhach é. Níor theastaigh ón leanbh dul in aon áit lena athair, athair é a d'fhág an baile gan choinne agus nár mhínigh an fáth riamh. Shéan sí cur síos an athar ar chúrsaí.

Dúirt an breitheamh gur sonraíodh i dtuairisc na seirbhísí sláinte roimh an gcúirt go raibh an leanbh gortaithe agus léirigh a leithéid de ráiteas gur íospairtigh chiúine iad leanaí sna cásanna seo. Dúirt sé go raibh ar an athair múinín an linbh a ghnóthú arís.

Dúirt an mháthair nár theastaigh ón leanbh aon bhaint a bheith aige lena athair agus nach bhféadfadh sí a rá go mbeadh sé toilteanach casadh air arís. Thug sé litir faoin ábhar seo dá mháthair, litir a léigh Breitheamh Zaidan. Dúirt sé gur chuid den fhadhb í an staid thragóideach seo agus nach raibh aon chumarsáid idir an athair agus an mháthair. Níorbh aon iontais é go n-íompraíodh leanbh é féin cosúil lena mac siúd nuair a mhothaigh sé gur imríodh feall air. Shonraigh an tuairisc os comhair na cúirte gur mhian leis go dtiocfadh a athair ar ais chuig áras an teaghlaigh. Agus é druidim lena dhéaga, bheadh éifeacht fad téarmach ar an mac ag mainneachtain a thuismitheoirí cumarsáid a dhéanamh. Níorbh fhiú a bheith ag leagadh

milleáin ar a chéile dár leis an mbreitheamh toisc go mbeidh éifeacht shíceolaíoch aige ar an leanbh. Bhí dóchas aige go bhféadfaí an mhúinín idir an athair agus an mac a chothú arís in ainneoin gur cailleadh é roimhe seo. Dúirt sé go mbíonn athair agus máthair de dhíth ar leanaí.

Ar mholadh ó ghníomhaireacht Stáit, dúirt an mháthair gur thriail sí idirghabháil leis an athair faoina easpa rochtana. Ach níor tháinig sé chun na cruinnithe.

Lorg an Breitheamh tuairim na máthar maidir leis an bealach is fearr chun dul chun cinn a dhéanamh sna cúinsí sin. Dúirt sí go ndéanfadh sí aon rud chun an leanbh a spreagadh ach níor theastaigh ón leanbh aon bhaint a bheith aige lena athair. Ní luadh an leanbh a ainm, agus ag tagairt dó úsáideadh sé an focal, “eisean.” “Seans go n-éireodh sé as sin” a dúirt an breitheamh, agus a luaithe is a rachfar i ngleic leis an tsaincheist is é is fearr é chun aon díobhal eile a chosc. Lena cois sin dúirt an breitheamh nár theastaigh uaidh an leanbh a fheiceáil ina dhlísheomraí, toisc go raibh tráma ar an leanbh cheana faoin scéal.

I ndeireadh an dála d'ordaigh sé rochtain mhaoirsithe le ball clainne na máthar agus go bhfreastalófaí ar sin gach cóicís ar lá ainmnithe na seachtaine. Dá mba rud é go raibh aon líomhain ann go mbíodh an t-athair ag tabhairt droch íde bheadh air moladh eile a dhéanamh. Dúirt an breitheamh leis an athair agus leis an máthair go mbeadh orthu iad féin a iompar go síbhialta. Dúirt sé leis an athair aitheantas a thabhairt do bhall clainne na máthar toisc go mbeadh an leanbh ag féachaint ar seo agus gurb é dushlán an athar múinín an linbh a ghnóthú. “bain úsáid as do chiall” ar sé, agus “bí fáilteach roimh bhall clainne na máthar atá ag maoirsiú na socrúithe rochtana.” Bhí sé seo riachtanach chun spiorad clainne a thabhairt don leanbh.

Bhí deachracht ag na tuismitheoirí ansin maidir le láthair agus am na rochtana a eagrú. Thug an breitheamh foláireamh dóibh dá gcuirfeadh siad brú air trí neamhshuim a dhéanamh d'ordú na cúirte nach mbeadh aon leisce air dul i gcomhairle le gníomhaireacht Stáit agus de thoradh ar sin d'fhéadfaí an leanbh a chur amach go tuismitheoirí altrama.

‘Bain úsáid as do chiall... agus bí fáilteach roimh bhall clainne na máthar atá ag maoirsiú na socrúithe rochtana’

Níorbh eol don chúirt go n-íocann an fear claonchothú go díreach

‘Ansin d’iarr sé orm cibé an raibh grianghraif in easnamh orm agus go raibh cinn aige de mo chlann ar fad agus go raibh sé chun iad a thabhairt do mhangairí drugaí’

Imí Aibreáin lean an Breitheamh Desmond Zaidan ag cur éisteachtaí ar athló chuig dátaí na suíonna speisialta. Ar an 44 chás a liostaíodh, scriosadh cúig cinn ar toiliú nó tarraingíodh siar iad, cuireadh 28 ar atráth le héisteacht nó le sonrú níos déanaí sa samhradh nó chuig na suíonna speisialta. Dhéileáil an breitheamh leis na cásanna a bhí fágtha: chomhaontaigh na páirtithe dhá cheann de na hábhair sin, dhéileáil an breitheamh leis na naoi gcinn eile toisc nár thangthas ar shocrú.

I gcás amháin, bhí fear amháin a raibh cónaí air i gcontae eile faoi choimeád chuig Cúirt Dúiche Litir Cheannain ag eascairt as barántas bínse a eisíodh de thoradh ar riaráistí na Cúirte Dúiche maidir le hiarratas riaráistí claonchothaithe. Bhí na híocaíochtaí seachtainiúla le híoc isteach tríd oifig na Cúirte Dúiche agus nuair a stop na híocaíochtaí d’eisigh an Chúirt Duiche toghairm go huathoibríoch. Níor comhlíonadh é seo agus eisíodh barántas bínse. Dúirt an t-athair go raibh sé ar mhíchumais agus nach raibh ar a chumas íoc. B’ionann na riaráistí agus €2,180 agus bhí sé ag iarraidh iad a íoc ar ais toisc go raibh post maith aige arís. Trí mhí roimh an éisteacht thug sé €300 don mháthair agus bhí €700 le híoc aige anois. Dúirt an Breitheamh Zaidan toisc gur íoc sé an t-airgead go díreach lena bhean nach raibh na cúirteanna ar an eolas faoina iarrachtaí an t-airgead a íoc. Ach d’aontaigh sé nach raibh ach €1,100 fós le híoc. Theastaigh ón athair go n-ardófaí a chlaonchothú seachtanúil chun chuidiú

Tuairisc na Cúirte

leis an gcuid eile de na riaráistí a íoc, ach dhiúltaigh an breitheamh toisc gur cheap sé go gcruthódh sé mearbhall dá n-athrófaí é ar feadh tréimhse gearr. Chuir sé an t-ábhar ar atráth ar feadh sé mhí agus dúirt sé gur theastaigh uaidh go ndéanfadh an fear an-iarracht chun an mhéid iomlán a íoc agus dúirt sé leis aon admhálacha a choimeád a léireodh aon íocaíochtaí a rinne sé.

I gcás eile, lorg bean le triúr leanbh 10, 7 agus 6 bliana d’aois ordú urchoisc i gcoinne a fear céile, a rinne ionadaíocht dó féin. Dúirt sí go raibh a leanaí uile ag fulaingt ó ADD agus ADHD an ceann is óige acu, mac a fear céile reatha. Bhí cúntóir baile aici cúig lá na seachtaine chun cuidiú leis na leanaí a bhí ag fáil cóireál agus cúram síciatrach. Bhí siad le chéile ar feadh tamaill ach pósadh iad i Mí Márta na bliana roimhe sin agus scair siad i Mí Mheán Fómhair. “Tá sé an-foréigneach agus tugann sé drochíde béil go háirithe do mo mhac is sine. Cuireadh sé é ag caoineadh ar maidin nuair a bhímis ag ullmhú, deireadh sé leis go raibh sé cosúil lena athair agus dá dtosódh sé ag caoineadh cuireadh sé lasmuigh den doras é ina fhobhrístí ‘múinfidh sé sin ceacht duit’ a deireadh sé,” a dúirt sé leis an gcúirt.

Cuireadh sé ag go mór dó breagáin a bheith

ar fud an tí nó rudaí a bheith as ord agus cuireadh sé iallach ar na leanaí, an leanbh ba shine ach go háirithe, an áit a ghlanadh agus ní thabharfadh sé cead dóibh dul chuig an leithreas go dtí go mbíodh sé ar fad déanta. ‘D’fhág sé i Mí Mheán Fhómhair, ach tháinig sé ar chuairt i Mí Dheireadh Fómhair agus bhí sé ag pleidhcíocht le mo leanbh is sine, éiríonn sé an-chorraithe agus chaith sé clúdach póta íogairt air. D’éirigh m’fhear céile freagach agus rith sé ina dhiaidh, bhrúigh sé síos ar an úrlár é, agus chuimil sé an clúdach ar a aghaidh agus é ag rá ‘níl aon bhasard chun é sin a dhéanamh ormsa,’ a dúirt sí.

Uair eile, chaith sé toradh uirthi agus bhuaíl sé a deirfiúr a bhí ar chuairt lena máthair. Chaith sé chomh crua sin é go raibh ballbhrú uirthi agus bhí na Gardaí Síochána ag déanamh iniúchadh ar an scéal. Um Nollaig dúirt sé go dtiocfaidh sé anall agus mura scaoilfeadh sí isteach é go mbrisfeadh sé an doras: “Lean sé air ag glaoch Angie orm agus ag rá “tá a fhios agat céard a tharla di, tá mise cosúil le Den’ níor thuig mé go dtí níos déanaí go raibh sé ag caint faoi Eastenders clár téilifíse, agus Den a mharaigh Angie, Lá Nollag. Ansin d’iarr sé orm cibé an raibh grianghraif in easnamh orm agus go raibh cinn aige de mo chlann ar fad agus go raibh sé chun iad a thabhairt do mhangairí drugaí.”

Dúirt sí leis an mbreitheamh go raibh a fear céile faoi chúram síciatrach agus go raibh sé ag tógaint leigheas ach gur dhiúltaigh sé leanúint ar aghaidh leis. Cheap sí gur leigheas é do dhúlagar. D’fhreastal sé ar dhá chúrsa bainistíochta feirge agus bhí fadhbanna aige lena gcomharsana, lena n-áirítear ceann amháin a leanadh sé agus ar shlais sé boinn a charr air. Bhagair sé uirthi le scian a bhí aige sa charr an t-am ar fad, dúirt sé go gcuirfeadh sé a lámh ina bhás féin, é ag luí ar an urlár tar éis leighis a thógaint agus é ag ligean air go raibh taom air. “Cuireadh sé eagla ar na leanaí,” a dúirt sí. Ón uair gur fhág sé an teach níor fliuch an leanbh i lár an leaba. Bhí eagla uirthi roimhe go fóill agus í na ceadta míle slí uaidh.

Dúirt an freagróir gurb iad na fadhbanna a bhí aici féin leis an gclann a spreag na saincheisteanna agus gurb é a hathair agus a

deartháir a chuir eagla ar na leanaí. “Sheas mé amach ar an mbóthar leis na leanaí ag crochadh asam agus iad ag iarraidh dul i bhfolach taobh thiar de mo chosa nuair a tháinig a hathair agus a máthair ar chuairt uair amháin, bhí siad scanraithe.’ Rinne a clann ionsaí air. Bhí sé ar taifead ag na gardaí go raibh air a phost mar sheachadóir a fhágáil toisc gur bhagair siad an bás air. Líomhnaigh a bhean uair amháin gur bhain ball clainne mí-úsáid gnéis as duine den chlann ach nuair a bhí sí i dteagmháil lena clann arís bhí gach rud go breá. “Tá sé ar nós gur ghá do dhuine éigean a bheith lasmuigh agus go nglacfadh daoine eile a pháirt nó go seasfadh siad ina choinne. Ar dtús ní raibh aon ghaolmhaireacht aici lena máthair agus ansin lena hathair. Tá sé ag athrú de shíor.”

Dúirt sé gur chas siad ar a chéile nuair a bhí sé ag obair sa chathair agus nuair a bhí sí ag tabhairt cuairt ar an áit chun cóireál a fháil do dhuine da leanaí. Nuair a chuaigh sé chun cónaithe gar di, thit an ghaolmhaireacht agus a shaol as a chéile. Bhain a throiblóidí uile leis an ngaolmhaireacht. Dúirt sé gur fhreastal an bheirt acu ar chúrsaí faoi bhainistíocht feirge toisc go mbíodh sí de shíor ag rá go raibh bean eile aige.

Shéan sé na líomhaintí uile agus bhí sé sásta a bhille teileafóin a thaispeáint di le cur in iúil nár ghlaigh sé uirthi agus nár bhagair sé uirthi um Nollaig. Bhí sé cineálta i gcónaí lena mac ba shine agus shocraigh sé fiú grianghraif dó a thabhairt dá athair. Dúirt sé léi cead a thabhairt d’athair a mac ba shine é a fheiceáil nuair a bhí sé ar chuairt. Ach anois bhí sé ag fáil glaonna bagarthacha ón athair mar gheall ar an rud a dúirt sí. Shéan sé chomh maith go mbíodh scian sa charr aige agus gur bhagair sé uirthi le ceann. Ní fhaca sé a mhac ach uair amháin ó d’fhág sé agus bhog sé ar ais go dtí a bhaile dúchais. Bhí post nua aige agus ní fhéadfadh sé teacht ar chuairt deireadh seachtaine amháin,

dúirt sí lena mhac agus é ar an teileafón gur theastaigh uaidh dul chuig an teach tabhairne agus gurb é sin an chúis nach raibh sé ag teacht aníos. Bhí iarratas rochtana aige sa dhlínse ina bhfuil cónaí air agus thiocfadh sé sin aníos i gceann cúpla la.

Dúirt an breitheamh nach bhféadfadh sé aon rud a dhéanamh ach déileáil leis an ordú urchoisc mar ba é sin amháin a bhí ina dhlínse an lá sin. Dúirt sé go raibh an cuma air go raibh an pósadh faoi scath dhubh ón tús, agus d'admhaigh an bheirt go raibh an pósadh millte ag fadhbanna agus trioblóidí idir chlann na beirte agus ag na fadhbanna síciatracha a bhí ag gach ceann de na leanaí - tá sé an-bhrónach'. Dheonaigh sé an t-ordú ar feadh sé mhí agus dúirt sé go raibh sé níos fearr é a dhéanamh toisc nach raibh an dá pháirtí ina chónaí lena chéile agus toisc go raibh an seans ann go gcuideodh sé leo maidir le ceist na rochtana. "Tá glactha ag an bhfreagróir go bhfuil an pósadh thart agus tá saol úr tosaithe agus dúirt sé go dteastaíonn uaidh teacht aníos anseo díreach chun a mhac a bhailiú má cheadaíonn an breitheamh é sin."

Teastaigh ordú urchoisc ó mháthair atá ina náisiúnach coigríche, le beirt leanbh, ceann acu atá cúig bliana d'aois agus an ceann eile atá naoi mí d'aois i gcoinne a fear chéile, ar náisiúnach coigríche é. Bhí post aici ach ní raibh a fear céile ag obair faoi láthair agus d'fhill sé ar a thír dhúchais ach ní raibh a fhios aici cén fhad a chaithfeadh sé ann. Bhí sé an-foréigneach agus bhagair sé go maródh sé í agus a leanaí roimhe seo. Rinne sé ionsaí ar a leanbh is óige fiú. 'Bhí sí ag caoineadh agus ag caoineadh agus ní fhéadfadh sé cur suas leis mar sin bhuail sé í.' Rinne mé iarracht é a stopadh ach ansin d'ionsaigh sé mise." D'fhág sí áras an teaghlaigh agus chuaigh sí chuig na Gardaí Síochána a thug chuig tearmann í agus chuir siad í in aithne d'oibrí sóisialta a chuidigh léi creche a aimsiú ionas go bhféadfadh sí leanúint ar aghaidh ag obair. Dheonaigh an breitheamh ordú cosanta trí bliana.

I d'toghairm na Cúirte Dúiche ar riaráistí claonchothaithe i gcoinne athar cailín seacht mbliana d'aois, bhí aturane an athar, an freagróir, i láthair agus dúirt sé leis an gcúirt

go raibh seans ann go raibh mearbhall ar a chliant maidir leis an dáta agus dá bhrí sin ní raibh sé i láthair. Bhí a chliant ag íoc claonchothú eatramhach ón ordú deireanach agus dá bhrí sin ní raibh sé ag déanamh neamhshuim den chúirt. Dúirt sé go raibh sé ar scéim oiliúna FÁS, scéim a d'íoc méid áirithe leis. Bheadh sé ag críochnú ag deireadh na míosa agus bheadh an-deacracht aige an méid a ordaíodh a íoc. D'iontráil sé toghairm chun an claonchothú a athrú.

Dúirt aturane na mná céile gurb é seo an cúigiú huair ar tháinig an t-ábhar seo, na riaráistí os comhair na cúirte agus go raibh a cliant ag dul i bhfiacha in ainneoin go raibh sí ag obair. B'ionann na riaráistí anois agus €1,000. Dúirt an breitheamh gurb é an t-aon ábhar a bhí roimhe ná na riaráistí agus dá mbeadh an freagróir i láthair go bhféadfadh sé é a chur go dtí an príosún toisc nár íoc sé na riaráistí. Chuir sé an t-ábhar ar atráth go dtí an dáta céanna agus an toghairm um athrú, mí amháin níos déanaí agus threoirgh sé go ndéanfadh an freagróir an-iarracht na riaráistí a íoc. Mura dtiocfadh an freagróir chun na cúirte an chéad uair eile, dúirt an Breitheamh Zaidan go mbeadh seans ann go gcuirfeadh sé isteach sa phríosún é.

Chuala an chúirt ansin ó thuismitheoirí leanaí 10 mbliana d'aois agus 7 mbliana d'aois, ar ábhar a bhain le rochtain agus le caomhnóireacht. Faoi ordú idirthréimhseach, chuaigh na leanaí chun cónaithe leis an máthair agus rochtain áirithe a bheith acu lena n-athair, ach dhiúltaigh an iníon deich mbliana d'aois maireachtaint lena máthair nó cuairt a thabhairt uirthi. Dúirt aturane an athar go raibh dearcadh an-láidir ag an leanbh seo agus go raibh an t-athair ag iarraidh í a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar a máthair ach nach bhféadfadh sé brú a chur uirthi. Bhí an breitheamh chun an leanbh a éisteacht faoin ábhar ach d'aontaigh an dá thaobh gur cóir é sin a úsáid i gcás nach mbeadh aon rogha eile fágtha acu. D'aontaigh siad faoi réir na cúirte, caomhnóir ad litem a cheapadh chun í a chur faoi agallaimh agus tuarascáil a choimisiúnú.

Dúirt aturane an athar gurb ionann diúltiú na hiníne cuairt a thabhairt ar a máthair agus díspeagadh de facto cúirte, rud nach raibh

ar chumas an athar é a athrú. Mhol sé go mbeadh sé níos fearr an t-ordú a thiontú i rith na tréimhse seo. Dúirt an bhean is é sin an t-iarrthóir, nach raibh sé sin uathu agus go ngeallfadh siad gan imeacht a chur ar aghaidh chun an bunordú a fhorchur. Dúirt an Breitheamh go mbeadh sé níos fearr an stádas quo a choinneáil ar an tuiscint nach gcuirfeadh an bhean chéile imeachtaí ar aghaidh agus nach mbreathnódh an chúirt air mar shárú d'aonghnó ach oiread. Cheap sé an caomhnóir ad litemagus chuir sé an t-ábhar ar atráth ar feadh míosa chun deis a thabhairt an tuairisc a choimisiúnú. Thug sé an deis don dá pháirtí iarratas a dhéanamh agus dúirt sé mura mbeadh aon idirghníomhaíocht leis an gcaomhnóir ad litem, go labhródh sé léi ina dhlísheomraí lena chláraitheoir, ach gan dlíodóirí.

Ansin lorg an mháthair athrú rochtana dá hiníon, ocht mbliana d'aois a bhí ag déanamh a Céad Chomaoineach an deireadh seachtaine sin. Chuala an chúirt gur iarratas práinneach é seo toisc nach bhféadfadh na páirtithe socrú a dhéanamh. Dúirt an mháthair is é sin an t-iarratasóir go raibh rochtain ag a fear céile an chéad trí dheireadh seachtaine den mhí agus go raibh an deireadh seachtaine seo san áireamh, sin céad chomaoineach a hiníon.

Dúirt sí gur chuir sí coinne in áirithe leis an ngruaigre don Domhnach ar 7.30 am, coinne a bhí ar fáil díreach do chailíní ag déanamh a gcead comhaoineach, agus theastaigh óna hiníon a bheith léi don lá agus go raibh sé ceart do chailín óg í féin a réiteach lena mháthair ar a leithéid de lá. Theastaigh uaithi go dtiocfadh a fear céile ar ais lena hiníon Oíche Dé Sathairn ar a 6pm ionas go bhféadfadh sí na pleanna a chur i gcrích. Ar an Domhnach chuir sí lón an Domhnaigh in áirithe lena clann uile agus bhí fáilte roimhe a bheith i láthair. Theastaigh uaithi go dtiocfadh a mac ar ais ionas go bhféadfadh sí é a ghléasadh sna héadaí a cheannaigh sí dó.

Dúirt an t-athair go ndearna sé coinne le gruaigre dá iníon ar an Satharn freisin agus go ndúirt sí leis gur theastaigh uaithi an lá a chaitheamh leis. Eisean a thug na leanaí chuig an aifreann gach Domhnach, cé nár thóg a bhean agus theastaigh uaidh an mhaidin a chaitheamh lena iníon chun

cuidiú léi í féin a ullmhú agus cheannaigh sé éadaí dá deartháir freisin ionas go mbeadh cuma néata air. D'fhéadfadh sí dul chun lón a chaitheamh lena máthair ach ní rachadh sé ann toisc go raibh fadhbanna lena clann agus bhí iarratas ar ordú sábháilteachta ag teacht aníos ina choinne. Dhiúltaigh a bhean dó an t-ábhar rochtana maidir le laethanta saoire ábhar nár socraíodh riamh, a chur ar an liosta arís.

Dúirt an Breitheamh Zaidan: “Is trua nach féidir le tuismitheoirí aontú ar rud chomh simplí agus chomh tábhachtach agus céad comhaoineach. Cá bhfágann sé sin leas an linbh murar féidir leis an mbeirt tuismitheoirí dearmad a dhéanamh ar a bhfadhbanna don

ocáid? Ar an ocáid seo bhí sé sásta eisceacht a dhéanamh, toisc go mbíodh an leanbh ag an athair do thrí dheireadh seachtaine as ceithre cinn agus d'ordaigh sé go dtabharfadh sé ar ais chuig a máthair í oíche Dé Sathairn ar a 7pm. Chasfadh siad ar an athair ag an seipeál ar 10.30 am nó níos luaithe chun deis a thabhairt dó am chaitheamh léi roimh an seirbhís ar an 11am. Ansin rachadh sí chun an lón a ithe agus thabharfaí í ar ais chuig a hathair ó 5pm go dtí 8.00 pm ionas go bhféadfadh sé a cheiliúradh féin a bheith aige leis na leanaí.

Tar éis an-chuid cainte, d'ordaigh an Breitheamh nach bhfillfeadh an mac chuig a mháthair oíche Dé Sathairn agus ag eascairt as moladh an athar, ghléasfadh an t-athair é sna héadaí a cheannaigh an mháthair.

Ba cóir go rachadh sé chuig an lón ansin lena mháthair tar éis na seirbhíse agus go bhfillfeadh sé ar an athair lena dheirfiúr. Ansin cheadaigh an breitheamh don athair an t-ábhar faoi rochtain i rith na leathanta saoire a iontráil i gceann cóicise.

Is cuma cé na horduithe a dhéanfar, beimid ar ais sa chúirt arsa breitheamh

Dhírigh an Breitheamh Desmond Zaidan ar chóras gan chiall ina n-aithrítear orduithe go mion minic agus ina mbíonn gá le achomhairc a athbhreithniú i gcónaí

‘Is le paisean atá sé (t-athair) anseo inniu’

I gCúirt Dúiche sa Tuaisceart, ardaíodh réamhphointe leis an mBreitheamh Desmond Zaidan maidir le hathrú agus cur i gcrích orduithe claonchothaithe roimhe seo. Bhí toghairmeacha breise ar riaráistí os comhair na cúirte chomh maith.

Bhí ordú ón gCúirt Dúiche i Mí Dheireadh Fómhair 2006 inar socraíoch claonchothú seachtainiúil ag €500 do chúigear leanbh cleithiúnach. Rinneadh achomharc ar seo sa Chúirt Chuarda i Mí Iúil 2007 agus laghdaíodh an tsuim go €300. Ag an am, dúirt Breitheamh na Cúirte Dúiche leis an athair nach mór dó dian-mhachnamh a dhéanamh toisc go raibh go leor saghsanna oibre ann a bhféadfadh sé a dhéanamh.

Sa chás os comhair na cúirte, dúirt aturnae na máthar nár chomhlíon an t-athair na horduithe roimhe seo. Cé gur oibrigh sé ar feadh tríocha bliain, d’éirigh sé as nuair a d’fhág a bhean é, dar léi. Dúirt aturnae na máthar gur mí-úsáid an chórais cúirte é don athair athrú ar an ordú a lorg chomh tapaigh sin nuair a eisíodh é i Mí Iúil 2007.

Dúirt aturnae an athar gurbh é níos a chliant a bheith ag obair lena lámha agus gur thuill sé airgead tirim in éineacht lena bhean ar an margadh dubh. Ní raibh mórán oideachais air agus bhí deacrachtaí aige le léamh agus le scríobh. Bhí a ghnó imithe agus deimhníodh go raibh sé breoite. Tarchuireadh é chuig síciatraí toisc fadhbanna áirithe iompraíochta.

Dúirt aturnae an athar ansin gur mheas an breitheamh ón gCúirt Chuarda go bhféadfadh a chliant níos mó a íoc. De bhreis ar sin d’aitigh sé nach raibh an cumas céanna aige toisc an t-athrú ar a ioncam leasa

Tuairisc na Cúirte

sóisialach. Ní fhéadfadh sé a thuilleadh airgead a ghnóthú agus ní raibh aon suim aige filleadh ar an margadh dubh. Bhí sé ag lorg obair fhoirmeálta agus bhí dóchas aige go bhféadfadh sé dul ar ais ar Scéim FÁS. Ní fhéadfadh sé é seo a dhéanamh anois toisc go raibh deimhniú míochaine aige. Dúirt sé go raibh a chliant i dteideal an t-iarratas seo a dhéanamh. Níor tháinig sé chuige féin tar éis an chéad ordaithe ina raibh air claonchothú de €500 a íoc in aghaidh na seachtaine. “Is le paisean atá sé [an t-athair] anseo inniu,” a dúirt aturnae an athar.

Mheas an breitheamh Alt 6 den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976 a shonraíonn nach bhfuil cead ag an gcúirt ordú a urscaoileadh bliain amháin tar éis a dhéanta. Dúirt aturnae an athar go rabhthas ag iarraidh ar an gcúirt ordú a athrú agus nach raibh siad ag súil go n-urscaoilfí é. D’aontaigh aturnae na máthar leis sin, ag rá nár bhain teorainneacha ama le hordú clonchothaithe a athrú. D’iarr sí go gcruthódh an t-athar an bhreiteacht a bhí air.

Dúirt an breitheamh agus é ag déanamh a mheas ar an réamhphointe, go rabhthas ag iarraidh air ordú ón gCúirt Chuarda a athbhreithniú agus gur cúirt le níos lú cumhachta é féin. D’iarr sé ar na cleachtóirí bainteach leis roimhe seo cibé an raibh

aon bhealach ann ina bhféadfadh an ceart achomhairc chuig an ard chúirt a bheith ann. Aontaíodh nach raibh aon bhealach ann. Dúirt atur nae na mná go mbíodh na hábhair seo faoi chlaonchothú os comhair na cúirte go minic agus nach n-íocfadh an t-athar an claonchothú ach amháin nuair a bhíodh sé ar thairseach an phríosúin.

Dúirt an Breitheamh gur cóir don Oireachtas suí síos agus féach ar na réimsí seo de dhlí teaghlaigh. Fáinne fí é an stáid seo a mhéadaíonn an strús ar na páirtithe lena mbaineann.

Maidir le breoiteacht an athar fuair dochtúir teaghlaigh an fhir bás agus d'fhiafraigh atur nae na mná conas a bhféadfaí fianaise a thaispeáint de thoradh ar sin.

D'fhreagair atur nae an athar go raibh locum ag obair sa chlinic agus go raibh tuairisc sa chúirt dar dáta mí roimhe sin. Dúirt atur nae na máthar gur cóir dó leanúint ar aghaidh lena

fhianaise agus le tástáil na fianaise sin.

Ar deireadh dúirt an Breitheamh Zaidan go raibh an cheart ag an dá pháirtí sa mhéid is go raibh fianaise neamhspleách ag teastáil maidir le breoiteacht an athar ar chóir é a thástáil sa chúirt. Chuir sé an t-ábhar seo ar atráth go dtí go bhféadfadh dochtúir teaghlaigh a bheith i láthair.

Dúirt sé gur cuma cén ordú nó orduithe a dhéanadh sé toisc go mbeadh siad ar ais sa Chúirt Chuarda. Ba chóir go mbeadh críoch de chineál éigean san ábhar seo. Bhí an córas seafóideach sa mhéid seo agus sna súimh sin ina raibh orduithe á n-athrú i gcónaí agus na hachomhairc dá éis sin a bhí le hathbheithnú.

Rinne an breitheamh ordú maidir le toghairm na riaráistí agus dúirt sé go bhféadfadh an mháthair iarratas a dhéanamh agus toghairm riaráistí eile a thabhairt os comhair na Cúirte Dúiche láithreach. Tabharfar an chéad liostú eile ar fáil dóibh.

Dúradh le tuismitheoirí leasanna leanaí a chur chun tosaigh

Thar tréimhse dhá lá tháinig cúig ábhar os comhair **an Bhreithimh Raymond Groarke** ar Chuard an Iarthair. Orthu sin cuireadh cás amháin ar atráth, comhaontaíodh trí cinn idir na páirtithe agus rith an cás eile ar feadh lá iomlán

Bhain cás maidir le hidirscaradh breithiúnach roimh an mBreitheamh Raymond Groarke ar an gCuard Iarthair le lánúin le beirt leanbh cleithiúnach. Phós na páirtithe agus iad an-óg tár éis rómáns paiseanta. Bhain a saincheisteanna le rochtain ar a n-iníonacha cúig bliana d'aois agus deich mbliana d'aois agus roinnt na n-áiseanna.

Bhí áras teaghlaigh ina seilbh, dhá cheapach de thalamh talmhaíochta, suíomh in ainm na mná céile ach a bhí chun sochair

a deirfiúr agus ceapach a bhí ag a fear céile lena dheartháir i dtionóntas coiteann ar luach €25,000 Chuir ceantálaí luach €1.3 milliún ar an iomlán. Ach bhí fiacha €112,000 air sin. Bhí máthair an fhir céile ag cuidiú leis na fiacha ar an talamh talmhaíochta trí é a chur ar cíos ar feadh 10 mí don bhliain ar €19,000. Bhí an-chuid fiacha pearsanta ag an mbean chéile, an t-iarratasóir.

Sular éist sé an cás, mheas Breitheamh Groarke tuairisc ó shíciactraí agus ó idirghabhálaí maidir leis an rochtain a tugadh

'Dúirt sé leis na leanaí go mbímse ag gabháil de dhrúgaí agus go bhfuil mo rogha ceoil go hainnis'

dó ó abhcóide na mná céile. Mhol sé go dtabharfaí caomhnóireacht an linbh don mháthair ón Luan go dtí an Aoine agus go mbeadh sé ag an athair gach ré Aoine agus gach ré Shathairn. Faoi láthair fanann na leanaí leis an máthair ó Luan go Céadaoin gach seachtain agus leis an athair ón gCéadaoin go dtí an Satharn. Dúirt abhcóide an athar gurb é an coimeád an príomh ‘cnámh spairne.’

Ní raibh an bhean chéile sásta leis an socrú rochtana. “Bhí alán cur isteach i saol na leanaí fiú maidir leis an áit ina mbíodh siad ag fanacht is t’oíche, a dúirt sí. “Ní aon chinnteacht ann.” “Deirtear sa tuarascáil go bhfuil ag éirí go maith leo” arsa an Breitheamh Groarke.

“Tá. Iarrann siad orm i gcónaí cén fáth a mbíonn orthu dul síos an bóthar. Fiú nuair a bhí an leanbh de chúig bliana d’aois ag dul chuig an bhfiachlóir,[sheol an fear céile] chun na scoile í le frithbheathaigh. Sheol mé téacs chuige agus d’iarr mé air cén fáth a raibh frithbheathaigh ina mála scoile,” a dúirt sí.

Dúirt go mbíodh a fear céile ag seoladh teachtaireachtaí chuici leis na leanaí. “Dúirt sé leis na leanaí go mbímse ag gabháil de dhrúgaí agus go bhfuil mo rogha ceoil go hainnis. Tá ár naimhdeacht ag cur isteach ar na leanaí.[an iníon] ag insint bréige dá hathair. Dúirt mé léi gan é sin a dhéanamh. Ní chóir go mbeadh aon rúin eadrainn’, ar sí.

Nótaigh an breitheamh gur líomhnaigh an t-athair go raibh droch scileanna tuismitheoireacha ag an máthair. “Bhí sé sin i ndáil le cairdeas a bhí aici. Níl sé ag argóint gur drochmháthair í,” a dúirt abhcóide an fhir chéile. Chomhaontaigh an bhean chéile gur athair maith é an t-athair agus dúirt sí leis an idirghábhálaí neamhspleách gur scair siad óna chéile.

Mhol an tuairisc nach gcuirfeadh an bhean chéile a leanaí i slí ‘cultúr na ndrúgaí’. Dúirt an bhean chéile nach raibh sí ag tógáint drugaí agus dúirt sí nach raibh sí cairdiúil a thuilleadh leis an bhfear a bhí i gceist ‘sa chairdeas inmíoch’ dá dtagraítear sa tuairisc. Bhí sé os comhair na cúirte roimhe seo toisc go raibh cócaon aige dá úsáid féin. “Bhí eachtra ann” a dúirt an bhean chéile. “Chuir duine de na col ceathracha [col ceathracha na

leanaí] isteach ar réigún na mball giniúna.” Bhí sé seo ar eolas ag an athair agus níor inis sé an scéal di. Taifeadh sé a bhean chéile ar an teileafón agus an scéal á mhíniú di agus bhí finnétithe aige. “Tógaim san áireamh go raibh an leanbh óg agus seans go raibh sé nó sí fiosrach agus tharla sé cúpla uair. Deirtear leis na leanaí gan aon rud a rá liomsa.” a dúirt an bhean chéile.

Mhínigh abhcóide an fhir chéile go raibh finnétithe ag teastáil ón bhfear céile toisc go raibh an oiread siad fadhbanna eatarthu. Bhí briseadh síos an phósta an - deacair agus bhí brú ar an gcumarsáid. Dúirt an fear céile gur thug sé aire do na leanaí caoga faoin gcead den am agus go raibh sé sásta leis an socrú sin. Ghlac sé leis an tuairisc. Chreid sé gurb é an socrú is fearr ná seachtain ar / seachtain as do na leanaí toisc é a bheith níos struchtúrtha. D’aontaigh sé go raibh an chumarsáid idir é féin agus a bhean chéile briste síos. Nuair a thóg sé a iníon chuig an bhfiachlóir, tugadh frithbheathaigh di i gcás go mbeadh fabhtú ann. “Ní raibh aon rud seafóideach faoi,” a dúirt sé.

Mhol Breitheamh Groarke go n-úsáidfeadh an lánúin ríomhphost chun cumarsáid a dhéanamh. “tabhair an ríomhaire chun dáta más gá chun a brú a bhaint den chumarsáid,” ar sé.

Níor inis an fear céile conas a dhéileáil sé leis an eachtra a bhain le col ceathrar na leanaí. “Tá sé an tábhachtach é a mhíniú di,” a dúirt an Breitheamh Groarke. Dúirt sé leis smaoinemh faoi céard é an rud is fearr do na leanaí. “Deir sé an t-am ar fad ‘tá mé ag cailleadh am leis na leanaí; tá mé ag cailleadh am leis na leanaí; tá mé ag cailleadh am leis na leanaí;... ceapann sé go bhfuil sé faoi é féin - Níl, Níl, Níl, aon suim agam in san Uasal... nó ionat a bhean uasail. Tá suim agam sna leanaí. Tá an iomarca cur i gcéill ar siúl agat agus níl tú ag smaoinemh ar cad é an rud is fearr do na leanaí. le gach meas oraibh, tá sibh ag cu ran dallamhullóg oraibh féin.”

Ag tagairt don fhiachlóir agus na hionsaithe, dúirt an breitheamh dá mba rud é go raibh an bheirt thuismitheoirí dáiríre faoi gur ceart nochtú iomlán a dhéanamh láithreach. Bhí a fhios aige gur cás deacair é seo agus nach raibh de chumas ag an lánúin suí síos agus an

rogha is fearr a dhéanamh do na leanaí. “Tá súil agam nach rachaidh tú chun na cúirte chun labhairt faoi na leanaí amach anseo...tá easpa ionaibh agus níl sibh i dteideal leanaí a bheith agaibh murar féidir libh comhoibriú faoi céard is fearr a dhéanamh dóibh.”

Mhol sé dóibh cumarsáid a dhéanamh ón lá sin ar aghaidh tríd an ríomhphost ionas go mbeadh sé ann ‘i ndubh agus bán’. Mura mbeadh rath ar sin bheadh ar na tuismitheoirí cúrsa ar scileanna tuismitheoireachta a dhéanamh. Ní raibh siad i dteideal iad féin a iompair faoi mar a bhí. Bhí an cuma ar na leanaí go raibh ag éirí go maith leo agus go raibh siad ag déileáil leis an gcur isteach a dúirt an breitheamh. “Má chreidim go mbeidh a thuilleadh imeartais -ná hábhar le Mamaí- ná hábhar le Daidí -is leor sin chun sibh a dhícháiliú mar thuismitheoirí.”

Tugadh comhchaomhnóireacht do na tuismitheoirí. Bhí na leanaí le maireachtáil le tuismitheoir amháin seachtain amháin agus leis an tuismitheoir eile an tseachtain eile. Bhí an bheirt leanbh le fanacht le chéile. “Ní sé seo daingean docht” a dúirt an Breitheamh Groarke. “Tiocfaidh athrú ar an rud is fearr do na leanaí.”

D’fhill an t-ábhar ar acmhainní na lánúine agus ar a ndeacracht comhaontú ar roinnt amach acmhainní. “I ndáiríre tá tú ag caint faoi áras an teaghlaigh,” a dúirt an Breitheamh Groarke. “...Go bunúsach, mura bhfuil cúis ann nár chuala mise, chaith pingin agus déan cinneadh faoi cén duine a thógfaidh áras an teaghlaigh.” Thug seanathair na mná céile an talamh di agus thóg sí féin agus a fear céile áras an tí air sin.

Chónaigh sí timpeall seacht míle ó áras an tí agus tuairm is cúig mhíle ó theach a tuismitheoirí. Ní raibh ach leath mhíle idir áras an tí agus teach tuismitheoirí na mná céile. Bhog sí amach go lóistín ar cíos trí bliana roimhe sin nuair a theip ar an bpósadh. Bhí áras an tí ag teastáil uaithi toisc go raibh grá aici don áit. Thabharfadh sí an talamh eile a bhí acu dá fear céile dá bhféadfadh sí áras an teaghlaigh a choimeád.

D’iarr an Breitheamh Groarke: “Cén staid a bheidh ann mura bhfaigheann tú an talamh?” “Tá sé uaim,” ar sí. “Tá grá agam don áit.” Níor nochtaigh an bhean chéile gur stiúrthóir

ina hainm amháin í ar chuideachta a hathair, ar chuideachta í a bhí ag gabháil do mhaoin a chur ar cíos. “Níl aon airgead ann,” ar sí. “Sin cuideachta m’athair agus bhí stiúrthóir eile de dhíth air.” D’fhiafraigh an Breitheamh Groarke di conas ar roinneadh na scaireanna. Dúirt sí: “Ní raibh aon bhaint agam leis an gcuideachta riamh.” Bhain sí úsáid as an airgead a bhí sábháilte aici chun íoc as a gnó. €350 as tseachtain an teacht isteach a bhí aici óna gnó agus ón méid a thug a tuismitheoirí di chun cuidiú léi. D’oibrigh sí ina gnó trí lá na seachtaine agus bhí oibrí eile aici ag obair go páirtaimseartha.

D’úsáid sí an t-airgead i gcuntais na leanaí chun an cáin a íoc. Bhí sí ag tarraingt airgead as cuntais na leanaí nuair ba ghá leis.

I rith croscheistithe, dúirt abhcóide an fhir chéile gur cheannaigh sí jeep nua ar luach €40,000 sa bhliain 2005. “conas a thagann an jeep nua seo isteach i do phictiúr airgeadais nach bhfuil ró-iontach?” ar sé. “Úsáidim é mar charr clainne. Bhí sean jeep agam roimhe sin. Sin é an chaoi a bhainistíomar é. Chinn mé go mbeadh carr maith amháin againn,” a dúirt sí.

Aontaíodh go n-úsáidfeadh an fear ceile an talamh a cheannaigh sé ó athair na mná céile, an t-iarratasóir, mar thalamh feirme. “Ag dul ar aghaidh teastaíonn uainn an talamh a oibriú,” a dúirt an fear céile... “Ach thit an pósadh as a chéile sular shíníomar na doiciméid agus bhí an chéad íocaíocht [ar an talamh] le bheith istigh an 1 Márta, 2006.”

Tháinig an scéal amach gur tugadh an talamh don fhear céile mar oidhreacht agus gur shínigh sé ceart agus úinéireacht na talún chuig a mháthair. Rinne sé é seo toisc nach raibh aon teacht isteach ag a mháthair agus ní fhéadfadh sí an talamh a oibriú mura raibh sé ina hainm. “Cén fáth gur aistrigh tú an talamh? Ní raibh aon ghá leis. An miste leat cuidiú liom? Teastaíonn uaim an tarscaoileadh a fheiceáil” a dúirt an Breitheamh Groarke.

Ní raibh an tarscaoileadh sa chúirt. “Ní fhaca mé riamh a leithéid de pháipearachas chomh suarach leis ón dá thaobh,” a dúirt an Breitheamh.

Dúirt dearthair an fhir céile a chearta ar an talamh a tharscaoileadh chuig a mháthair ar leas a mháthair. D’iarr an Breitheamh

‘Níl aon suim agam in san Uasal... nó ionat a Bhean uasail. Tá suim agam sna leanaí. Tá an iomarca cur i gcéill ar siúl agat agus níl tú ag smaoineamh ar cad é an rud is fearr do na leanaí’

Groarke: “An ndúirt do dheartháir leat dá mbeadh talamh agat nó dá mbeadh leas agat ann go mbeadh leas ag do bhean ann?” Dúirt an fear céile nach ndúirt.

Theastaigh ón fear céile fanacht in áras an teaghlaigh ar leas na leanaí. Dúirt an Breitheamh Groarke: “Ní dhéanfaidh mé cinneadh crua. Tá sé [an fear ceile] sa teach ón mbliain 2005. Tá na leanaí ina gcónaí leis. Tagann roinnt ábhar aníos maidir leis an maoin. Tá scair 30% ag an mbean chéile i gcuideachta a hathair agus ní fhaigheann sí rud ar bith. Creidim í. Ach in ainneoin sin is

stiúrthóir na cuideachta í.

Níor ghlac an breitheamh le míniúchán an fhir céile faoin uacht. “Ná lig ort nach raibh a fhios agat go mbeadh scair aici,” a dúirt sé leis an bhfear céile. Chinn sé duine a chur in aghaidh an duine eile agus threoirigh sé go n-aistreadh an bhean chéile áras an teaghlaigh chuig an bhfear chéile agus go ndíolfaidís an dá phársa talún. Thug sé an suíomh leis an gcead pleanála agus €22,000 ar chostais dlí chuig an mbean chéile “beidh teach ar luach comhionann ag an mbeirt acu ar an gcaoi sin,” a dúirt sé.

Chúngaigh cáschomhdháil saincheisteanna i gcás idirscartha

As na 101 ábhar os comhair **an Bhreithimh James O’Donoghue**, cuireadh cuid acu ar atráth ag an tús, bhain 64 ceann le hiarratais ar cholscaradh agus 8 gcinn le hiarratais ar idirscaradh breithiúnach, agus áirítear ar na cinn eile claonchothú, rochtain, sábháilteacht agus orduithe coigeartaithe pinsin

Ar Chuairt an Iardheiscirt, chuala an Breitheamh James O’Donoghue an t-iarratas a rinne bean chéile ar scaradh breithiúnach. Roinnt seachtainí roimhe sin, d’fhreastail na hionadaithe dlí ar fad ar chomhdháil leis an gcás a phlé, nós a bhíonn ann le cásanna a mbíonn coimhlint i gceist leo a chur i dtreo na trialach. Ullmhaíonn agus cúngaíonn an próiseas na saincheisteanna le haghaidh na trialach agus/nó chun socruithe a fháil. Sa chás seo, bhí roinnt ceisteanna réitithe aige, agus bhí dhá cheist eile le plé fós, cnap airgid a bhí le hioc leis an bhfreagraí, agus ordú leasaithe pinsin.

Phós an bheirt i 1975. Bhí triúr clainne acu agus gan duine ar bith acu spleách ar a mhuintir feasta. 19 mbliana d’aois an duine ab óige. Bhí an 50 bliain slán ag bean an iarratais agus a fear céile araon.

Dúirt abhcóide na mná gur státseirbhíseach a bhí ina chliant agus gurbh ise is mó a choinnigh fáltas leis an teallach. Ní raibh post seasmhach ag a fear céile riamh, agus ní dhéanadh sé ach giotamáil oibre. D’inis sé scéal anachan an phósta agus faoi mar ab éigean don bhean orduithe slándála agus orduithe urchoisc a chur ar a fear. Tháinig deireadh leis an ordú urchoisc i mí Feabhra 2007 agus leis an ordú slándála i mí Feabhra 2008. Ghéill an fear don dá ordú a bhí ina aghaidh, agus insíodh don chúirt go raibh foréigean i saol na beirte le fada anuas. D’fhreastail an bheirt ar sheisiúin chomhairle faoi chúrsaí an phósta, agus cé gur lean an bhean uirthi leis na seisiúin sin, d’éirigh an fear astu. Dúirt comhairleoir na mná go raibh adhaltrannas á dhéanamh ag an bhfear le fada an bhliain, rud a raibh suntas mór agus

údar déistin ann mar cheist. Bhí scaradh an phósta ag teastáil uaithi go breithiúnach ar an mbonn sin.

Cluineadh don chúirt gurbh í an bhean is mó a choinníodh fáltas leis an teaghlach agus go raibh pinsean stáit téagartha ag dul leis an bpost a bhí aici, rud a mbaineann sí ioncam glan €49 míle in aghaidh na bliana as. Rud eile cheannaigh sí teach don teaghlach as a sparán féin agus ba í féin a ghlan an mórgáiste. Measadh luach idir €400,000 agus €450,000 a bheith leis an teach.

Dúirt comhairleoir na mná go mbíodh pinsean míchumais luach €196 in aghaidh na seachtaine ag a fear céile. “Déarfáidh an t-iarratasóir chomh maith go mbíonn sé ag obair ina [...]” arsa a habhcóide agus mhaígh nár mhian lena chliant an teach a fhágáil. Bhí sí sásta €100,000 a thairiscint dá fear céile móide ordú nach gcuirfí athrú ar bith ar an bpinsean ó tharla gurbh fhiú a sheacht n-oiread a cuid ranníocaíochtaí féin ná rud ar bith a chuir seisean isteach.

Mheabhraigh sé don chúirt gurbh é an gnáthrud i gcásanna béas agus iompair go roinnfí na sócmhainní trian in aghaidh dhá thrian. Dúirt abhcóide an fhir chéile go raibh droch-chroí ar a chliant agus go raibh

pinsean míchumais á fháil aige. D’agair sé go raibh fianaise aige i gcáipéis go n-íocadh an fear céile €60 ar chuntas mórgáiste an uair a bhí sé ag saothru €130 in aghaidh na seachtaine. Is éard ba dhóigh leisean go raibh ceart ag a chliant ar leath na sócmhainní ar fad. Maidir leis an tairiscint €100,000 a rinne an bhean chéile is éard a dúirt sé: “maidir le híos as riachtanais tithíochta, ní dhéanfaidh €100,000 cúis.”

Tar éis don Bhreitheamh O’Donoghue éisteach le habhcóide an fhir chéile, is éard a dúirt sé: “De réir mar a fheicimse, tar éis dom an fhianaise a chloisteáil, is dóigh liom gur roinnt dhá thrian agus trian i bhfábhar an iarratasóra atá ann, na sócmhainní ar fad san áireamh.”

D’iarr sé go láidir ar an mbeirt abhcóidí treoir a fháil ón dá chliant agus idirghabháil a dhéanamh, ó tharla a thuairim curtha in iúl aige. Isteach leis na páirtithe arís tar éis dóibh dea-thoradh a bhaint as an idirghabháil. Is amhlaidh a thograigh an bhean €170,000 a íoc lena fear ach a ligfeadh sé uaidh a chuid cearta ar fad ar an teach cónaithe a bhí ag an teaghlach. Bhí a pinsean aici le coinneáil freisin. Cheadaigh an breitheamh an t-idirscaradh breithiúnach.

‘Is dóigh liom gur roinnt dhá thrian agus trian i bhfábhar an iarratasóra atá ann, na sócmhainní ar fad san áireamh’

Déanfar roinnt chothrom ar theach an chomhludair agus ar a gcuid sócmhainní

Ar an gCúird Thoir Theas, i gcás a bhain le hidirscaradh breithiúnach, mhol an Breitheamh Olive Buttimer go ndíolfaí teach an chomhludair agus go ndéanfaí roinnt chothrom ar an mbrabach idir na páirtithe. Sin de bharr cónaí ar pháirtí amháin faoin tír agus ar an bpáirtí eile i mBaile Átha Cliath, arsa sí, agus ós saoire sealúchas lasmuigh den phríomhchathair, sin é an díol a mhol sí.

Phós an bheirt i lár na 1980í. Bhí beirt

chlainne acu, duine acu spleách fós ar a muintir. Is lena muintir féin sa deisceart a bhí cónaí ar an mbean in éineacht lena hiníon ó chlis ar an bpósadh; d’imigh an páiste eile ó theaghlach a mhuintire. Bhí cónaí ar an bhfear céile fós i dteach an chomhludair i mBaile Átha Cliath.

Mhaígh an fear gur chuir an bhean drochíde air go fisiciúil le linn dóibh a bheith pósta, agus mhaígh sé gurbh éigean dó iasacht airgid a fháil óna chuid siblíní don bhainis

agus don éarlais tí rud a bhí amuigh air fós.

Dúirt an bhean go raibh an fear tugtha don ól, agus roimh imeacht di gur nós leis an chéad deoch a ól ar maidin. Is iad a chuid ólacháin agus an fhaillí a dhéanadh sé in íoc na mbillí an dá chnámh spairne a bhí ann. Thosaigh sé ag cur a chuid cannaí ceirtlise i bhfolach leis an bhfadhb a cheilt. Mhaígh sise gur iarr sí air cúnaimh a iarraidh, ach ní bhíodh toradh ar bith ar a chuid geallúintí maidir leis sin. D'imigh sí ó theach an chomhludair in éineacht leis na páistí in 2003. Bhí cúrsaí imithe chomh mór chun donais is gur thug an fear canna beorach leis chuig comhneartú duine de na páistí. Bhí sí ag iarraidh áite dá cuid féin feasta, agus mhaígh sí gurbh í féin agus a fear a d'íoc as an mbainis, ní hionann agus a dheirfiúr.

Nuair a cuireadh an croscheistiú uirthi, d'fhiafraigh abhcóide an fhir di an raibh áibhéil á déanamh aici maidir leis an ólachán. Dúirt sí nach raibh. D'fhiafraigh sé nach amhlaidh a thréig sise teach an chomhludair. D'fhreagair sí nach amhlaidh. B'eol dá fear go raibh sí ar tí imeacht. Shuigh sé os a comhair ag breathnú uirthi fad a bhí sí ag pacáil.

Dúirt an fear céile dá mba mhian leis an iníon dul ar an gcoláiste i mBaile Átha Cliath go bhféadfadh sí cónaí leisean i dteach an

chomhludair. B'éigean dó féin agus dá bhean iasacht airgid a fháil don bhainis araon mar ba é lom na fírinne nach raibh a ndóthain airgid acu ag an am.

Chuir an breitheamh a ladar sa chomhrá agus d'iarr sí orthu a gcuid leabhar coigilte a thaispeáint di ionas go mbeadh léargas aici ar chúrsaí airgid na beirte san am sin. Is ansin a dúirt sí leis an bhfear céile: “Bhí do dhóthain airgid agat le híoc as an mbainis agus as an éarlais.”

D'fhiafraigh abhcóide na mná den fhear an raibh sé i gceist aige fanacht sa teach agus déanadh a bhean a bealach féin sa saol? Cén tairbhe a bheadh ag an mbean ar shocrú airgid dá shórt?

Cás é seo nach raibh ann ach sócmhainn amháin, teach an chomhludair, agus ós amhlaidh a bhí, cheadódh sí an t-idirscaradh breithiúnach agus mholfadh sí go ndíolfá an teach ionas go bhféadfaí an brabach glan a roinnt go cothrom. Thuig sí gur an an mbean a bhí an t-ualach san am a bhí caite, ach ós saoire sealúchas i dTiobraid Árann ná i mBaile Átha Cliath, sin é an t-ordú a bhí sí a dhéanamh.

Dúirt sí freisin nár cheart do na hionadaithe dlí an cás seo a riar ar bhonn an iompair mar bhí a gcuid cainte ar fad ag dul in aghaidh a chéile.

Ní theastaíonn colscaradh ná idirscaradh breithiúnach ó fhear céile

Tharla iarratas ar imeachtaí scarúna breithiúnaí os comhair an Bhreithimh Olive Buttimer ar an gCúairt Thoir Theas áit a ndúirt an fear nár mhian leis go scarfadh an breitheamh óna bhean é.

Phós an bheirt i 1998 agus bhí bheirt chlainne acu, duine san oideachas tríú leibhéal go lánaimseartha feasta. Maidir leis

an duine eile, é blianta beaga os cionn an scóir, bhí deacrachtaí siciatracha ag goilliúint air, agus b'éigean a chur san ospidéal le deireanas. Bhíodh comhairleoireacht á déanamh leis nuair a bhí sé 13 bliana d'aois, agus bhí cóir leighis á caitheamh aige le blianta fada anuas. D'éirigh go maith leis ar scoil, agus chuir sé a ainm le cúrsa tríú

leibhéal ar feadh bliana, ach d'éist sé leis an gcúrsa ina dhiaidh sin. Bhí leas agus sochar dó ó thaobh na sláinte de sa chúrsa a bhí sé a dhéanamh faoi láthair, ach ní bheadh cailíochtaí foirmiúla aige dá bharr. Mí roimhe sin, chaith sé róchuid drugaí d'aon ghnó.

Dúirt abhcóide na mná gur mhithid dá chliant fanacht leis an mac i dteach an chomhludair agus gurbh é sin an chloch ba mhó ar a paidrín. Is é freagra a thug abhcóide an fhir nárbh eol dó beag ná mór ar mar sin a bhí, agus chonacthas dó go raibh toimhde ag baint leis an méid a cheap an taobh eile faoi shláinte an mhic. Dúirt sé chomh maith nach raibh aon fhianaise shiciatrach ar fáil maidir leis an gcás seo agus nárbh fhada ó chuaigh an mac ar briseadh go Loch Garman.

Dúirt an breitheamh nach n-iarrfadh sí tuarascáil shiciatrach sa chás seo nuair a bhí cónaí in aontíos ar an dá pháirtí ionas gur dhóigh fios acu faoin mac agus faoi mar a bhí ag éirí leis.

Ní fada ó fágadh rud le huacht ag an bhfear céile: cuid de theach eile agus dá luach. Níorbh fhios fós cén ceart cónaithe a bhí aige sa teach sin mar níor mhór cead a fháil chuige sin ó na daoine eile a fuair a sciar féin le huacht. Bhí drochbhail ar an teach sin. Níor mhiste leis an mbean dá ndíolfaí teach an chomhludair, ach ní faoi láthair mar níor mhaith an smaoineamh an mac a chur in áit eile. Le linn an chroscheistithe, dúradh gurbh éard a dúirt siciatraí an mhic nach bhfaca sé an galar dubhach chomh dona ar dhuine ar bith riamh.

Dúirt an fear gur theastaigh a bheirt tuismitheoirí ón mac agus gur mhian leis féin leanúint ar aghaidh lena chuid tacaíochta

dó. Ba mhian leis gan éirí as an gcónaí a bhí air sa teach agus níor mhian leis colscaradh Tugadh le fios dó nach raibh iontu seo ach imeachtaí a bhain leis an idirscaradh breithiúnach, agus dúirt sé nár mhian leis idirscaradh breithiúnach a bheith ann ach oiread. Dúirt an t-abhcóide a bhí aige go raibh dhá choinne comhairleoireachta aige lena chliant agus nách ndúradh riamh nach raibh idirscaradh breithiúnach ag teastáil uaidh. Ghlac sé leis go raibh deireadh leis an bpósadh agus nach raibh athmhuintearas ná idirghabháil i ndán.

Fiafraíodh den athair ar rómhiste leis dá ndíolfaí an teach, agus dúirt sé go raibh sé tugtha le fios ag an mac nár mhiste leisean dá ndíolfaí an teach mar d'fhéadfadh sé dul chun cónaithe in éineacht leis féin. Is ansin a dúirt an breitheamh dá dtarlódh an scaradh go mbeadh cead aige an mac a fheiceáil ag amanna faoi leith. Dúirt an fear gur shíl sé feabhas agus biseach ar an mac.

Shocraigh an breitheamh gur cheart an cás a chur ar atráth ionas go bhféadfadh an fear fiosrú a dhéanamh maidir leis an gceart cónaithe a bhí aige sa teach eile. Ba ghá sin mar níor mhaith léi go n-ideodh sé a chuid sócmhainní tirime ag cur feabhais ar an teach sin sula mbeadh cead cónaithe faighte aige ann. Dúirt an Breitheamh Buttimer ar an gcéad dul síos nár mhaith an rud an mac a chur in áit eile faoi láthair nó bhí strus ag baint leis an aistriú uair ar bith agus faoi mar a bhí cúrsaí anseo is amhlaidh is measa a bheadh.

Dúirt sí le habhcóide an fhir scéal cinnte a fháil nach raibh athmhuintearas ná idirghabháil ar bith i ndán do na páirtithe.

Áras an teaghlaigh ina theachín beag imithe ó rath

Bhí lánúin ann a phós i 1998. Scar siad ó chéile sé bliana dar gcionn, agus bhí beirt bhuachaillí acu darbh aois a hocht agus a cúig. Sa chás maidir

le hidirscaradh breithiúnach a bhí faoin mBreitheamh John O'Hagan ar an gCuaird Thuaidh, ba é roinnt na sócmhainní is mó a bhí ag déanamh tinnis dóibh. Ba leo a dteach

D'fhiafraigh an Breitheamh O'Hagan den bheirt an raibh cumann seirce ag ceachtar acu le duine nua, agus dúirt: "Is iondúil nach gcuirim an cheist seo"

féin, teachín beag suarach dhá sheomra codlata dar luach €180,000, agus teach mór fairsing áirgiúil cois cladaigh a raibh cúig sheomra codlata ann. Bhí an teach seo fós á thógáil. Níor léir cár luach dó mar bhí dhá mheastachán ag an gCúirt nach raibh ar aon éirim le chéile.

Ba mhian leis an iarratasóir mná insint don bhreitheamh céard ba chúis le cliseadh an phósta. Bhí cónaí uirthisi sa teachín in éineacht leis an mbeirt mhac. Mhínigh an t-abhcóide é seo. Dúirt an breitheamh nach raibh de chúram airsean ach na socmhainní a roinnt go cothrom. "Ní bhaineann an milleán liomsa beag ná mór." Ghabh sé leithscéal léi má ba dhoiligh di sin a thuiscint. D'fhreagair sí gur thuig sí sin, agus rinne sí cur síos ar an teachín: é cúng, an tsiúntáil go dona ann, é fuar tais agus "an tuile an doras isteach go rialta." D'fhéach an breitheamh ar ghrianghraif inar taispeánadh scoilteanna sna ballaí a raibh "solas an lae le feiceáil tríothu". Bhí aibhléis agus uisce sa teach aici, agus carr lena hiníon a thabhairt ar scoil agus abhaile arís. Ba mhaith léi fanacht sa teach sin lena clann agus tuairim agus €50,000 a chaitheamh air le píosa a chur leis agus le caoi a chur air.

Bhí sócmhainn mhór eile ag an lánúin - teach infheistíochta a bhí siad a thógáil ar thalamh a fuair an fear óna athair i 1999. Bhí plean acu buanchónaí a dhéanamh sa teach breá áirgiúil seo cois cladaigh, é ar dhá acra go leith de scoth na talún - agus an teachín a ligean ar cíos. Bhí sé deacair cead pleanála a fháil. Bhí an bhean sásta an teach seo a fhágáil faoin bhfear mar chuid den socrú, ach shíl sí go raibh sí i dteideal 'cúitimh' de bharr nach gcónódh sí ann go brách.

Ní raibh sí ag obair taobh amuigh den teach san am i láthair, ach rinne sí amhlaidh san am a bhí caite. Ba mhaith léi filleadh ar a cuid oibre nuair a bheadh an mac ab óige ar scoil go dtí thart ar a 3 i.n. gach lá. Is é an t-ioncam a bhí aici liúntas an tuismitheora shingil, airgead cothabhála gach mí óna fear céile ar luach €700, agus liúntas leanaí. Ó am go chéile, saothraíonn sí roinnt airgid ag múinteoireacht. Bhí €20,000 i dtaisce aici. Maidir lena fear céile, bhí sé fostaithe, bhí morgáistí á n-íoc aige ar an dá theach agus

cónaí air féin ar cíos.

D'fhiafraigh an Breitheamh O'Hagan den bheirt an raibh cumann seirce ag ceachtar acu le duine nua, agus dúirt: "Is iondúil nach gcuirim an cheist seo." Ní raibh bean eile ag an bhfear, agus maidir leis an mbean níorbh fhada ó chuir sise aithne ar dhuine eile.

Dúirt an fear céile gurbh eisean a d'íoc an morgáiste ó thús ama. D'fhiafraigh an breitheamh ar chuir an bhean airgead ar bith leis an morgáiste riamh nuair a bhí sí ag obair. Dúirt an fear de chogar dothuigthe gur chuir, rud a bhain an chaint seo a leanas as an mbreitheamh: "Chuir go deimhin, agus tabhair an t-aitheantas sin di ar a laghad." Le linn don bhreitheamh scrúdú a dhéanamh ar an teach infheistíochta, thug sé faoi deara gur teach "breá láidir a bhí ann, agus díon air in aghaidh sín agus aimsire." Dúirt an fear gur mhian leis cónaí ann amach anseo, agus nár mhiste leis an teachín a thabhairt ar lámh dá bhean ionas go bhféadfadh sí féin agus na páistí tuilleadh den saol a chaitheamh ann. Rud eile a dúirt sé nár mhiste leis an morgáiste €11,000 a bhí amuigh ar an teach a ghlanadh é féin - nó an tsuim airgid sin a thabhairt dá bhean dá mba é ab fhearr léi. Ghlac sé leis go raibh caoi agus cóir de dhíth ar an teachín, ach dar leis nach rabhthas i mbaol báis ann. Dar le habhcóide na mná gur chaighdeán "an-íseal" é sin i leith an tí a raibh a chlann ina cónaí ann.

Chuir an breitheamh ainm na mná leis an teachín, mhol sé go n-íocfadh an fear cnap airgid €25,000 léi faoi cheann trí ráithe ar a dheireanaí. agus go leanfadh sé le híoc an airgid chothabhála. Dúirt sé leis an bhfear gur dhóigh go gcuirfeadh sé a ainmsean ar an teach infheistíochta, ach ní rud é sin a dhéanfadh sé sula mbeadh an éisteacht deiridh ann agus an colscaradh féin ar tí a shocraithe.

Is é an fáth a bhí leis sin an difríocht ollmhór idir an dá mheastachán faoi luach an tí a thug na páirtithe chun cúirte an lá sin. D'iarr sé meastachán neamhspleách a chur á dhéanamh le haghaidh na héisteachta sin, agus íocadh an dá phairtí a gcuid costas féin. Dúirt an Breitheamh O'Hagan leis an mbean go raibh brú uirthi filleadh ar a cuid oibre "le feabhas a chur ar an scéal."

Iarracht fir riaráistí claonchothaithe a thabhairt do bhreitheamh

Is iomaí cás a bhí os comhair **an Bhreithimh Thomas Fitzpatrick** lá de laethanta an tsaoil i gCúirt Dúiche Lár Tíre: airgead cothabhála, cúrsaí rochtana, orduithe urchoisc, agus iarratas ar thoil na dtuismitheoirí le pas a fháil a ligean ar ceal

Bhí bean de bhunadh na hiasachta ann agus ionadaí dlí ag labhairt ar a son a bhí ag iarraidh toil a hiarfhir chéile le pas a eisiúint dá n-iníon a ligean ar ceal. Trí bliana d'aois a bhí an páiste, agus bhí sí féin, is é sin an mháthair, ag iarraidh í a thabhairt go SAM ar saoire. D'fhill a fear ar a thír dhúchais tar éis an cholscartha. Is pas deich mbliana a bhí uaití, ach níor cheadaigh an Breitheamh Thomas Fitzpatrick ach eisiúint pas go dtí go mbeadh a sheachtú lá breithe ag an bpáiste.

Tamall ina dhiaidh sin, dúirt céile mná a bhí i mbun iarratais go raibh toil a fir chéile aici i leith ordú urchoisc bliana. Bhí an fear céile as láthair, agus ní raibh ionadaí dlí ar bith aige, ach ghlac an breitheamh le focal na mná, agus cheadaigh sé an t-ordú o tharla go raibh géilleadh ann dó.

I gcás eile, bhí lánúin ann agus iad scartha a bhí ar chomhaontú faoi rochtain agus chothabháil a dtriúir chlainne. Ní raibh ionadaí dlí ag ceachtar den dá thaobh, agus níor cuireadh na téarmaí i scríbhinn. D'iarr an Breitheamh Fitzpatrick ar an lánúin tuilleadh cruinnis a chur ina gcuid socruithe ionas nach mbeadh fadhbanna ann amach anseo. Dúirt an bhean go bhfanfadh na páistí thar oíche leis an bhfear gach re deireadh seachtaine, agus go n-íocfadh sé

airgead cothabhála luach €150 in aghaidh na seachtaine. Rud eile d'íocfadh sé leath na mbillí nach gnáthbhíllí iad, billí na Nollag cuir i gcás, an chéad chomaoineach agus mar sin de. D'aontaigh an fear leis seo agus rinneadh na horduithe.

I gcás eile, bhí fear ann a raibh airgead

*‘Cad chuige nach mian leat iad a fheiceáil níos túisce ar an Satharn?’
An gcuirfeadh sé isteach ar do shaol sóisialta?’*

cothabhála €824 amuigh air, rud a shíl sé a chur i láimh an bhreithimh. Bhain sin gáire as an mbreitheamh: d’eitigh sé an t-airgead agus dúirt gur bhaol go gceapfaí gur bhreab é. Ní raibh ionadaí dlí ar bith ag an bhfear seo, agus dúirt sé go raibh deacrachtaí aige le bille cánach agus le rótharraingt mhór. Bhí €700 ina phóca aige, agus bhí súil aige an fuilleach a ghlanadh sula mbeadh sé seachtaine istigh. Chuir an breitheamh an cás ar atráth go ceann míosa, agus dúirt sé leis an fuilleach a ghlanadh faoin am sin. Ghlac an cláráitheoir leis an €700 ar son na mná, agus d’eisigh sé admháil.

I gcás maidir le cúrsaí rochtana agus cothabhála, bhí lánúin ann nach raibh cuing an phósta orthu agus socrú acu maidir lena mbeirt chlainne a raibh an t-athair ag iarraidh ordú foirmiúil cúirte a dhéanamh de. Bhí iarratas ann uaidh chomh maith le hathrú a chur ar ordú cothabhála a bhí ann. Faoi láthair, is é an socrú a bhí ann gurbh aige féin a bheadh na páistí ó 2 i.n. ar an Satharn go dtí 6 i.n. ar an Domhnach. Dúirt abhcóide thar ceann an iarratasóra máthar gur mhian lena cliant cur le huairteanta rochtana a hiarpháirtí. Dúirt sí go mbíodh a mac ag síorfhiafraí an bhféadfadh sé tuilleadh ama a chaitheamh lena athair. Ba mhian léi go mbeadh na páistí faoina chúram ón 10 a.m. amach ar

an Satharn. D’fhiafraigh an breitheamh den fhear an raibh glacadh aige leis seo. Is é freagra a thug sé go raibh cúrsaí rochtana ag oibriú go maith faoi mar a bhí agus níor mhiste leisean gan athrú a chur orthu. D’fhiafraigh an breitheamh: “Cad chuige nach mian leat iad a fheiceáil níos túisce ar an Satharn?” ‘An gcuirfeadh sé isteach ar do shaol sóisialta?’

Dúirt an fear gur ghnách leis peil a imirt maidin Dé Sathairn. Dúirt abhcóide na máthar leis an mbreitheamh gur ghnách do na páistí máthair an athar a fheiceáil le linn na n-uairteanta rochtana agus bhí fonn uirthisean iad a fheiceáil níos minice. D’fhiafraigh an breitheamh den fhear arís an nglacfadh sé le huairteanta breise rochtana agus d’aontaigh sé leis sin.

Maidir le cúrsaí cothabhála, dúirt sé gur €75 a bhí sé a íoc in aghaidh na seachtaine, ach bhí sé dífhostaithe le bliain nach mór agus ní raibh oiread sin d’acmhainn aige. Ba mhaith leis a laghdú go €25.

Bhí teach ceannaithe aige ó scar an lánúin ó chéile, agus bhí €125 in aghaidh na seachtaine ar ghálaí an mhorgáiste.

Bhí €185 sa tseachtain aige ina airgead dífhostaíochta agus bhí a pháirtí nua ag cuidiú leis. D’aontaigh an breitheamh leis an laghdú.

I mBeagán Focal

Ligeadh don mháthair a hiníon a bheith faoi choimeád aici féin amháin

Ar an gCuaird Thoir Theas, d’iarr bean go gcuirfí a hiníon naoi mbliana d’aois faoi choimeád aici féin amháin. Is bean de bhunadh na hiasachta a bhí inti, ach bhí cónaí na hÉireann uirthi, agus ní raibh sí ar a fód dúchais féin ó 2002, agus í ag tnúth lena muintir a fheiceáil dá bhrí sin. Bhí bac taistil uirthi áfach, mar ní ligfeadh a fear céile don iníon dul ann ina teannta. Mhínigh sí a a bhuartha is a bhí sí mura gcuirfí an iníon faoina coimeád féin amháin go bhféadfadh a

fear an iníon a thógáil uathí le linn di a bheith as baile agus iachall a chur uirthi fanacht. Ní fhaca an fear a iníon ó 2003 nuair a fuair sí ordú slándála ina aghaidh de bharr foréigean a bheith á dhéanamh aige uirthi. Cuireadh a fear thar tír amach in 2004. Ba de dheoin an Bhreithimh Buttimer an páiste a chur faoi choimeád aici féin amháin. D’ordaigh sí dícheall mór a dhéanamh le scéal an ordaithe a chur ar a shúile don fhear agus thug sí cead dósan iarratas a dhéanamh.

Caithfear cás an FSS 'a thabhairt ar ais chun cúirte i gcomhair a athbhreithnithe'

I gcúirt de chuid dhlí an teaghlaigh san iarthar, bhí sé chás ann don **Bhreitheamh Conal Gibbons**. Cuireadh péire díobh ar atráth agus rinne na páirtithe comhaontú i gcás eile díobh

Bhí cás faoin mBreitheamh Conal Gibbons a bhain le coimeádaí ad litem agus is iad na dlíodóirí a chuir an cás faoi réir in éagmais an dá phairtí a bhí luaite leis. Maidir leis an mír a bhí á hathbhreithniú, bhain sí le páiste a bhí faoi chúram an FSS ar feadh dhá bhliain roimhe sin.

Bhí tuarascáil de dhíth ar an mbreitheamh ach gan í ar fáil: chuir sé an éisteacht ar atráth go dtí an 1ú Bealtaine dá bhrí sin. Bhí an tuarascáil le hathbhreithniú tar éis don Breitheamh John O'Neill ordú a dhéanamh ar an 1ú Márta 2006.

“Ní ceart duit é a riar mar sin,” arsa an Breitheamh Gibbons leis an dlíodóir. “Ó tharla baint imeallach agam féin leis seo feasta, ní dhéanfaidh mé ach aon ordú amháin. Tá an plean cúraim sa chúirt. Is é mo thuairim féin, an dáta a mbeidh an páiste 16, má tá sé fós faoi chúram, ó tharla Alt 45 den Acht um Chúram Leanaí, gur cheart an cás a thabhairt ar ais chun na cúirte, agus is mithid don FSS an t-iarchúram a sholáthar. Sin le rá go dtitfidh crann na discríde ar an FSS. Ní théann an t-ordú thar cúirt amach riamh. Ba cheart plean iarchúraim a thaispeáint don chúirt ionas gur féidir féachaint air.”

Dúirt an Breitheamh Gibbons gurbh éard ab fheidhm don obair seo tuairimí a lorg féachaint an bunrud riachtanach a bhí ann: “Is mian liom go gcuirfí scéal chuig an FSS. Teastaíonn uaim go ndéanfar athiontráil ar an gcás le tagairt a dhéanamh dó.” I bhfocail eile, luafaí an cás sa chúirt arís ar mhaithe lena choinneáil ar an liosta agus de réir

Tuairisc na Cúirte

na gcúinsí chuirfí ar atráth arís é le lua nó shocrófaí dáta nua éisteachta faoina choinne.

Scrúdaigh an Breitheamh Gibbons comhad a bhain leis an bpáiste a bheadh 18 bliana i 2023. Dúirt sé gur cheart dá bhrí sin athbhreithniú ar an gcás dhá bhliain roimh 18ú lá breithe an pháiste nuair a bheadh sé 16. Ba cheart an t-athbhreithniú a dhéanamh le tuarascálacha, agus dúirt sé leis an gcúirt a thábhachtaí a bhí sé gur le dearcadh an pháiste a dhéanfaí an t-athbhreithniú. “Caithfidimid cloí leis sin,” ar sé.

Chuir an Breitheamh Gibbons an cás ar atráth go dtí 2021. “Dar le cuid de na daoine gur díol iontais atá ansin, ach tá réasún ag baint leis, agus ta sé de réir McDonald v Bord Sláinte an Oirthir. Is sciath atá ann ní hionann agus claíomh, mar sin molfaidh mise go mbeidh soláthar iarchúraim ann pé uair a bheidh suí na cúirte ann tar éis 16ú lá breithe an pháiste...,” ar sé. Cuireadh an cás ar atráth go dtí an 1ú Bealtaine. Dúirt dlíodóir FSS gur tuarascáil thar a bheith cuimsitheach a bhí ann a raibh tuairiscí siciatracha san áireamh ann.

Bhí iarratas ann a bhain le cúrsaí cothabhála áit ar cluineadh don bhreitheamh go raibh ordú ann cheana do bheirt iníon na

‘Níl de dheacracht agam ach go bhfuilim dall ar an rud is acmhainn dó. Is deacair ordú a dhéanamh dá éagmais’

lánúine agus dá réir sin bhí €32 sa tseachtain á fháil ag an máthair in aghaidh an pháiste cé nach raibh spleách uirthi ach duine acu. Ní raibh an t-athair sa chúirt. Ba é argóint na máthar nár leor an tsuim airgid sin do chailín sna déaga. Níor deineadh iarratas ar bith leis an airgead cothabhála a athnuachan ó cuireadh tús leis in 2000.

Bhí an mháthair gan obair. B' éigean di éirí as mar bhí taomanna uirthi agus anois bhí liúntas míchumais luach €263 á fháil aici. D'fhiafraigh an breitheamh cén fáth nár tháinig an t-athair ach ní raibh freagra na ceiste sin ag duine ar bith dó. Is obair tiománaí a bhí ar an athair, agus bhí dlíodóirí éagsúla aige ag cur ar a shon san am a bhí caite. Tugadh dóthain fógra dó go mbeifí ag éisteacht an iarratais.

Dúirt an mháthair nach raibh idir a háit féin agus áit an athar ach trí nó cheithre dhoras. Bhí sé in aontíos lena phairtí, bean a rug triúr clainne dó, iad ar fad faoi bhun seacht mbliana d'aois. Níor ghnách leis ceachtar dá bheirt iníon féin a fheiceáil riamh. “D'imigh sé ó chaint uathu. Ní thabharfaidh sé airgead ar bith dóibh. Is éard a dúirt sé aimsir na Nollag go raibh siad rómhór le bronntanais a fháil,” ar sí.

B'iondúil go bhfeiceadh sé iad ar an Satharn, ach d'éirigh an duine ba shine as an gcuart, mar is go teach a mháthar a thugadh

sé iad, áit a mbíodh an triúr óg aige chomh maith. Ní raibh de thoradh air sin ach go raibh cúram lán na clainne díobh ar a hiníon féin. Stop sé ag íoc an airgid chothabhála i Meán Fómhair 2007. Tugann sí airgead dá clann iníon ar a gcuid guthán, ar bhia sciob sceab, chomh maith le hairgead gruaige agus éadaigh. “Bíonn faisean ag teastáil ó chailíní óga. Caithfidh tú cuidiú leo,” arsa an Breitheamh Gibbons.

Is éard a dúirt sé agus é ag socrú luach an airgid chothabhála: Níl de dheacracht agam ach go bhfuilim dall ar an rud is acmhainn dó. Is deacair ordú a dhéanamh dá éagmais.” Is éard a dúirt dlíodóir na máthar: “Ní bhíodh fadhb ar bith aige €60 a íoc go dtí Meán Fómhair.”

Deonaíodh €55 in aghaidh na seachtaine don mháthair ón mbreitheamh agus is éard a mheas sé go raibh fiacha troma ar an athair de bharr sealúchais a bhí ceannaithe aige. D'ordaigh sé an íocaíocht a bhaint as na costais. Is leis an máthair a rinne sé dámhadh na gcostas freisin.

I gcás eile, thug athair buachalla 16 bliana an mháthair ar ais chun na cúirte le hathrú a chur ar ordú cothabhála. Dhiúltaigh an t-athair tuilleadh airgid chothabhála a íoc mar bhí a mhac in inmhe fir. “Is 18 atá ann,” arsa an Breitheamh Gibbons. “Caithfidh tú coinneáil ort ag íoc nó go mbeidh sé

18.” Bhí an t-athair ag íoc €32 in aghaidh na seachtaine i dtreo an mhic. Ní raibh an mac ar scoil. “Is trua gan é ar scoil,” arsa an Breitheamh Gibbons. “Mura dtéann oideachas de chineál éigin air anois beidh sé i dtrioblóid mhór.” D’fhreagair an t-athair: “Sea, ba mhaith liom foghlaim air. Is é a leas é.”

Dúirt an mháthair go raibh an mac an déanamh scéime de chuid FÁS le léamh agus scríobh a fhoghlaim. Roimhe seo, is le comhlacht carraerachta in éineacht lena athair a bhí sé ag obair. Dúirt an breitheamh: “Dá mbeadh an traenáil cheart air, d’fhéadfadh sé dul leis an gcarraeracht.” D’aontaigh an t-athair le tús a chur arís lena chuid íocaíochtaí, agus is éard a dúirt sé: “Tabharfaidh mé airgead tirim dó mura bhfanann sé ar an leaba ar feadh an lae.”

Is cás a bhain le hordú urchoisc a bhí faoi bhráid an Bhreithimh Gibbons i gCúirt Dúiche Bhéal Átha na Sluaighe i ndeireadh lae agus is le dea-thoil na bpáirtithe a socraíodh an cás.

Ní raibh an t-iarratasóir mná céile i láthair na cúirte agus b’éigean an Garda a chur chuig a teach cónaithe á hiarraidh. Labhair aturnae ar a son agus ghlac leithscéal faoi i

a bheith as láthair. Ghéill an fear céile don ordú urchoisc. An drochíde a bhí i gceist, is íde béil a bhí ann ó thús deireadh. Dúirt an Breitheamh Gibbons: “Nuair a bhíonn braon ar bord agat, cuirfidh sé díth chéille ort, agus ní choinneoidh tú guaim ar bith ort féin.” Dúirt sé lena chois sin: “Nuair a bhíonn ordú slándála ann, má dhéanann tú rud éigin agus má dhéanann do bhean clamhsán, tig leis na gardaí thú a ghabháil agus teacht sa mhullach ort faoi Alt 17 (1) den Acht um Fhoréigean Baile. Seo claiómh a bhfuil an dá fhaobhar air. Beidh coir déanta agat agus ordú cúirte sáráithe agat. Rud amháin nach maith leis na cúirteanna sin sárú ar ordú cúirte.”

“Le deich mbliana anuas, mharaigh 160 duine a chéile i saol an phósta” arsa an Breitheamh Gibbons. “Táim sásta agus tuigim an cás,” arsa an fear céile. “Tá súil agam go mbeidh dea-thoradh air seo don bheirt agaibh agus nach mbeidh aon chall daoibh mise a fheiceáil,” arsa an breitheamh leis an lánúin.

Dúirt an t-aturnae go raibh an fear céile ag déanamh a dhíchill le feabhas a chur ar a chuid iompair. “Éireoidh mé as an ól feasta,” arsa an fear céile.” “Maith thú. Go n-éirí go geal libh beirt,” arsa an breitheamh.

I mBeagán Focal

Deonaíodh colscaradh de chuid na hÉireann don lánúin

Tháinig lánúin i láthair an Bhreithimh Oliver Buttimer ar an gCuaird Thoir Theas. Phós siad i 1975 agus scar siad ó chéile ceithre bliana dar gcionn. Bhí siad gan mhuirín. Chuir an fear céile aithne ar chara mná eile ina dhiaidh sin, agus d’iarr sé colscaradh sa Ríocht Aontaithe i 1989 óna bhean mar níorbh fhéidir sin in Éirinn ag an am.

Le linn dó a bheith ina chónaí in Éirinn, bhí lagcheangal aige leis an Ríocht Aontaithe, ach is in Éirinn a bhí an bunchónaí air agus is amhlaidh an scéal fós.

I dtús na nóchaidí, chuir sé roimhe a pháirtí nua a athphósadh i dTuaisceart Éireann. Idir an dá linn, bualadh ise tinn, agus ba mhian leo a gcumann a thabhairt chun rialtachta sa limistéar seo agus theastaigh colscaradh de chuid na hÉireann uathu. Ba mhian leis an t-ábhar mná a bhí aige a athphósadh sa limistéar seo “chomh luath agus ab fhéidir.”

Dúirt an Breitheamh Buttimer go raibh an chéad cholscaradh gan dlisteanas sa limistéar seo agus dá réir sin dheonaigh sé colscaradh dó faoi Alt 5(1) den Acht um an Dlí Teaghlaigh 1995.

Filleadh ar an Laitvia do leanbh a fuadaíodh, ‘Ní hé a hathair é’

Míniú ar an réasúnaíocht a bhain le breith **An Bhreithimh Onóraigh Garrett Sheehan** i gcás a pléadh faoi théarmaí Choinbhinsiún na Háige

Bhí nasc mór agus ceangal láidir ag an bpáiste leis an áit seo, agus chuirfí dá buille í dá mbeadh uirthi aistriú, arsa an síceolaí

Faoi Choinbhinsiún na Háige, d’iarr athair athghabháil a iníne darb aois 10 mbliana. Thug an mháthair go hÉirinn í as an Laitvia. Bhí colscaradh ag na tuismitheoirí, agus le linn dóibh a bheith pósta bhí na cearta céanna acu ar choimeád an pháiste de réir dhlí na Laitvia. Ón am a fuadaíodh an páiste, bhí ordú ar choimeád iomlán faighte ag an athair, rud a bhí sé le cur ar fionraí ach a dtabharfaí an cailín ar ais fad a bheifí ag fanacht le héisteacht iomlán sa Laitvia. Is faoi Shamhain na bliana 2004 a tháinig an mháthair go hÉirinn. D’fhill sí abhaile ar feadh tamaill bhig ansin, agus tháinig ar ais go Baile Átha Cliath i mí na Nollag 2005 áit a raibh cónaí orthu ó shin i leith.

I mí Lúnasa 2006, chuir an t-athair iarratas foirmiúil faoi bhráid Lárúdarás an Gharda Síochána le go dtabharfaí a iníon ar ais. Thug sin Airteagal 12 den choinbhinsiún i gceist. Thug an mháthair cluais bhodhar ar an iarratas. Ar an 13ú de mhí na Nollag, d’ordaigh An Breitheamh Mary-Finlay-Geoghegan go gcuirfí an páiste ar ais go dtí an Laitvia, ach níor géilleadh don ordú seo ná do roinnt orduithe eile ina dhiaidh sin. Sa deireadh thiar, i mí Dheireadh Fómhair 2007, stop an mháthair den díspeagadh cúirte agus d’inis sí don saol cá háit a raibh a hiníon.

Maíodh ar son an chailín nár cloíodh le Rialachán na Bruiséile IIR Airteagal 11(2) - rud a thugann cead cainte don pháiste féin.

Ghlac an Breitheamh Finlay-Geoghegan leis go rabhtas gan chloí leis, ach dúirt sí dá mbeadh athéisteacht ann nach bhféadfadh an freagraí cosaint nua ar bith a bheartú, agus nár bhféidir iontaoibh a chur sna rudaí a thit amach i ndiaidh mhí na Nollag 2006.

Chuir síceolaí darb ainm Edward Hogan agallamh ar an bpáiste, agus is éard a dúirt sé leis an gcúirt nach raibh mairg uirthi ach gur chailín éirimiúil, suaimhneach a bhí inti agus an Béarla ar a toil aici. Is le teann brí agus

ciócrais a labhair sí ar a cuid scolaíochta. Bhí inní uirthi go mb’fhéidir go raibh dearmad déanta uirthi ag a cuid cairde sa Laitvia. Thug sí le fios go soiléir nár mhian léi fillleadh ar an Laitvia agus ba chuimhin léi a muintir ag argóint le chéile go nimhneach. Bhí dúchas na Laitvia agus grá a hathar inti go láidir. Dúirt an tUasal Hogan go raibh slánéirim agus úrbheocht ina cuid freagraí, rud a thug le fios nach athrá ar chaint a brúdh uirthi a bhí á dhéanamh aici beag ná mór. Ba chosúil gurbh í an argóint sa Laitvia an chúis dhiúltach ba mhó le col a bheith aici leis an bhfillleadh ar an tír. Ba é feabhas an tsaoil in Éirinn an chúis dhearfach ba mhó leis an mian chun fanacht. Dúirt sé chomh maith nár chúis bhróin di gan a hathair a fheiceáil

agus sin rud a chuir inní ar an Uasal Hogan. D'fhéadfaí sin a chur ina cheart, dar leis, ach cead rochtana le feitheoireacht a bheith ann dá dtiocfadh an t-athair go hÉirinn.

Nuair a bhí an croscheistiú ann, dúirt an tUasal Hogan nárbh eol dó ceist fillte an pháiste ar choimeád iomlán a hathar a bheith as an áireamh. Seo rud a chuirfí ar fionraí fad a bheifí ag fanacht le héisteacht iomlán sa Laitvia. Ghlac sé leis nárbh ann don bhaol go mbeadh sí i láthair agus tuilleadh argóna á déanamh ag a muintir arae bhí colscaradh acu.

Bhí nasc mór agus ceangal láidir ag an bpáiste leis an áit seo, agus chuirfí dá buille í dá mbeadh uirthi aistriú, ar sé. D'aontaigh sé leis an tuairim nach rud cuí a bhí sa bhfillteadh tobann (laistigh de roinnt seachtainí) sa chás seo faoi mar atá cur síos air i gCoinbhinsiún na Háige.

Is é argóint a bhí ag freagraí na máthar go bhfuil tús áite i gCoinbhinsiún na Háige ag an bhfillteadh tobann ar an ngnáthionad cónaithe nó is ann ab fhearr cinneadh a dhéanamh faoi leas an pháiste. Chuir Rialachán Comhairle an Bhruiséil IIR athrú air seo. Faoi Airteagal 11(6), dá ndiúltódh an breitheamh an t-ordú fillte, chaithfí cóip den ordú a thabhairt do na cúirteanna sa Laitvia. Laistigh de thrí mhí, ach iarratas a fháil ó cheachtar den dá phairtí, d'fhéadfadh na cúirteanna sin an t-ordú sin a fhéachaint, agus idir rochtain agus choimeád a ordú, rud a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm faoi Choinbhinsiún na Háige.

Chomh maith leis sin, chuir IIR an Bhruiséil éigean agus iachall ar

an gcúirt dearcadh an pháiste a chur san áireamh. Maidir leis an bpáiste sa chás seo, bhí cúrsaí eile ann a bhain leis. Má bhí toirmeasc ar an bhfreagraí cosaint a bheartú mar gheall ar an ordú a thug an Ard-Chúirt roimhe sin, cé a bheartódh an chosaint ar son an pháiste? An ceart a bhí aici a dearcadh féin a chur á chloisteáil, ba rud ar leith é sin seachas cosaint ar bith a chuirfeadh an freagraí tuismitheora i láthair. Dá gcuirfeadh an páiste in aghaidh fillteadh ar ais, ba de cheart na discrétide gan aon amhras gan an fillteadh a cheadú. Chaithfí aird a thabhairt ar an bhfeidhm a bhí leis an gcoinbhinsiún. Is é cuspóir a bhí ann an páiste a chur ar ais go tobann go dtí ionad an ghnáthchónaithe ionas go bhféadfaí scéal a coimeáda agus cúrsaí a leasa a shocrú. Is beag tábhacht a

bhí le beartas an choinbhinsiúin mura

bhféadfaí a phríomhchuspóir a chomhlíonadh. Bhí an páiste in Éirinn ó Shamhain 2004 cé is moite de cheithre mhí. B'fhéidir go bhfeilfeadh sé don mháthair dá bhfanfadh an páiste anseo, ach ní hí sin an cheist a bhí ann. Bhí go leor ama caite ag an bpáiste anseo, agus chaithfí scrúdú a dhéanamh ar an mífhonn a bhí uirthi fillteadh ar an Laitvia. Níor cuireadh iarratas an athar isteach ach tar éis ocht mí. Agus mura gcuirfí an páiste ar ais, bheadh éisteacht ann sa Laitvia áit a bhféadfaí cúrsaí coimeáda a chur á scrúdú. Ba é leas an pháiste gur rud ar fónamh di anseo

Dá mba de threoir na cúirte an páiste a chur ar ais, b'ionann sin agus ligean don fhóram cuí déileáil le leas an pháiste, is é sin cúirteanna na Laitvia

timpeallacht a muintire féin agus a cuid cairde.

Mhaígh an t-athair nár mhór Coinbhinsiún na Háige a chur san áireamh. Maidir leis na cuspóirí a bhí ann - páistí a chosaint ar an gcoimeád nó ar an aistriú éagórach - tharlódh gan ach an dara tábhacht leo sin agus an chéad tábhacht le dearcadh an pháiste féin. Cuireadh tús leis na himeachtaí laistigh den chlár ama 12 mhí faoi mar ba ghá. Faoi Choinbhinsiún na Háige, bhí doras na discréide á oscailt. Baineadh cead iarrtha cosanta den mháthair. Fiú dá rachadh na himeachtaí thar bhliain ní bheadh ann ach ceist discréide gan an páiste a chur ar ais. Ní raibh i gceist leis an gcosaint ach an freagraí.

D'eisigh an mháthair rún ar an 20ú Meán Fómhair, 2007 ag iarraidh agallaimh leis an bpáiste agus le coimeádaí ad litem a cheapadh le labhairt ar son an pháiste. Caitheadh an rún sin i dtraipisí. Ní fhéadfadh an mháthair an chosaint seo a athsheoladh feasta agus foireann nua dlí a cheapadh le haghaidh an pháiste. Bhí sé de chúram ar an gcúirt deimhin a dhéanamh de nach gcuirfí ualach rómhór ar an bpáiste. Ní d'acmhainn páiste ó thaobh na síceolaíochta rogha a dhéanamh idir an bheirt tuismitheoirí.

Rinneadh an argóint gur thug an mháthair cluais bhodhar do na himeachtaí ar fad go dtí gur tugadh os comhair na gcúirteanna í dá hainneoin. Ní bheadh caidreamh ar bith aici leis na cúirteanna sa Laitvia mura dtabharfaí an páiste ar ais. Cén leas a bhainfeadh an páiste as seo? Dá mba de threoir na cúirte an páiste a chur ar ais, b'ionann sin agus ligean don fhóram cuí déileáil le leas an pháiste, is é sin cúirteanna na Laitvia.

Faoi Airteagal 11(2) de IIR na Bruiséile, chaithfeadh an chúirt a bheith cinnte gur chuir an páiste in aghaidh an ordaithe lena cur ar ais. Ba léir in eolaíocht an dlí nár mhór léargas anseo ar rud a dhéanfadh aimhleas an pháiste. Ní raibh aon ní mídheas sna líomhaintí a bhí ann in aghaidh an athar. Bhí colsaradh ag a muintir agus dá bhrí sin bhí deireadh leis na hargóintí. Má chreid an chúirt go raibh tromchúis ar leith ann a chreimfeadh leas an pháiste, d'fhéadfaí sin a chur san áireamh. Chuirfí an páiste ar ais go limistéar na Laitvia, ní chuig a hathair.

Bhí deacracht ann seoladh na máthar a aimsiú le fios a chur uirthi. B'éigean fios a chur ar Bhiúró an Gharda Síochána um Dhaoine ar Iarraidh agus ar an Lárúdarás chomh maith. Sin é ba chúis le tamall moille.

I mBeagán Focal

Is costasach an obair tógáil clainne

Ar an gCuáirt Thuaidh, bhí iarratas ar cholscaradh agus gan éinne ina aghaidh, agus chuir an Breitheamh John O'Hagan leasú ar na tearmaí a bhí aontaithe ag na páirtithe. Bhí beirt chlainne ann dár bh aois a 14 agus a 12 agus iad spleách ar a muintir.

Bhí lóistin ar cíos ag an dá pháirtí. Ba dhífhostaithe don fhear céile a bhí ag déanamh an iarratais. Is é socrú a rinne an lánúin eatarthu féin gur faoi choimeád na mná agus fúithisean amháin a bheadh na páistí, agus solúbthacht sa chead rochtana

a bheadh ag an bhfear. Ní raibh ordú cothabhála ar bith á lorg. Is éard a dúirt an Breitheamh leis an lánúin: “Is dóigh liom gur cheart dom ordú a dhéanamh a thabharfaidh de shaoirse do cheachtar den dá pháirtí iarratas a dhéanamh má fhaigheann fear an iarratais obair. Is costasach an obair tógáil clainne.” Leasaigh an breitheamh na tearmaí dá réir sin.

Is mar seo a leanas an fhoclaíocht feasta: “níl aon airgead cothabhála i gceist i láthair na huaire.”

Lánúin míshásta faoi sháruithe ar chomhaontú

Ar na 15 ábhar déag roimh an mBreitheamh John O’Hagan ar Chuaird an Tuaiscirt cuireadh cúig cinn ar atráth ag an tús, éisteadh seacht gcinn agus níor srioceadh trí cinn

D’éist an Breitheamh John O’Hagan iarratas ó bhean idirscartha ar theastaigh uaithe a himeachtaí a iontráil arís. Fuair an lánúin idirscaradh breithiúnach i mí Iúil 2005; deonaíodh é ar théarmaí a d’aontaigh agus a shínigh an bheirt. Ag an am sin ní raibh an bhean, is é sin an t-iarratasóir, ag obair lasmuigh den bhaile agus bhí a ghnó féin á bhainistiú ag a fear céile agus bhí ceathrar fostaithe aige. Bhí triúr leanaí acu agus bhí cúig bliana déag slánaithe ag an leanbh is sine. Tráth an idirscartha d’aistrigh an fear céile a leas in áras an teaghlaigh chuig a bhean ar €30,000. Ag an am bhí €11,500 fós le híoc ar mhorgáiste an tí, agus bhí luach €280,000 ar an teach féin. Fuair a bhean chéile airgead ar iasacht óna tuismitheoirí chun an chuid eile den mhorgáiste a íoc agus cnapshuim le híoc lena fear céile.

Bhí an bheirt pháirtithe míshásta faoi sháruithe ar théarmaí an toilithe sa chomhaontú idirscartha. Dúirt an bhean chéile gur aontaigh a fear céile claonchothú €400 a íoc in aghaidh na seachtaine, sin ioncam €100 do gach leanbh agus ioncam €100 di féin. Bhí sé sin le hailíniú leis an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí. Rinne an bhean gearán nár méadaíodh an tsuim sin riamh agus gur theip ar a fear céile dhá íocaíocht a dhéanamh le déanaí.

Rinne an fear céile gearán gur aontaigh a bhean chéile comhchuntas a aistriú ina ainm féin amháin. Ní hamháin nach ndearna sí é sin ach lean sí uirthi ag aistarraingt airgid ón gcuntas.

Bhí comhaontú idir an lánúin go dtabharfadh an bhean chéile liosta de

riachtanais scoile na leanaí, leabharliosta agus riachtanais éide scoile don fhear céile agus go soláthródh sé iad. Bhí an bhean chéile míshásta faoi seo, dúirt sí gur cheannaigh sé na leabhair mhíchearta agus éadaí den toise mícheart. Dúirt sí go mbeadh sé níos praiticiúla di gach rud a cheannach agus admhálacha a thabhairt dó. Rinne sí é seo an uair dheireanach agus dúirt sé léi go raibh an comhaontú á shárú aici dá bharr.

Maidir le gearán a mhná céile dúirt an fear céile gur bhotún de chuid a bhainc í an íocaíocht sin nach ndearnadh agus gur thug sé ordú poist dá bhean ina hionad chun an scéal a leigheas. Dúirt sé gur theastaigh uaidh go laghdófaí an claonchothú €100 toisc go raibh an bhean chéile ag obair anois agus toisc nach raibh ar a chumas an leibhéal íocaíochta sin a dhéanamh a thuilleadh. Cheannaigh sé teach le ceithre sheomra leapa agus bhí sé ar a chumas lóistín oiriúnach a chur ar fáil nuair a thiocfadh a leanaí ar cuairt chuige. Bhí na rátaí úis ag ardú agus b’ionann a aisíocíochtaí agus €1,690 in aghaidh na míosa. I gcodarsnacht leis sin ní raibh aon mhorgáiste ag a bhean chéile. Bhí sí fostaithe ar scéim FÁS agus thuill sí €194 in aghaidh na seachtaine. Bhí liúntas linbh de €515 in aghaidh na míosa á fháil aici agus bhí sí ag fáil €400 óna fear céile.

Chuir abhcóide na mná céile in iúil don fhear céile go raibh ordú cúirte ar an gclaonchothú. Dúirt sé: “Cheannaigh tú teach scoite le ceithre sheomra leapa ann. Is teach breá é nach ea? Toisc gur chinn tú maireachtáil ar an gcaighdeán sin, níl ar do chumas an tsuim a gheall tú a íoc.”

Dúirt an fear céile gur gnáth-theach é, gur

‘Ní theastaíonn uaim go mbreathnófaí orm díreach mar bhanc. D’iarr na leanaí orm cén fáth nach gceannaím aon rud, agus cén fath go mbíonn ar a máthair gach rud a cheannach’

fhág sé teach breá agus go ndúradh leis go bhféadfadh sé na leanaí a bheith aige thar oíche dá mbeadh lóistín oiriúnach aige. Dúirt an breitheamh go bhfaca sé an scéal sin, an t-easpa lóistín oiriúnach in úsáid arís agus arís i gcoinne na bhfearchéile a lorgaíonn rochtain thar oíche lena leanaí.

D’fhiafraigh abhcóide na mná céile cén luach a bhí ar an teach, agus nuair dúradh leis go raibh luach €250,00 ar an teach, dúirt sé: “breág é sin amach is amach. Tá sé níos gaire do €450,00.”

Dúirt an fear céile gur cheannaigh sé an teach ar €285,000 agus go raibh daoine de shíor ag meabhrú dó go raibh luach tithe ag titim agus an t-am ar fad.

Dúirt an t-abhcóide: “Bhuel cheannóinn uait inniu é ar an bpraghas sin.”

Chuir an t-abhcóide ceisteanna air faoina ghnó: “Chífidimid an mbeidh ar ár gcumas an fhírinne a bhaint asat i ndáil leis sin.” Níor aontaigh sé le tuillimh an fhir chéile a luadh ar an P60, d’iarr sé air cé a bhí freagrach as é a líonadh isteach. D’fhiafraigh sé den fhear céile an bhfuair sé airgead tirim mar íocaíocht ar obair. Nuair a dúradh leis nach bhfuair, léirigh sé a iontas. D’iarr an breitheamh ar an abhcóide cibé an raibh sé chun dul taobh thiar den P60 agus nuair a chuir an t-abhcóide in iúil go raibh sé chun é sin a dhéanamh, d’fhiafraigh an breitheamh de cibé an ndearna sé gearán leis na Coimisinéirí Cáin Ioncaim. Ba é freagra an abhcóide: “Ní dhearna fós.”

Dúirt abhcóide de chuid an fhir chéile gur soláthraíodh cuntais an ghnó ag dul siar ar feadh trí bliana tráth an idirscartha breithiúnaigh. Ní raibh an t-airgead sna cuntais seo ar fáil don fhearchéile le haistarraingt aon am ar mhian leis é.

An sin d’fhiafraigh sé den bhean chéile faoi fheabhsaithe ar an teach agus an carr nua a ceannaíodh. Dúirt an bhean gur cuireadh fuinneoga nua isteach, gur cuireadh peint úr at an teach agus gur cuireadh tarra ar an mbealach isteach. Chosain an carr nua €12,500 agus ceannaíodh é “ar mhaithe le sábháilteacht na leanaí.” Dúirt an t-abhcóide:

“Níl tú chomh gann ar airgid is a deir tú.”

Dúirt abhcóide na mná céile gur ullmhaigh a chliant scairbhileog ag sonrú na costais uile a bhain leis na leanaí. Dúirt sé:

“Measaim go rachaidh sé seo i bhfeidhm ort, a Bhreithimh.” Imlíníodh ar an liosta na costais ar bhia, ar éadaí agus tugadh liosta cuimsitheach de ghníomhaíochtaí na leanaí, lena n-áirítear, ranganna giotáir, drumaí, drámaíocht, dornálaíocht, cichdornálaíocht, peil ghealach, sacair, ranganna príobháideacha, agus gasóga. Chosain sé €703.06 san iomlán in aghaidh na seachtaine. Dúirt an bhean chéile nach bhféadfadh sí é a bhainistiú: “Caithim bille amháin a ligean i ndearmad leis an gceann eile a íoc.”

Bheadh costais eile ag teacht aníos i rith na bliana do turais leis na gasóga, agus ortadóntaic. Nuair a ceistíodh í faoi bhronntannais Nollag do na leanaí, dúirt sí gur thug a fearchéile €500 di.

D’fhiafraigh abhcóide an fhir chéile de cén fáth a raibh sé chomh tábhachtach dó go gcloífi leis an téarma bunaidh sin maidir leis na riachtanais scoile, dúirt sé: “Is deas an rud é a bheith páirteach ina saol. Níorbh eol dom riamh na gníomhaíochtaí ina raibh siad páirteach ann. Ní theastaíonn uaim go mbreathnófaí orm díreach mar bhanc. D’iarr na leanaí orm cén fáth nach gceannaím aon rud dóibh agus cén fáth go mbíonn ar a máthair gach rud a cheannach.”

Maidir leis an gcomh-chuntas dúirt abhcóide na mná céile nach raibh aon fhadb ann é a aistriú chuig an bhfearchéile. Dearnad a bhí ann.

Dúirt abhcóide an fhir chéile chomh maith gur theastaigh óna chliant an socrú athrú maidir leis an gcomh-pholasaí árachas saoil a thóg a cliant amach mar chuid den chomhaontú idirscartha. Bhí sé treoirnasctha agus chosain sé €209 in aghaidh na míosa. Theastaigh uaidh an polsaí a athrú sa chaoi is nach mbeadh faoi árachas ach a shaol féin. Nuair a dúradh leis nach bhfaigheadh sé aon rud dá bhfaigheadh a bhean bás roimhe, dúirt sé gur ghlac sé leis sin.

Dúirt an breitheamh go mbeadh sé tábhachtach dóibh bogadh ar aghaidh, agus

más amhlaidh go bhfuair duine amháin sóchmhainn luachmhar i gcolscaradh nó in idirscaradh, go raibh sé tábhachtach í a úsáid. Dúirt sé: “Ní féidir leat a bheith ag súil go soláthródh duine amháin an t-airgead go léir, go mór mór má chuireann tú an milleán ar an duine sin.” Dúirt sé chomh maith go raibh an deis ann dóibh níos lú a chaitheamh dá mbeadh gá leis, agus go raibh teorann le maoin an uile duine.

D’athraigh sé an bunordú ionnas go bhféadfadh an banchéile na leanaí a thabhairt léi ag siopadóireacht chun éidí scoile nua a cheannach agus d’fhéadfadh sí na hadmhálacha a thabhairt don fhear céile. Ach go mbeadh ar an bhfear céile na leanaí a thabhairt leis chun leabhair agus staiseanóireacht a cheannach. Dúirt sé gur

cheart don fhear céile féachaint ar pholasaí árachais saoil nua agus a shaol féin amháin a chur faoi árachas. Threoirigh sé go n-íocfaí an t-arachas ar an leibhéal reatha ach go gcuirfí moilliú ar an CPI agus go raibh ar an bhfearchéile riaráistí na míosa a íoc.

Leanfadh an socrú seo go dtí dáta an chéad dáta tuarisceáin eile agus ag an bpointe sin theastaigh uaidh luachálacha ar thithe na bpáirtithe faoi seach a fheiceáil agus theastaigh uaidh cuntas gnó an fhir chéile a fheiceáil. Toisc gur ardaigh costas an pholsaí árachais rinne sé neamhní den easpa CPI a íocadh ar an gclaonchothú agus coinníodh an bhean chéile cosanta an t-am ar fad.

Chuir sé an t-ábhar ar atráth go dtí an chéad téarma eile dlí, gan aon ordú a dhéanamh ar chostais.

Baineadh rochtain athar ar a leanaí go sealadach

Lorg bean chéile ordú cosanta/urchoise - ar feitheamh ar éiseacht iomlán na n-imeachtaí - roimh an mBreitheamh James O’Donoghue ar Chuaird an Iardheiscirt. Chomh maith leis sin theastaigh uaidh cosc a chur le rochtain a fir chéile ar na leanaí san tréimhse eatramhach.

Bhí beirt leanaí cleithiúnacha ag an lánúin, náisiúnach Eorpach í an bhean chéile agus Éireannach é an fear céile a bhí pósta lena chéile ar feadh cúpla bliain. Dúirt an bhean chéile go raibh baint ag an FSS agus ag na Gardaí Síochána le cúinsí inar líomhain duine de hiníonacha óga gur bhain an fear céile mí-úsáid gnéis aisti. D’fhéadfadh go mbeadh líomhain den sórt sin á dhéanamh ag iníon ó phósadh roimhe sin.

Chuaigh an bhean chéile chuig an gCúirt Chuarda ar dtús, ach dhiúltaigh sí dlínse san ábhar. Faoi láthair, tá na leanaí ar an mór-roinn lena a clann ar saoire a eagraíodh

roimhe ré. Shéan abhcóide an fhir chéile go raibh sé sin amhlaidh agus dúirt sé gur chuir sé iontas air gur tógadh na leanaí amach as an tír. Ní raibh na leanaí tugtha ar ais chuig an ndlínse seo go fóill aici. Nuair a chuala an breitheamh go raibh na leanaí thar lear go fóill, dúirt sé nach raibh an bhean chéile “i dteideal é sin a dhéanamh.”

Mhol a habhcóide don chúirt go ndéanfadh sí meas ar thuairisc an FSS sula chinnfí an t-ábhar agus d’aontaigh an breitheamh rochtain an athar a chur ar fionraí ar feitheamh ar inrochtaineacht na tuairisce. D’ordaigh sé go dtabharfaí na leanaí ar ais chuig an ndlínse seo ach gan a láthair nó láthair na máthar a chur in iúil don fhear céile. “Cuirfidh mé an t-ábhar ar atráth ar feadh seachtaine. Seans go mbeadh beagán ama de dhíth ar do chliant.”

Dhá lá ina dhiaidh sin tháinig aturnaí na mná céile isteach sa chúirt agus fuadar air,

‘Caithfidh mé an bhean seo agus na leanaí seo a chosaint. Táim ag déanamh an t-ordú seo - díreach cuir é in iúil don fhear sin’

agus lorg sé ordú cosanta níos láidre do thír dhúchais na mná céile. Dúirt sé gur thóg an fear céile eitilt díreach tar éis dó a bheith sa chúirt níos luaithe sa tseachtain agus go ndúirt sé le gaol go raibh sé chun an iníon a rinne na líomhaintí a fháil. Chuaigh gaol an fhir chéile i dteagmháil leis an mbean chéile agus d’inis sí an scéal sin di.

D’ordaigh an breitheamh nach mbeadh aon rochtain ag an bhfear céile ar na leanaí go dtí go bhfeicfeadh an chúirt tuairiscí an FSS agus ar feitheamh ar thoradh na n-ábhar coiriúla i gcoinne an fhir chéile maidir le

líomhaintí de mhí-úsáid gnéis.

“D’fhéadfadh sé a rá gur comhtharlú é. Déarfainn níos mó ná sin - go bhfuil sé ag iarraidh imeagla a chuir uirthi,” a dúirt an breitheamh. “Caithfidh mé an bhean seo agus na leanaí seo a chosaint. Táim ag déanamh an t-ordú seo - díreach cuir in iúil é don fhear sin. Má sháraíonn sé an t-ordú beidh iarmhairtí dáiríre ann.” Cuireadh an t-ábhar ar atráth go dtí an tseachtain ina dhiaidh sin agus faoin am sin bheadh na leanaí tugtha abhaile ag an mbean chéile agus bheadh an fear céile tagtha abhaile chomh maith.

Alcólach ainsealach 'ag cur amú acmhainní an phósta'

Ar Chuaird an Iardheiscirt, chuala an Breitheamh James O’Donoghue bean chéile ag déanamh iarratais ar ordú urchoise a choinneadh a fear céile amach ó áras an teaghlaigh ar feitheamh ar éisteacht a hiarratas chun a fearchéile a chos ó acmhainní an phósta a chaitheamh.

Pósadh an lánúin sa bhliain 1995 agus bhí triúr leanaí acu, agus tá siad ar fad cleithiúnach. Líomhain an banchéile gur alcólach ainsealach é a fearchéile agus go

raibh acmhainní an phósta á chaitheamh aige.

Lorg a habhcóide ordú chun é a coinneáil amach ó áras an teaghlaigh ar feitheamh ar an éisteacht.

Dúirt abhcóide an fhir chéile gur ghlac a

chliant leis go raibh deacrachtaí aige agus go ngeallfadh sé dá bhean agus don chúirt go bhféadfadh sé an áras an teaghlaigh faoin Aoine ina dhiaidh sin, ach d’impigh sé ar an gcúirt gan ordú a dhéanamh sna téarmaí sin. Dúirt abhcóide na mná céile arís go raibh an t-iarratasóir ag lorg ordú chun stop a chur le caitheamh acmhainní an phósta ar feitheamh ar an éisteacht. “Cathain a éistfear é? a d’fhiafraigh an breitheamh. “Tá an chosaint agus an frithéileamh arna chomhdú, a Bhreithimh, mar sin pé uair a bheidh an chéad dáta eile ar fáil,” a d’fhreagair abhcóide an fhir chéile.

“A Bhreithimh, comhdaíodh an Mhionscríbhinn Acmhainne ar maidin agus ní raibh deis ag an iarratasóir dul tríd go fóill,” a dúirt abhcóide na mná céile. “D’aistarraing an freagóir €16,000 ó bhí sé i láthair sa chúirt an Mháirt seo chaite,” a dúirt sé.

Cuireadh an t-ábhar ar atráth go dtí an tseachtain ina dhiaidh sin ionnas go bhféadfadh an bhean chéile scrúdú a dhéanamh ar an mhionscríbhinn acmhainne.

Fianaise tugtha ag aturnae ar son buachalla a mhothaíonn go bhfuil sé stróicthe idir a thuismitheoirí

Tháinig aturnae i láthair roimh an mBreitheamh Anthony Kennedy ar an gCúaird Lár Tíre chun a inmí maidir le buachaill áitiúil a chur in iúl. Tháinig an buachaill chuig a oifig agus é trína chéile faoina ghaol lena thuismitheoirí a bhí scartha óna chéile. Thug an t-atornae treoir don abhcóide maidir leis an ábhar agus chuig a dheirfiúr - aturnae cáilithe- sannadh an cás dóibh toisc gur mheas sé féin go raibh sé ró-bhainteach leis chun déileáil leis go gairmiúil.

Mhínigh an t-abhcóide gur scar tuismitheoirí an bhuachalla go cairdúil agus go ndéileálar le gach ábar le toiliú. Bhí cónaí ar an mbuachaill lena mháthair agus lena bheirt dheirfiúracha níos sine i gcónaí. Bhí 18 mbliana déag agus 16 bliana deag slánaithe ag na deirfiúracha agus bhí 14 bliana déag slánaithe ag an mbuachaill.

Dúirt an t-atornae gur tháinig an buachaill chuige agus go raibh sé an-chorraithe faoina shaol sa bhaile. Dúirt an buachaill leis gur mhothaigh sé go raibh sé stróicthe idir a thuismitheoirí agus gur theastaigh uaidh dul chun cónaithe lena athair go lánaimseartha toisc go raibh páirtí a mháthair tar éis bogadh isteach in áras an teaghlaigh. Dúirt an buachaill go raibh sé comh chorraithe go raibh drochéifeacht aige ar a obair scoile agus go raibh sé deacair air codladh a dhéanamh is t'óiche.

Dúirt an t-atornae go ndeachaigh sé i dteagmháil le teiripeoir teaghlaigh a dúirt leis go ndúirt an buachaill gur theastaigh uaidh gaol dearfach a choinneáil lena thuismitheoirí ach gur mhothaigh sé go raibh sé stróicthe eatarthu. Chuaigh an t-atornae i dteagmháil le

hathair an bhuachalla agus dúirt sé gur cheap sé go raibh an-bhrú ar an mbuachaill.

Dúirt an t-atornae go bhfuair máthair an bhuachalla amach mar gheall ar na cruinnithe agus na glaonna guthán lena mac agus gur bhagair sí baile altrama air mura gcuirfeadh sé stop leis an ábhar leis an aturnae. Níor theastaigh ón mbuachaill é sin a dhéanamh agus lean sé air ag casadh air ach d'iarr sé ar an aturnae a ligean air gur thug sé “an bóthar dó.” Chuir an buachaill in iúl gur mhothaigh sé go mbeadh sé níos sabháilte dá gcónódh sé lena athair ach nár theastaigh uaidh go mbeadh a fhios aige go raibh teagmháil aige leis an aturnae.

Mhínigh an t-atornae dó gur ábhar tábhachtach é a leas i súile na cúirte agus gur cóir go mbeadh sí ar an eolas faoi agus d'iarr sé ar an mbuachaill cibé ar theastaigh uaidh go dtabharfaí é chun na cúirte. D'aontaigh an buachaill le sin.

D'iarr an Breitheamh Kennedy ar an aturnae “Cad faoi a dheirfiúracha atá 16 bliana déag agus 18 mbliana déag?... nach bhfuil solás le fáil aige ar an dtaobh sin? D'fhreagar an t-atornae” Taobhaíonn siad lena mháthair.”

D'ordaigh an Breitheamh Kennedy go gceapfaí deirfiúr an bhuachalla mar chaomhnóir ad litem. D'ordaigh sé go seolfá litreacha chuig na haturnatha atá ag gníomhú d'athair agus máthair an bhuachalla agus go mbeadh an teiripeoir teaghlaigh i láthair sa chúirt ar an gcead ocaíd eile seachas aon seisiún a bheith aige leis an gclann san idirlinn chun mearbhall a sheachaint.

Cuireadh an t-ábhar ar atráth go dtí na chéad suíonna eile nuair a bheadh an

‘Ghlac mé chéim an-neamhghnách an buachaill a thabhairt anseo agus...ba chóir dom an buachaill a fheiceáil i mo dháilshiomraí [in éineacht lena] chaomhnóir ad litem’

buachaill i láthair chun a ábhair inní a nochtadh.

Ar an dáta atráite, bhí an buachaill i láthair lena ionadaíocht dlí, a mháthair, a athair agus an teiripeoir teaghlaigh.

Chuala an Breitheamh Kennedy ó abhcóide an athar go bhfuair an t-athair lóistín nua ar cíos agus go raibh go leor spáis aige dá mhac anois agus go bhféadfadh sé cónaí leis. Bhí a theach nua 20 míle slí ó scoil an bhuachalla ach d'fhéadfadh sé a mhac a thiomáint chun an scoile agus abhaile.

Dúradh leis an mBreitheamh Kennedy gur thug an mbunordú rochtain theoranta don athar ar a mhac. Chuala an chúirt chomh maith go raibh ADHD ar an mbuachaill agus gur chreid a mháthair gur shéan a athair i gcónaí go raibh aon rud amú leis an leanbh agus de thoradh sin cheap an buachaill go raibh náire ar a athair faoi. Dúirt abhcóide a mháthair gur mhothaigh sí gur ionramháil a athair é agus go raibh sé so-ghonta.

Chuala an chúirt chomh maith gur chreid an mháthair go raibh sé de nós ag athair an bhuachalla an mháthair a dhíspeagadh os a chomhair amach. Dúirt a habhcóide go raibh deirfíuracha an bhuachalla ina gcónaí lena máthair agus go raibh siad sásta agus gur theastaigh uathí na leanaí a choinneáil le

chéile mar aonad clainne ach gur theastaigh uathí go mbeadh a mac sona.

Chuir an Breitheamh Kennedy tús leis ag rá: “Ghlac mé chéim an-neamhghnách an buachaill a thabhairt anseo agus ceapaim gur cóir dom an buachaill a fheiceáil i mo dhlísheomraí in éineacht lena chaomhnóir ad litem.”

Nuair a thosaigh an breitheamh an éisteacht arís, dúirt sé go raibh sé sásta go mbeadh a áit chónaithe príomhúil leis an athair agus go mbeadh an buachaill á choimeád aige. Dúirt sé: “Teastaíonn uaim rudaí a thabhairt ar aghaidh go mall, ba chóir an deis a thabhairt don bhuachaill cuairt a thabhairt ar a mháthair dé réir mar is mian leis agus táim ag tabhairt an saoirse don dá thaobh iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt seo i Mí an Mheithimh más gá. Toisc go bhfuil an leanbh chomh hóg sin ní mór dianmhonatóireacht a dhéanamh ar an staid.

Ghabh an t-athair buíochas leis an gcúirt agus léirigh sé a shástacht leis na socrúithe nua tríd a abhcóide. Dúirt abhcóide na máthar nach raibh uathí ach sonas an bhuachalla agus go raibh sí ag súil go mbeadh meas ag an athair ar a riachtanais liachta. Dúirt sí go raibh sí ag súil nach mbeadh aon díspeagadh eile ann idir na páirtithe.

An t-am a chaitear lena n-athair gan mhaoirseacht ‘ar leas na leanaí’

Bhain iarratas roimh an mBreitheamh Olive Buttimer ar Chuaird an Iardheiscirt leis an gceist cibé ar cheart cead a thabhairt d’athair a leanaí a thiomáint sa charr chuig teiripe shúgartha ar thuras ceithre uair an chloig gan aon mhaoirseacht. Bhí ar na leanaí is óige, seacht agus ocht mbliana d’aois freastal ar theiripe shúgartha mar cheann amháin de roinnt

mholtaí ó Thuarascáil Alt 47.

Ní raibh rochtain gan mhaoirseacht ag an athar ar na leanaí ar feadh bliana. Mhol an tuarascáil nár chóir an mhaoirseacht a bhaint go dtí go gcuirfear tús leis an teiripe agus bhí frustrachas air faoi seo. Bhí deacrachtaí maidir le freastal na leanaí ar theiripe shúgartha agus ní raibh a máthair sásta go dtiománfadh an t-athair iad chuig an teiripe

agus abhaile arís.

Ina tuarascáil scríobh an teiripí súgartha ainmnithe: “Tá súil agam nach gcuirfidh fadhbanna iomprais na dtuismitheoirí isteach riachtanais theiripe na leanaí.” Dúirt sí leis an gcúirt cé go raibh bá aici le hinmí na máthar chreid sí go mbeadh sé chun leas na leanaí am a chaitheamh lena n-athair sa charr mar chuid den teiripe. Nuair a d’iarr an Breitheamh an bhféadfadh an Mháthair na leanaí a thiomáint chuig an seisiún agus casadh ar a n-athair ann dúirt an teiripí go mbeadh sé níos fearr dá dtiománfadh an t-athair iad ó am go ham. Chuirfeadh siad múinín ann arís sa tréimshe seo agus thabharfadh sé scóip níos nádúrtha di chun breathnú orthu ná dá dtiocfadh na leanaí lena n-athair faoi mhaoirseacht dhuine fásta eile. Fairis sin dúirt an mháthair leis an mBreitheamh nach raibh sí toilteanach na leanaí a thiomáint gach Sathair toisc go raibh sí de dhíth ar an mbeirt leanaí is

shine. Theastaigh uaithi go dtiománfadh an fearchéile iad gach ré Shathair i dteannta le maioseoir.

Threoraigh an Breitheamh do na páirtithe an Chúirt a fhágáil agus labhairt leis an teiripí súgartha agus amanna agus dátaí oiriúnacha do na seisiúin theiripe shúgartha a eagrú lena máthair agus go dtiománfaidh sí iad chuig an chéad sheisiún agus go dtiománfaidh an t-athair iad gach ré seachtain ina dhiaidh sin. Dúirt an Breitheamh Buttimer le habhcóidí an dá thaobh nár theastaigh uaithi an cás a fheiceáil arís go dtí go raibh an teirpe shúgatha i bhfeidhm agus nach raibh an gá í a leanúint ar an gCúird ach amháin i gcas go mbeadh na leanaí i gcontúirt.

Rinne na páirtithe socraithe a bhí le bheith i bhfeidhm ar feadh ocht seachtain an teiripe.

I mBeagán Focal

Caithfidh an t-ordú ar rochtain mhaoirsithe dul ar ais chuig an gCúirt Chuarda

In ábhar cointinneach a chualathas sa Chúirt Chuarda ar Chuard an Oirthir, dúirt an Breitheamh Gerard Houghton leis an iarratasóir nach raibh aon dhlínse aige chun ordú ón gCúirt Chuarda a athrú. Fuair an lánúin foraithe idirscartha bhreithiúnaigh Chúirt Chuarda, agus sonraíodh in ordú amháin a deonaíodh go mbeadh rochtain athar ar a leanaí ar fáil dó faoi mhaoirseacht amháin. Dúradh leis an gCúirt go raibh an Bord Sláinte bainteach leis an gcás. Ba de thoradh ar achomharc chuig an Ard Chúirt ar dearbhaíodh é. D’áitigh an t-athair nach raibh an bord sláinte bainteach leis níos mó agus nach ndearna siad iarratas ar an t-ordú a shíneadh. D’iarr sé ar an mbreitheamh níos mó rochtana a cheadú do saor ó mhaoirseacht. Dúirt an mháthair

a bhí an-chorraithe go fóill go raibh an Bord Sláinte fós páirteach sa scéal.

Nuair a léigh an breitheamh an bunordú ón gCúirt Chuarda thug an breitheamh le fios nach bhféadfadh sé a bheith páirteach ann. Dúirt sé leis an athair “Tá an t-ordú ón gCúirt Chuarda an-mhionsonrach. Tá ordú ann maidir le rochtain. Dé ghnáth nuair a bhíonn ordú ón gCúirt Chuarda maidir le hábhair cosúil le rochtain nó cothabháil, sonraíonn sé gur féidir iarratais maidir leis na hábhair sin a dhéanamh sa todhchaí sa Chúirt Dúiche.

Níl sé sin ráite san ordú seo. Dá ndéanfainn ordú bheadh sé déanta gan dlínse. Caithfidh tú filleadh ar an gCúirt Chuarda agus ordú a lorg. D’fhéadfá a iarraidh orthu an t-ábhar a chur chuig an gCúirt Dúiche.”

Bean corraithe go mór ag mionsonraí an uchtaithe

‘Mheas mé gur dhiúltaigh mo chlann dom agus nach raibh mé maith go leor’

Ar an lá céanna inar dhiúltaigh an Breitheamh Donagh McDonagh iarratas ar neamhiú ar Chuairead Chorcaí, d’éirigh le hiarratas eile. Phós an lánúin ocht mbliana roimhe sin. Bhí an banchéile, an t-iarratasóir 33 bliain d’aois. Leanbh uchtaithe í agus bhí sé sin ar eolas aici don chuid is mó dá saol. Tuairim is dhá bhliain roimh di pósadh lorg sí a tuismitheoirí fola agus tháinig sí ar an mbeirt.

Cuireadh as go mór di nuair a fuair sí amach gur phós a tuismitheoirí agus go raibh dearthaireacha agus deirfiúracha fola aici a d’fhás aníos mar chlann. Ar deireadh chas sí ar a máthair agus bhí sí an-chorraithe. Tar éis an chruinnithe sheol an mháthair litir an-fheargach chuici. Nuair a fuair sí an litir mhothaigh an bhean nach bhféadfadh sí déileáil léi agus chuir sí stop leis an teagmháil lena tuismitheoirí fola.

Dúirt sí díreach roimh an bpósadh go ndúirt sí léi féin go raibh an t-eolas aici agus gurb é sin a bhí uaithi. Nuair a d’iarr an t-abhcóide uirthi cur síos a dhéanamh ar a staid mhothúchánach dúirt sí: “Mheas mé gur dhiúltaigh mo chlann dom, nach raibh mé maith go leor dóibh.” D’fhreastal sí ar comhairleor a bhí go maith dar léi ach osclaíodh “an bosca ró-thapaidh”. Dúirt an comhairleoir léi gur fadhb í an uchtáil di ach dúirt sí nach ea. D’éirigh sí as freastal ar an gcomhairleoir.

Níos déanaí chuaigh an bhean i dteagmháil arís lena tuismitheoirí fola. Deireadh seachtaine amháin, cúig bliana tar éis an chéad chruinnithe, tháinig a clann fola uile ar chuairt chuici a dearthaireacha agus a deirfiúracha san áireamh. Nuair a d’fhág siad dúirt sí: “Thit gach rud anuas.” Dúirt sí gurb é an chead uair a raibh ar a cumas féachaint isteach sa scáthán agus go raibh féinmheas faighte aici. Mhothaigh sé “faoiseamh, sonas agus mearbhall,” agus cheistigh sí cá raibh a triall. Mhothaigh sí go raibh ‘gach rud

imithe’ agus go raibh sí ag céim ar chóir a bheith scroichte aici ag aois 16.” Go luath tar éis na cuairte seo, bheartaigh sí scarúint óna fearchéile.

D’iarr an Breitheamh uirthi cén fáth go raibh sé tábhachtach di neamhniú a fháil. Dúirt sí go raibh sé tábhachtach “ó thaobh an chreidimh agus ó thaobh na spioradáltachta de.” D’iarr abhcóide uirthi an é nach raibh ar a cumas a bheith i bpósadh ag an am sin. D’fhreagair sí: “Bhí mé dúnta síos an lá sin agus na míonna roimhe sin... dhún m’intinn agus mo chroí síos. Bhí mé folamh gan aon rud ionam seachas ionchais dhaoine eile. Bhí maoile mothúchánach orm, bhí mé croíbhriste. Cheap mé gur mheas mo mháthair nach raibh mé maith go leor di don dara uair i mo shaol.

Thug síceolaí comhairleach fianaise ar son na mná agus d’iarr an Breitheamh MacDonagh, dá mba rud é gur tháinig sí chuige roimh an bpósadh bheadh sé ráite aige léi nach raibh ar a cumas toiliú a thabhairt. D’fhreagair sé: “D’iarrfainn uirthi dáta an phósta a chur ar athló.” D’iarr an Breitheamh i gcás nár chuir sí an dáta ar athló an mbeadh sé ráite aige nach raibh an cumas inti. D’fhreagair sé: “Bheadh sé ráite agam léi “tá trioblóid á tharraingt agat ort féin.”

Fuair an Breitheamh gur scéal a n-tragóideach é ach dúirt sé nach raibh an bhean chomh míchumsaithe sin nach bhféadfadh sí nádúr chonratha an phósta a thúsicint.

Ní raibh aon fhianaise go raibh easpa chumais uirthi dul isteach i bpósadh nó pósadh a chothú agus ní raibh aon fhianaise ann go raibh sí míaibí nó go raibh fadhb pheasantachta aici.

Ach fuair sé go raibh an méid sin ag siúl ag an am ábhartha nach raibh ar a cumas ar bhealach mothúchánach pósadh a dhéanamh agus dá bhrí sin fuair sé go raibh an pósadh ar neamhniú go hiomlán.

Tugadh 12 mhí dhéag d'fhear chun áras an teaghlaigh a cheannach

Ar Chuard an Oirdheiscirt, d'ordaigh an Breitheamh Olive Buttimer go dtabharfaí 12 mhí dhéag d'fhear céile €80,000 a charnú chun leas a mhná céile in áras an teaghlaigh a cheannach. Moladh don fhear céile a rinne ionadaíocht do féin sna himeachtaí um idirscaradh breithiúnach, déileáil leis an airgead ar iasacht agus lena fhiacha toisc go bhfeadfadh sé seo dul i bhfeidhm ar a theach i gcás go bhfaighfí breithiúnais agus i gcás go bhforchurfí iad i gcoinne an teach.

Dúirt abhcóide mná céile go raibh ordú cúirte ann roimhe seo ar áiseanna chigireachta áras an teaghlaigh d'fhonn é a luacháil. Stróic an fear céile an t-ordú agus chruthaigh sé seo deacrachtaí maidir leis an bhfaisnéis uile a fháil don chás. D'fhreagair an fear céile nár thuig sé an t-ordú agus go raibh sé corraithe ag an am.

De breis air sin, níor chomhdaigh an fear céile mionscríbhinn acmhainne ach dúirt an chúirt agus abhcóide na mná céile go leanfadh siad orthu gan é agus go ndéanfadh siad iarracht acmhainní agus dochair an fhir chéile a mheas.

Bhí beirt leanaí ag an lánúin, ceann acu, ar déagóir é fós ag freastal ar an meánscoil agus a bhí ina chónaí lena athair go príomha. Rinne an fear ionadaíocht dó féin, agus dúirt sé nach raibh ar a gcumas íoc as ionadaíocht dlí agus go raibh roinnt billí agus iasachtaí aige.

Dúirt an bhean chéile gur roghnaigh sí an pósadh a fhágáil toisc go raibh deacrachtaí ann. D'fhág sí chun a hintinn a shábháil agus dúirt sí nár labhair siad ar aon rud eile ach firicí agus figiúirí don bhliain dheireanach a chaith siad le chéile. Bhí gaolmhaireacht mhaith aici lena leanaí agus dúirt sí go dtagann siad ar chuairt chuici ina teach nua.

Bhí an-chuid iasachtaí ag an bhfear céile a bhí le híoc agus bhí air suim mhór airgead a íoc leis an coimisinéirí cáin ioncain roimhe sin.

D'fhreagair sé go ndéanfadh sé iarracht sciar a bhanchéile sa teach a cheannach agus nach raibh sé ar an ngannchuid go fóill agus go bhfaigheadh sé an t-airgead in áit éigean. Chuir abhcóide na mná céile in iúil nach raibh sé ag fónamh ar a fhiacha agus go bhfeadfadh na hinstiúidí airgeadais breithiúnas a lorg agus é a leagadh ar áras an teaghlaigh. “B’fhéidir go mbeadh sé níos fearr áras an teaghlaigh a dhíol ag an bpointe seo”, a dúirt sí.

Dúirt an fear céile gur baineadh stangadh as agus nach raibh sé riamh ag súil le bheith ina aonair. Bhí grá mór aige don teach agus ní raibh aon suim aige an teach a fhágáil. Labhair an breitheamh agus dúirt sé toisc iasachtaí an fhir go raibh an seans ann nach bhfeadfadh sé tairiscint réasúnacha dhéanamh chun scaireanna a bhean a cheannach. D'fhreagair sé go bhfeadfadh sé bád a bhí aige a dhíol. Bhí faitíos ar an mbreitheamh faoi sciar agus teidlíocht na mná céile agus d'fhreagair sé go bhfeadfadh sé rudaí a iompú timpeall. Ní raibh mórán costais air agus d'fhéadfadh sé aire a thabhairt dá chlann.

Ar deireadh mheas an breitheamh gurb ionann sciar na mná céile in áras an teaghlaigh agus €80,000 tar éis aon fhiacha a bhí ag an mbeirt acu le linn an phósta a bhaint as agus thug an breitheamh 12 mhí dhéag don fhear céile chun íocaíocht a dhéanamh.

Dúirt sí gur chóir don fhear céile déileáil lena fhiacha toisc go raibh an seans ann go ndíolfá a theach mura ndéanfaí fónamh ar na fiacha.

Faisnéis shaineolaíoch ag teastáil chun rialú a dhéanamh

*‘ní mór d’aon
bhreitheamh a
bhfuil air déileáil
leis seo fianaise
shaineolach a
bheith aige’*

In ábhar os comhair an bhreithimh Donagh MacDonagh ar Chuaird Chorcaí, theastaigh ó mháthair a rochtain ar a leanaí a athrú ón lá go rochtain thar oíche sa teach ina raibh cónaí uirthí lena páirtí nua. Chuir an t-athair i gcoinne an iarratais.

Rinne an lánúin phósta a raibh mac de chúig bliana d’aois agus iníon de naoi mbliana d’aois acu iarratas ar cholscaradh agus ba í an phríomhcheist ná rochtain. Scar siad óna chéile cúig bliana roimhe sin agus ag an tús chónaigh na leanaí lena máthair, thosaigh sí ghaolmhairecht nua agus bhí leanbh eile aici.

Timpeall trí bliana ó shin, d’fhág an mháthair a céad bheirt leanaí lena n-athair - agus chónaigh siad leis ó shin i leith. Bhí deacrachtaí airgeadais aici agus bhí cumas níos fearr ag an athair soláthar a dhéanamh dóibh. Cé gur lean sí uirthi ag tabhairt cuairt ar na leanaí ní raibh aon rochtain thar oíche aici. Anois theastaigh uaithi go mbeadh rochtain thar oíche aici leis na leanaí uair in aghaidh na míosa sa teach nua a roinn sí lena páirtí nua. Dúirt an mháthair gur theastaigh uaithi go dtiocfadh na leanaí isteach go “baile teaghlaigh... agus fhios a bheith acu go bhfuil baile ann dóibh agus go bhfuil grá

ann dóibh.” Theastaigh uaithi go mbeadh siad páirteach “in aonad teaghlaigh.”

Dúirt sí go bhfuair a páirtí nua cóireáil d’alcólachas ar feadh trí bliana agus nach ndeachaigh sé ag ól le dhá bhliain go leith. D’iarr a habhcóide cibé an raibh a baile nua “ina áit shona do leanaí?” D’fhreagair sí gur áit sona é.

Dúirt an breithimh: Ba chóir go mbeadh tuarascáil éigean ó gníomhaireacht chúí eigean i ndáil le leanaí ag tabhairt cuairt ar pháirtí nua tuismitheora agus ag fanacht thar oíche.” Thug an mháthair an t-eolas go hoscailte agus go macánta ach “ní mór d’aon bhreitheamh a bhfuil air déileáil leis seo fainaise shaineolach a bheith aige.”

Threoirigh sé gur cheart tuarascáil a bheith os comhair na cúirte ó pháirtí freagrach amháin agus gur cheart do na foirne dlí comhaontú a dhéanamh faoi cé ar chóir don pháirtí seo a bheith. Ní dhéileálfadh an Breitheamh MacDonagh leis an iarratas go dtí gur cuireadh a thuilleadh faisnéise san áireamh ionnas go bhféadfadh an chúirt déileáil leis an iarratas “ar bhealach cuimsitheach.” Cuireadh an t-ábhar ar atráth leis an stádas quo faoi rochtain le fanacht mar a bhí.

Ní raibh ‘aon údarás ag an bhfear céile an teach a chur ina ainm féin agus in ainm a pháirtí’

Tháinig iarratas ar bheithiúnas faoi cibé an raibh colscaradh coigríche bailí roimh an mBreitheamh James O’Donoghue ar Chuard an Iardheiscirt. D’imlínigh abhcóide an fhir chéile, an t-iarratasóir, nach raibh aon cheist mhór ann faoi shonraí an cháis agus gur osclaíodh an t-ábhar os comhair na cúirteanna roimhe seo. Tháinig an fear céile i láthair agus ceapadh iníon na lánúine mar chaomhnóir ad litem i ndáil lena máthair, a chuaigh isteach san ospidéal sa bhliain 1990, agus dearbhaíodh go raibh sí non compos mentis le tuairisc liachta.

Pósadh an lánúin sa bhliain 1957, bhí iníon amháin acu agus idirscaradh iad a bhliain 1997. Thionscnaigh an banchéile imeachtaí san Ard Chúirt nár cuireadh i gcrích. Fuair sí colscaradh coigríche sa bhliain 1970 i dtír i Meiriceá Theas. Trí bliana tar éis an cholscartha, phós an fear céile i Meiriceá sa bhliain 1975 agus chónaigh sé féin agus a ‘bhean chéile’ le chéile ón am sin ar aghaidh. Ba í an cheist ná nár aithníodh colscaradh an fhir chéile ag an am sin ní aithníte colscaradh coigríche in Éirinn.

Phós an bhean chéile, is e sin an freagóir, arís sa bhliain 1972 i Meiriceá freisin agus ní raibh sí colscartha go bailí óna fear céile, an t-iarratasóir.

Cheannaigh an fear céile áras teaghlaigh nuair a scar sé óna bhean chéile agus be é sin an t-áras teaghlaigh a bhí aige don dara pósadh. Aistríodh é ina ainm agus in ainm a pháirtí mar chomhthionóntaí ach ní raibh an t-aistriú seo bailí faoi Acht (Chaomhnú) Áras an Teaghlaigh, 1976 Dúirt a abhcóide leis an gcúirt go ndeachaigh a chliant isteach i

gconradh chun a teach sin a dhíol ar €245,00 agus bheartaigh sé dul ar scor ar an airgead sin.

Bhain iarratas an fhir chéile le fáil réidh le toil a banchéile chun an mhaoín a dhíol de bhua S 4(4) den Acht um Áras an Teaghlaigh (Caomhnú), 1976. Bhí imeachtaí colsartha os comhair na cúirte chomh maith.

Agus é ag míniú an cúlra a bhain le háras an teaghlaigh, dúirt an t-abhcóide “nuair a tháinig sé chuig an teach a dhíol bhí siad scartha óna chéile le fada an lá. Níor fheidhmigh sí a héileamh ar an teach riamh.” Dúirt sé chomh maith go raibh bean chéile a chliant ‘san áit is fearr ar féidir léi a bheith ann.” Fuair sí iomcam seachtainiúil agus bhí €70,000 i dtaisce aici de réir na chéad mhionscríbhinn acmhainne. I dtéarmaí an cheanglais dlí soláthar cuí a dhéanamh, dúirt abhcóide an fhearchéile nach ‘bhfuil aon ghá le aon soláthar eile’ di.

Dúirt an breitheamh: “Ní raibh aon údarás ag do chliant an teach a chuir ina ainm nó in ainm a pháirtí.”

Ag an bpointe seo mhol abhcóide an fhir chéile féachaint ar stair an pháirtí, gur scar siad go hiomlán. D’imlínigh sé go raibh fonn ar a chliant fáil réidh leis an maoín agus thug sé le fios go bhféadfaí an conradh don díolachán a chruthú agus “is féidir linn dul ar aghaidh chun dlí níos déanaí.”

Níor aontaigh abhcóide na mná céile leis seo. Dúirt a hiníon a bhí ag déanamh ionadaíocht di sa chúirt, gur mhothaigh sí gurb é an ról a bhí aici ná “aighneachtaí dlí a dhéanamh ar son dhuine nach bhfuil ar a cumas é sin a dhéanamh di féin.” Dúirt an iníon go raibh sí i láthair tráth an idirscartha

‘Agus beidh an freagóir i dteideal cuid den chiste a fháil?’

breithiúnaigh agus dúirt sí go raibh an ghaolmhaireacht foréigneach i gcoinne na hiníne agus na máthar.

“An réitíonn tú le d’athair?” a d’fhiafraigh an breitheamh. “Ní réitím leis, mar gheall ar an ábar seo ní réitím leis,” a d’fhreagair sí. Dúirt a habhcóide nach mbeadh aon fhadhb aici dá ndíolfaí an teach dá bhféadfaí an t-airgead a chur i gciste aturnae san idirlinn. Nótaigh an breitheamh go raibh na páirtithe pósta lena chéile go fóill 50 bliain níos

déanaí.

“Agus beidh an freagóir i dteideal cuid den chiste a fháil?” a d’iarr abhcóide an fhir chéile. Leis sin theoirigh an breitheamh go raibh an t-iarmhéid tar éis tailli agus costais le coinneáil ar feitheamh ar an triail faoin ábhar faoi rún gan an t-airgead a chaitheamh. “Is é caomhnóir an airgid é an t-aturnae,” a dúirt sé.

Cuireadh an comhthionóntas ar leathaobh ar feitheamh ar an éisteacht a cuireadh ar atráth go dáta níos déanaí.

Ghabh na Gardaí fear agus thug chun na cúirte é

I gCúirt Chuarda Lár Tíre tháinig bean os comhair an mBreitheamh Anthony Kennedy ag bhí ag lorg ordú astaithe agus cimithe dá fear céile coimhithe. Dúirt sí gur teip air claonchothú a íoc, díolachán áras an teaghlaigh a éascú agus pasanna a thabhairt ar ais de réir mar a threoirigh an chúirt roimhe seo.

Dúradh leis an mBreitheamh Kennedy go raibh an fear ag fulaingt faoi ghalar meabhrach agus gur cimíodh é nuair a thit an pósadh as a chéile ag an tús agus anois go raibh chónaí air in áras an teaghlaigh. Bhí sé an -mhíchabharach agus baineadh sé anuas na comharthaí ‘ar díol’ a cuireadh sa ghairdín agus ní fhreagródh sé an doras nuair a thiocfadh ceantálaithe le ceannaitheoirí. Ní raibh sé i láthair ach tháinig a thuismitheoirí, thaisteal siad chuig an gcúirt an mhaidin sin chun fianaise a thabhairt, dúirt siad go raibh a mhac breoite le galar meabhrach agus gur chaill sé a phost le déanaí. Ní éisteadh sé le haon duine sa chlann, dúirt siad, nuair a bhain sé le hordú na cúirte a chur i gcrích nó le claonchothú a íoc nó díolachán an tí. Bhí siad ag iarraidh a chur ina luí air gur cheart dó cúnaimh liachta a lorg ach dhiúltaigh sé.

Dúirt an Breitheamh Kennedy toisc iompraíocht an fhir nach raibh aon rogha

eile aige ach astú agus cimiú a ordú ach go gcuirfeadh sé bac ar an ordú go dtí go mbeadh an chúirt sceideálta suí i Mí Feabhra seo chugainn chun deis a thabhairt dá mac an t-ordú a chur i gcrích.

Bhí bá aige le staid na lanúine agus dúirt sé go raibh sé an deacair ar an gclann déileáil le galar meabhrach ach go raibh de dhualgas ar an gcúirt smaoineamh ar na páirtithe uile agus a fhad agus a lean a mac ag déanamh neamhshuim d’ordú na cúirte, go raibh a bheanchéile agus agus a mhac ag fulaingt.

Nuair a shuigh an chúirt i Mí Feabhra na bliana ina dhiaidh sin theip ar an bhfear teacht chun na cúirte agus rinne a bheanchéile a hiarratas in athuair ar astú agus ar chimiú. Dheonaigh an Breitheamh Kennedy an t-iarratas agus d’ordaigh sé go dtabharfaí é os comhair na cúirte i Mí Márta.

Ag an bpointe seo, tugadh an fear roimh an mBreitheamh Miriam Reynolds. Ghabh na Gardaí Síochána é agus thug siad é chuig an gcúirt lár tíre an mhaidin sin.

Cuireadh é seo in iúl don Bhreitheamh Reynolds agus insíodh di gur chaill an fear a phost agus nach raibh aon leas sóisialach aige. Cuireadh in iúl don chúirt go raibh áitreáim curtha amach le fo-ligeán aige agus go raibh ioncam aige ón gcíos.

‘Sin é. Nílím ag éisteacht leis an ábhar seo níos mó. Imigh leat agus smaoinigh faoi do stáid go cúramach’

Chuir an fear in iúil don chúirt go raibh a fhios aige faoi na himeachtaí idrscartha breithiúnaigh agus go raibh a fhios aige faoin ordú cúirte ar chlaonchothú agus ar dhíolachán an tí. Níor íoc sé an claonchothú toisc go raibh sé corraithe toisc nach bhfaca sé a mhac ar feadh dhá bhliain. Nuair a iarradh air cén fath nach raibh sé ag baint leas as na socrúithe rochtana, dúirt sé nach raibh aon rud ar eolas aige futhu.

D'iarr an Breitheamh Reynolds air cén fáth nach raibh aon ionadaíocht dlí aige. Dúirt sé go raibh sé ag iarraidh é a eagrú. D'iarr an breitheamh air cén fáth an raibh sé ag cur cosc le díol áras an teaghlaigh. Dúirt sé nach raibh sé sin ar siúl aige, ach díreach nach raibh suim ag daoine sa teach, bhí sé ar an margadh ar feadh dhá nó trí bliana sular cheannaigh siadsan é.

D'iarr an breitheamh air cibé an mbeadh sé toilteanach comhoibriú leis an gcúirt agus dúirt na gardaí go raibh sé agus go dtabharfadh sé a sheoladh dóibh agus go bhféadfadh siad teagmháil a dhéanamh leis in am ar bith. “Geallaim go bhfanfaidh mé ag an seoladh sin, tabharfaidh mé m'uimhir do na leids [na gardaí] agus is féidir leo glaorchorm in am ar bith,” a dúirt sé.

Dúirt sé lena chois sin: “Tá rochtain ar mo mhac uaim ach ní ar an mbealach

teoranta sonraithe san ordú, is mise a athair agus measaim gur athair maith mé.” Ansin d'iarr sé ar an mBreiteamh Reynolds: “An mbeadh sé níos fearr dá mbeadh aturnae agam thuas anseo?” Dúirt an breitheamh: “Seans go mbeadh.” Ansin d'iarr sé uirthi ceann a mholadh agus dhiúltaigh sí. Ansin d'fhiafraigh sé den chúirt go hoscailte an bhféadfadh aon duine eile ceann a mholadh.

D'fhreagair an Breitheamh Reynolds go borb: “Ní féidir! Molaim duit an t-abhar seo a thógáil dáiríre agus mura ndéanann tú sin beidh tú imeacht leis na fir thall ansin i léinte gorma. Tá fianaise chinnte uaim go n-íocfaidh tú an claonchothú le do bhean chéile.”

D'fhreagair an fear “Cad a mholfa?” D'fhreagair an Breitheamh Reynolds: “Sin é. Nílím ag éisteacht leis an ábhar seo níos mó. Imigh leat agus smaoinigh ar do staid go cúramach agus tar ar ais ar a dó a chlog le roinnt freagraí.

Ar a 2.ú aontaíodh go dtabharfadh an fear ainm agus seoladh a aturnae chuig aturnae a bhanchéile agus go n-íocfadh sé an earlais a fuair sé ar an gcíos d'oifig an phoist agus suim de €170 in aghaidh na seachtaine a luaithe agus a mbeadh leas sóisialach á fháil aige. D'éiligh an bhean go fanfadh an t-ordú astaithe i bhfeidhm toisc stair an cháis.

€6,000 a chosain sé ar bhean leathanach iomlán d'fhógra colscartha a fhoilsiú

Bhain iarratas ar cholscaradh gan freasúra roimh an mBreitheamh Donagh MacDonagh ar Chuaird Chorcaí le bean Éireannach a phós fear ón Afraic breis agus sé bliana roimhe sin.

D'idirscar siad bliain níos déanaí agus ní raibh teagmháil eatarthu ach uair amháin ina dhiaidh sin. Ní raibh a fhios ag an mbean cá raibh a fear céile. Ní raibh ach cead bliana aige a bheith in Éirinn ach níor athnuadh é.

Bhí siad gan mhuirín.

Le cinntiú go raibh sé ar an eolas faoin iarratas chuir sí fógra i ndhá nuachtán ina thír dhúchais. Go mí-ábharach, rinne foilseachán amháin fógra aon leathanch iomlán de agus chosain sé €6,000. Chuir an t-abhcóide litir faoi bhráid na cúirte ó oifigeach inimirce a thug le fios nach raibh an fear in Éirinn.

Bhí an breitheamh sásta gur fógraíodh an t-iarratas agus dheonaigh sé foraithe colscartha. Chuir sé bac le haon deis a bheadh ag an bhfear céile a leas a bhaint as eastát a iarbhanchéile, ach ní dhearna

sé ordú blocála a stopfadh an bhean chéile aon leas a bheadh aici ina eastát a éileamh. Níor lorgaíodh aon chlaonchothú ach dúirt an Breitheamh gur gcaithfí soláthar cóir a dhéanamh agus go raibh sí i dteideal roinnt claonchothaithe toisc go íoc sí €6,000 ar an bhfógra.

D'ordaigh sé go n-íocfaí méid glan de €150 léi in aghaidh na seachtaine agus dheonaigh sé dearbhú nach mbeadh aon leas leasmhar ag an bhfear céile i maoin a iar-mhná céile ina raibh sí ina cónaí agus rinne sé ordú ar chostais.

'Is ábhar don chúirt é soláthar cóir'

In iarratas ar idirscaradh breithiúnach ar Chuard Chorcaí, d'aontaigh na páirtithe ar théarmaí na socraíochta ach d'iarr an Breitheamh Donagh MacDonagh cibé an raibh soláthar cóir á dhéanamh.

Phós sé féin agus a bhean tuairim is sé bliana roimhe sin agus scar siad tar éis dhá bhliain. Bhí leanbh amháin acu a bhí geall le trí bliana d'aois. Díoladh áras an teaghlaigh agus roinneadh an t-airgead go cothrom. D'íoc an fear céile €90 in aghaidh na seachtaine ar chlaonchothú, €50 dá bhean chéile agus €40 dá leanbh. Roinneadh an caomhnóireacht eatarthu. D'fhiafraigh an t-abhcóide den fhear céile ar chréid sé go raibh soláthar cóir á dhéanamh don bhean chéile leis an socrú. Dúirt an Breitheamh MacDonagh: "Sin ábhar don chúirt."

D'iarr an breitheamh ar an bhfear céile

cén obair a bhí aige agus cé mhéid a thuill sé in aghaidh na seachtaine. Dúirt an fear gur thuill sé €480 in aghaidh na seachtaine. Ansin theastaigh ón mbreitheamh a fháil amach cé mhéid a bhfuair gach duine acu nuair a díoladh áras an teaghlaigh. Fuair gach duine acu €37,000 tar éis na gcostas.

D'iarr an Breitheamh, cá raibh cónaí ar an dá pháirtí anois. Bhí an bhean ina cónaí i lóistín ar cíos agus cheannaigh an fear teach le cara leis. Nuair a chuala an breitheamh cé mhéid a bhí ar an mhorgáiste dúirt sé nach raibh mórán dá thuarastal fágtha de thoradh air. Bhí a bhean chéile ag obair in ollmhargadh Tesco ach ní raibh a fhios ag an bhfear céile cé mhéid a thuill sí. D'áitigh sé gur thug sé níos mó na €90 dí agus gur fhan an leanbh leis trí oíche in aghaidh na seachtaine.

Dheonaigh an breitheamh idirscaradh breithiúnach de réir na téarmaí a aontaíodh.

Chinntigh breitheamh go bhfásfaidh gaolmhaireacht in athuair idir leanbh agus a athair de réir a chéile

I measc an 42 ábhar roimh **an mBreitheamh Terry O’Sullivan** cuirtear 12 ar atráth, scriostar seacht gcinn agus socraítear 10 gcinn agus / nó tá siad réidh le rialú a dhéanamh orthu. Ar na 13 chás déag fágtha, tógann gach ceann acu idir uair an chloig agus dhá lá

I nábhar rochtana níor tháinig an mháthair, an freagróir i láthair. Dúirt abhcóide an fhir chéile gurb é seo a dara uair ar theip uirthi a bheith i láthair. Bhí sí ag iarraidh moill a chuir ar chúrsaí lena heaspa comhoibriú a dúirt an t-abhcóide. D’fhiafraigh an breitheamh cibé ar sheirbheáladh fógra uirthi agus taispeánadh mionscríbhinn seirbhíse dó. Ansin d’eist sé an t-iarratas agus d’fhiafraigh sé cén rochtain a bhí ag teastáil ón athair.

Dúirt an t-abhcóide gur duine de bheirt phríomhchúramóirí an linbh de dhá bhliain d’aois é a cliant go dtí gur teip ar an bpósadh. Ansin chuir an mháthair stop le haon rochtain nó cumarsáid agus ní fhaca sé a leanbh ar feadh bliana. Dúirt an Breitheamh go mbeadh an leanbh trína chéile dá scarfaí óna máthair í toisc gur strainséir é a hathair anois. D’fhiafraigh sé cibé an raibh aon duine ar aithne acu beirt a bhféadfadh cuidiú leis an rochtain. Ní raibh aon duine ar aithne acu,

Tuairisc na Cúirte

toisc gur chuir an mháthair deireadh le haon chumarsáid le clann a fearchéile. D’ordaigh an breitheamh go mbeadh rochtain ann i dteach na seanmháthar athartha trí huair in aghaidh na seachtaine mar thús. Thabharfadh sé cead do mháthair an linbh a bheith i láthair ag an tús go dtí go rachadh an leanbh i dtaithí ar a hathair arís. Dúirt se nár chóir iarratas an athar a mhoilliú a thuilleadh ach cheap sé go mbeadh trioblóid ann nuair a dhéanfadh an t-athair iarracht ar a chearta a fheidhmiú faoin ordú. Thug sé cead dó iarratas a dhéanamh chuige ar fhorfheidhmiú i gcibé cúirt ina mbeadh sé ina shuí ann.

I gcás eile bhí rún ann chun iallach a chur

ar fhearcéile teacht le téarmaí idirscartha breithiúnaigh a rialaíodh bliain roimhe sin. Chuala an Breitheamh O’Sullivan gur theip ar an bhfearchéile; nach raibh i láthair nó nach raibh ionadaíocht ann dó; an t-airgead a bhí aige i gcuntas SSIA a aistriú chuig a bheanchéile. Níor íoc sé as tástáil NCT nó na muirir bhruscair nó leath de na costais a bhain le filleadh na leanaí ar an scoil. Dúirt abhcóide na máthar gur oibrigh an bheirt mhac is sine dá n-athair agus go raibh siad in ainm is a bheith ag íoc €50 sa tseachtain léi as bia agus lóistín. Dúirt an t-athair leo gan é íoc agus ní bhfuair an bheanchéile pingin. Socríodh iarmhéid an chlaonchothaithe ag €340 in aghaidh na seachtaine.

D’fhiafraigh an breitheamh: “Tá tú ag lorg méadú go €440 in aghaidh na seachtaine chun an t-easnamh a dhéanamh suas?” Dúirt an abhcóide go raibh, agus de bhreis ar sin go raibh an SSIA de €7000 ag teastáil ar an

bpointe. Dúirt an breitheamh: “Nach féidir leat iarratas a dhéanamh ar chimiú?”

Nuair a dúirt an t-abhcóide go raibh leis ce orthu é sin a dhéanamh, dúirt an breitheamh go raibh sé ina chuid den ordú go n-aistreadh an fearchéile an SSIA. “Ceapaim go meabhródh cimiú dó an méid atá le deanamh aige. Táim ag déanamh ordú chun an claonchothú a mheadú go €440 as seo amach, agus ordú ag treorú dó an t-airgead a aistriú. De bhreis ar sin táim ag deanamh ordú go n-íocfadh sé €550 chun na costais a bhaineann le filleadh ar an scoil a chlúdach mar aon leis na muirir bhruscair atá le n-íoc fós. Táim ag tabhairt cead iarratas a dhéanamh, i gcás ina mbeadh aon fhadhb ann, agus táim ag tabhairt ordú duit ar do chostais. Táim ag treorú go n-íocfar iad ar an bpointe. Measim go dtabharfaidh sé aird ar sin.”

In ábhar eile, lorg lánúin colscaradh tar

éis dóibh a bheith pósta ar feadh 40 bliain. Bhí siad sna seascaidí agus is éard a bhí ina n-áras teaghlaigh ná teach agus talamh le deis forbairt a dhéanamh air agus le deis gnó turasoireachta a bhunú ann. Níor theastaigh ón mbean go ndíolfaí an teach agus bhí sí ag áitiú go bhféadfaí an talamh a bhriseadh suas. Theastaigh uaithi fanacht ar an talamh. D'áitigh an fearchéile nach raibh aon luach ar an talamh ach sa chás go ndíolfaí mar aonad í agus dá roinnfí suas í go ndíluachálfáí é. Cheannaigh an lánúin an mhaoin le chéile na blianta fada roimhe sin. Dúirt abhcóide na mnáchéile gur mheas a cliant, nach raibh aon ioncam aici, go bhféadfadh sí ioncam beag a dhéanamh as an talamh. Bhí dearcaí difriúla ag an mbeirt acu faoi luacháil na talún. Bhí luachálacha ag an bhfearchéile sa chúirt agus bhí ceantálaí aige chun fianaise a thabhairt. D'iarr an breitheamh cén fath nach raibh aon luachálacha ag an mbanchéile. Dúirt a habhcóide go ndeachaigh fearchéile a cliant chuig na luachálaithe áitiúla ar fad agus dá bhrí sin bhí sé dodhéanta dá cliant luacháil neamhchlaonta a fháil.

Dúirt an breitheamh: “Ní mór go dtuigfeadh na pairtithe nach mbaineann an t-ábhar seo go díreach leis an rud atá “uaim.” Caithfidh mé soláthar a dhéanamh don todhchaí. Caithfidh mé fianaise a chloisteáil faoi luach na hacmhainne. Dúirt an luachálaí gur mhaoin dheacair í a luacháil. Fostaíodh é i Mí Feabhra 2007, ach inniu, 12 mhí dhéag níos déanaí, bhí air a mheas a laghdú trí cheathrú milliún euro agus chuir sé luacháil €2.5 milliún ar an maoin. Chreid sé gur cheart an mhaoin a dhíol mar aonad amháin má bhí sé chun an praghas is fearr a bhaint amach.

Dúirt an banchéile go raibh gnó ar bun acu ón maoin sin. Gnó é a bhí acu le chéile agus bhí iontas uirthi nuair a dhíol a fear céile é cúpla bliain roimhe sin gan dul i gcomhairle léi. D'iarr an breitheamh uirthi cibé ar shínigh sí na doicméid a bheadh de dhíth chuige sin agus dúirt sí gur shínigh sí. Agus fuair sí leath an airgead nuair a díoladh an gnó. Níor aontaigh sí leis an luacháil toisc

gur ofráladh luacháil aon mhilliún dóibh don talamh sé bliana nó seacht mbliana roimhe sin. D'fhéadfadh sí í féin a chothú agus ioncam a thuilleamh ón talamh. Dúirt sí nár theastaigh óna fearchéile obair a dhéanamh ach nach raibh aon fhonn uirthi éirí as an obair.

Ina bhreithiúnas, dúirt an Breitheamh O'Sullivan go ndeachaigh an luachálaí i bhfeidhm air agus gur cás neamh-chasta é. Dúirt sé lena chois sin: “Tuigim nasc Bhean... leis an teach agus leis an talamh. Caithfidh mé an rud atá cóir agus soláthar cuí a chur san áireamh. Ní raibh aon chás ar leith a dúirt gur cheart caitheamh le páirtí amháin ar bhealach difriúil ón bpáirtí eile. Chuir an bheirt pháirtí le rath na sócmhainne. An mbeadh sé cóir go gcoinneodh Bean... áras an teaghlaigh agus na tailte agus go mbeadh ar an tUasal...fágtha chun a bhealach féin a dhéanamh? Is é an rud is fearr a dhéanamh ná an rud ar fad a dhíol agus an t-airgead a roinnt. Tá fianaise agus pleananna gnó Bean ... maidir leis an ioncam a cheapann sí a bhféadfadh sí a ghnóthú beagán ró-éiginnte. Tá sí i lár a seascaidí. Is é an bealach is fearr le cothromaíocht a bhaint amach ná an rud ar fad a dhíol. Níl cinnte nach bhféadfadh Bean...pósa talún a fháil go háitiúil agus roinnt a airgid a bheith ina póca aici fós.

Dheonaigh sé an colscaradh agus dúirt sé go raibh áras an teaghlaigh le díol agus gur cóir an t-airgead a roinnt go cothrom nuair a bheidh na costais agus na hiasachtaí ioctha. Bhí praghas forchoimeáda de €2.5 milliún le cur ar an maoin. Lorg abhcóide an banchéile moilliú ar an ordú ar feitheamh ar chinneadh a cliant cibé an lorgódh sí achomhairc. Dúirt abhcóide an fharchéile go raibh sí ag cur i gcoinne aon mhoill. Dúirt sí gur cás “aon cheist” é. Dúirt an abhcóide “Cheap mé nach raibh sé réadúil an aon chaoi inar ritheadh an cás. Argointí mothúchána seachas argointí maithe dlí a bhí ann.” Chuaigh abhcóide an banchéile i gcomhairle lena cliant agus dúirt siad nach lorgódh siad moill ar an mbonn go bhféadfadh siad filleadh ar an gcúirt mura ndíolfaí an teach ar €2.5 milliún.

‘Ní mór go dtuigfeadh na pairtithe nach mbaineann sé go díreach leis an rud atá “uaim.” Ní mór dom soláthar a dhéanamh don todhchaí. Caithfidh mé fianaise a choisteáil faoi luach na sócmhainne’

Is é ‘leas linbh lómhair’ an príomhábhar imní

*Ní drochthoradh
ach dea-thoradh
a bheadh ann ach
an t-ordú seo a
dhéanamh*

Bhí cás le réiteach ag an mBreitheamh James McNulty sa réigiún theas. D’iarr lánúin cead rochtana ar ghariníon dá gcuid dárbh aois ocht mbliana. D’fheicidís an páiste go minic nuair a bhí an t-athair in aontíos leo, ach Bhí deireadh feasta leis an gcumann a bhí aige leis an máthair. Lean an caidreamh a bhí acu leis an gcaillín ina dhiaidh sin faoi shocrú neamhfhoirmeálta, ach bliain go ham sin chuir máthair an pháiste deireadh leis an socrú.

Saolaíodh páiste eile de chuid an athar i gcumann mná eile ó shin, agus tugadh an buachaill seo chuig an ospidéal faoi chúinsí a bhí gan mhíniú. Níor thug athair an pháiste

ná a mhuintir mhór scéal don mháthair faoin eachtra seo agus bhí sí buartha dá bharr. Ní bhfuair sí féin fios an scéil ach nuair a rinne na gardaí teagmháil léi mar gheall go raibh an scéal á fhiosrú acu. Chuir sí deireadh leis an gcead rochtana ansin. Rud eile a bhí ag cur as don mháthair go bhféadfadh an t-athair a bheith i láthair i dteach na seanmháthar agus an tseanathar bíodh agus nach raibh socrú ann a thabharfadh cead rochtana dó go foirmeálta. Dúirt sí go raibh cúrsaí ‘mi-ionraicis’ ag déanamh buartha dí. Dár léi féin nuair a bhailíodh na seantuismitheoirí an páiste

cheana go bhfagaidís é i dteach an athar no in áit eile gan sin a chur ar a súile di féin.

Dúirt an tseanmháthair gurbh é an páiste seo an chéad duine de chlann a clainne agus gur dhlúthchuid de chomhludár an teaghlaigh a bhí ann le blianta anuas. Dúirt an seanathair gur chailín ‘an-speisialta’ i...’ go raibh siad an-cheanúil uirthi’, agus go raibh

go leor col ceathracha aici ar cheart cead a bheith aici iad a fheiceáil. Dúirt comhairleoir dlí na máthar nach raibh cead rochtana na gcol ceathracha ina chuid den iarratas faoi mar a bhí.

‘Is cás mí-amharach a bhí ann,’ arsa an Breitheamh McCulty, ‘ina raibh an ceart ag an dá thaobh.’ Thuig sé gur mhian leis na seantuismitheoirí an páiste a fheiceáil, agus bhí sé de cheart acu i a fheiceáil. Ach bhí scéal le míniú acu don mháthair maidir le gan í a chur ar an eolas faoi eachtra an ospidéal. Ba chóir é sin a chur in iúl di go pras ach ní dhearnadh sin. Dúirt sé lena chois sin: ‘Is beag nach mí-ionraiceas a bhí ina leithéid d’easpa mínithe agus bhí an ceart ar fad ag an máthair má cheap sí gur cliseadh uirthí. ‘Ba cheart leithscéal a ghabháil,’ ar sé. Dúirt sé gur cheart dóibh a leithscéal a ghabháil.

Bhí bunús mór leis an imní a bhí ar an máthair agus bhí údar maith leis an mbuáireamh a bhí uirthi, ach “bíodh sin mar atá, ba cheart don pháiste a muintir mhór a fheiceáil agus ba cheart dóibhsean ise a fheiceáil.” Shíl sé gurbh é sochar an pháiste muintir a hathar a fheiceáil, beirt a thug grá agus gean di nuair a bhí sí an-óg, faoi mar a thug sise grá agus gean dóibhsean. Ní drochthoradh ach dea-thoradh a bheadh ann ach an t-ordú seo a dhéanamh.

Tugadh an cead rochtana ar an gcoinníoll go mbeadh deimhniú agus dearbhú ann faoi mar ab oiriúnach. Cuireadh an t-athair as an áireamh chomh fada agus a bhí cead rochtana a mhuintire féin i gceist. Dúirt an Breitheamh gurbh é “leas an pháiste dhil seo an chloch ba mhó ar a phaidrín.”

D’aontaigh na páirtithe éagsúla go mbeadh ordú rochtana ann a mbeadh ionad neodrach mar thús leis ionas go bhféadfadh na daoine a bhí i gceist aithne a chur ar a chéile arís, agus de réir a chéile go mbeadh cead rochtana ann i dteach na seantuismitheoirí.

‘Déanann an Chúirt neamhshuim de chiontú i ndúnmharú - ní bhaineann sé linn’

Bhí cás neamhghnách le réiteach ag an mBreitheamh James McNulty i gCúirt Dúiche na Bandan. Is éard a bhí ann athair a bhí i dtús treimhsé fada príosúin mar gheall gur mharaigh sé máthair a pháiste féin agus é ag iarraidh cead rochtana ar an bpáiste anois. Bhí an páiste faoi chúram Fheidmeannas na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus shíl siadsan nár cheart go mbeadh cead rochtana ar bith ag an athair ar an bpáiste. Bhí siad ag iarraidh ordú cúraim go dtí go mbeadh 18 bliain slán ag an bpáiste.

Leag an FSS trí thuarascáil isteach: ceann le siceolaí agus siciteiripeoir a bhí ag obair ina chomhairleoir le dólás báis; ceann eile on gcoimeádaí ad litem; an tríú tuarascáil ba le hoibrí sóisialta í.

Shíl an FSS dá gcasfadh an páiste leis an athair go b’fhéidir go meabhrófaí dó imeachtaí na hoíche ar maraíodh a mháthair. Is páiste 18 mí a bhí an ag an am, agus bhí sé i láthair nuair a tharla an marú. Fuarthas é agus gan ina chuideachta ach corpán na máthar, an t-athair gan aithne gan urlabhra, agus lorg fola ar an bpáiste 22 huair a’ chloig tar éis na heachtra. Bhí caint sa tuarascáil ó bheal an chomhairleora: dúirt seisean go raibh cuma trína chéile ar an bpáiste, agus a shliocht sin ar an mbualadh cloiginn ba nós leis a dhéanamh. Dár leis an FSS gur rud cead rochtana a gcaithfi síorathbhreithniú a dhéanamh air.

Dúirt oibrí sóisialta gurbh é leas an pháiste gan aon bhaint a bheith aige leis an athair i láthair na huair. Is í ceist a bhí ar chomhairleoir dlí an athar: “Cá bhfios duit cén uair a fhéadfaidh an páiste an t-athair a fheiceáil arís?” Dúirt an t-oibrí sóisialta

go mbeadh duine ó Barnardos ag obair ina theannta, agus ‘gur ag an te sin is fearr a bheadh tuiscint ar riachtanais an pháiste.’

Dúradh leis an oibrí sóisialta go mbeadh fianaise a tabháirt ag dochtúir thar ceann an athar gurbh fhéidir go raibh an páiste trína chéile de bharr a bheith scartha óna mhuintir. Dúirt an t-oibre sóisialta má bhí an páiste trína chéile go raibh feiceáil mharú a mhathar mar chuid den chúis a bhí leis sin, agus maidir le bheith scartha óna athair, nach mbeadh ansin ach cúis ba lú.

Ba í tuairim an choimeádaí ad litem chomh maith ceanna nárbh é leas an pháiste caidreamh a dhéanamh leis an athair i láthair na huair. Dúirt an t-athair go raibh cead rochtana ag teastáil uaidh ‘de bharr gurbh é féin an t-athair, ba mhaith liom mo pháiste a fheiceáil. Is deacair an ceangal atá eadrainn a chur i bhfocla’. Bhí siciatraí ar scor ann a thug fianaise thar ceann an athar. Dar leisean chomh maith nár rud inmholta an bheirt a thabhairt i láthair a chéile go fóill, agus is é moladh a bhí aige go mbeadh beagán caidrimh ann, eolas a chuirfí chuig an athair on bpáiste, cuir i gcás.

Dúirt lucht comhairle FSS gur mhithid glacadh leis nár cheart caidreamh idir páiste agus duine dá mhuintir ach amháin nuair is é glanleas an pháiste a bheadh ann. Dúirt abhcóide FSS: “An rud a tharla san am atá caite, is minic a lorg ar an rud a tharlóidh san am atá romhainn. Ní féidir neamhaird a dhéanamh den rud a tharla an lá úd.”

D’eitigh an breitheamh an t-athair san iarratas a rinne sé ar chead rochtana, agus dúirt sé nár dhóigh go gceadódh an chúirt a leithéid d’iarratas go ceann tamaill. Ba í

‘An rud a tharla san am atá caite, is minic a lorg ar an rud a tharlóidh san am atá romhainn. Ní féidir neamhaird a dhéanamh den rud a tharla an lá úd’

firinne shearbh an scéil go raibh tréimhse fhada le caitheamh aige sa phríosún mar gheall ar an gcoir a bhí déanta aige, agus “nach raibh aon bhaint ag cinneadh na cúirte leis an gcoir sin...Déanfaidh an chúirt neamhaird de dhaorbhreith an dúnmharaithe mar ghearr cúirt eile pionós air cheana sa choir sin, tá deireadh ráite faoin scéal sin, agus ní rud é a bhaineann le gnó na cúirte seo beag ná mór.”

Cheadaigh sé iarratas ar ordú cúraim go dtí go mbeadh 18 mbliana slán ag an bpáiste, ach chuir sé de choinníoll leis go ndéanfadh

an chúirt athbhreithniú ar a chuid feidhmithe i gceann bliana. Bhí tuarascáil gach re ráithe le cur chuig an athair ag FSS maidir leis an bpáiste, rud a mbeadh pictiúir leis. Cead ag an athair scríobh chuig a mhac chomh minic agus ab áil leis, ach níor cheart don pháiste litir ar bith díobh sin a fheiceáil i láthair na huair.

Faoi cheann dhá bhliain, cuirfidh FSS tuairisc ar fáil don chúirt le rá ar cheart don athair athchaidreamh a bheith aige leis an mac no nár cheart, nó cá huair ba cheart a leithéid sin a bheith ann.

D’iarr athair an oiread ama lena mhac agus a cheadódh an chúirt

Cás a bhí le réiteach ag an mBreitheamh Eamon O’Brien an uair ba mhian le hathair an cead rochtana a bhí aige ar bhuachaill ocht mbliana d’aois a chur i réim arís. San am roimhe sin, is é cead a bhí aige trí huair a’ chloig ar an Domhnach on 12 meánlae go dtí a 3 trathnóna. Thit an tóin as an socrú seo de dheasca na bhfadhbanna pearsanta a bhí ag an athair. Ach dúirt sé go raibh réiteach faighte aige ar na fadhbanna sin, agus go mbeadh ar a chumas tús nua a chur leis an cead rochtana ar a mhac tar éis dó gan é a fheiceáil ar feadh 14 mhí.

D’inis an t-athair don chúirt nach raibh sé ach ar bheagán iontaofachta cheana, “uaireanta go mbeadh an mac aige, uaireanta ní bheadh.” Bhí “trioblóid aige ina shaol pearsanta”, agus bhí sé tugtha don ól ag an am, de ló agus d’oíche cuid den am. Leag sé an mishuaimhneas mór pearanta sin ar an mbás a chonaic sé cara dá chuid a shaothrú ar láthair na hoibre. Bhí freastal déanta aige ar Alcoholics Anonymous ó shin, bhíothas

ag cur comhairle air, agus ní raibh “braon ar bith ólta” aige le 14 mhí, “buíochas le Dia.” Bhí an-fhonn air athchaidreamh a dhéanamh lena mhac, agus bhí sé ag iarraidh cur leis an gcead rochtana a bhí aige, oiread agus a ghéillfeadh an chúirt dó, an fanacht thar oíche dá mb’fhéidir sin. Dúirt sé leis an mbreitheamh go raibh sé ag obair dhá lá sa tseachtain ina thógaláí agus go raibh cónaí air feasta i teach a raibh gairdín leis.

Chuir lucht comhairle mháthair an bhuachalla baim ar an dá eachtra tiomána tar éis óil ar dáoradh an t-athair iontu, agus dúirt gur thug an breitheamh de rabadh dó nuair a bhí éisteacht ann go deireanach dá mbéarfá air ag tiomáint arís agus ól déanta aige go gcuirfí príosún air dá bharr. Dar le lucht na comhairle nach ndearna an t-athair ach staonadh ón ól ar fhaitíos an phríosúin ní hionann agus le súil go n-éireodh leis athchaidreamh a dhéanamh lena mhac. Bhagnaigh an t-athair an chaint sin go láidir agus is trom a ghoill sí air. Dúirt sé nach raibh baint ar bith ag an mac le ceann ar bith

de na heachtraí tiomána tar éis óil.

Dúirt an mháthair gur sa bhaile in aontíos lena muintir agus lena beirt chlainne a bhí cónaí uirthi feasta, agus go raibh aithne croí aici ar dhuine eile le trí bliana anuas. Rinne sí cur síos ar an anró agus ar an gcruatan a bhí uirthi nuair a bhíodh cead rochtana ag an athair ar an mac roimhe sin ar feadh ceithre bliana. Thagadh an mac abhaile arsa sí “agus é trí chéile go mór” agus bhíodh “taomanna feirge” air.

Dúirt sí go gcuireann toit agus fionnadh na gcapall ailléirge ar an mac agus gur lig an t-athair in aice leis an dá rud sin é rud a chuir

as dá shlainte. Cé go raibh “athas” uirthi go raibh an t-ól caite in aer aige, níor chreid sí go n-éireodh leis fanacht uaidh go deo agus dá bhrí sin gur cheart scrúdú siciatrach a chur air feiceáil ar chóir cead rochtana ar an mac a thabhairt dó.

Chuir an Breitheamh O’Brien an chéad chead rochtana i réim an athuair, is é sin idir 12 meánlae agus 3 trathnóna De Domhnaigh. Gheall an t-athair go dtabharfadh sé aire don mhac, nach ndéanfadh sé ól ina chomhludár agus nach gcaithfeadh sé tabac nuair a bheadh sé ann, agus gheall sé nach ligfeadh é i ngaobhar na gcapall é.

Ní ar a leas é mac a choinneáil amach ó theach a athar

Rinne athair achomharc in aghaidh rialacháin de chuid na Cúirte Dúiche a chuir cosc air a mhac cúig bliana d’aois a thabhairt chuig teach a pháirtí i

dTuaisceart Éireann le linn cuairteanna rochtana. D’éirigh leis an achomharc. Rinne an Chúirt Dhúiche malairt ordaithe freisin lenar ardaíodh na híocaíochtaí cothabhála

Is í tuairim na cúirte ‘gurb é leas an pháiste an rud is tabhachtaí ar fad a thagann i gceist’

ó €76 go €120 in aghaidh na seachtaine móide €100 ina chostaisí scoile agus €100 le haghaidh na Nollag; ach dúirt an Breitheamh John O’Hagan go ndeimhneodh an chúirt an mhír sin d’ordú na Cúirte Dúiche.

Ba é rialu a rinne an Breitheamh O’Hagan go gceadófaí don athair a mhac a thabhairt go dtí teach a pháirtí agus a triúr chlainne leis an oíche a chaitheamh gach ré deireadh seachtaine rochtana ó 7 í.n. ar an Aoine go dtí 6 í.n. ar an Domhnach. Tá cead rochtana ag an athair gach ré deireadh seachtaine agus ghéill an Breitheamh O’Hagan d’achomharc an athar mar “ní fheicim gurb é leas an pháiste é a choinneail ón teach.”

Rinne an breitheamh an rialachán tar éis dó míreanna fianaise a bhí ag dul in aghaidh a chéile a chloisteáil ó thuismitheoirí an pháiste maidir le líomhaintí faoi mhaslaithe agus faoi theachtaireachtaí téasca drochmhúinte a chuir páirtí an athar chuig an máthair. Chuir na tuismitheoirí aithne ar a chéile i 1997 agus bhris eatarthu i mBealtaine 2002 trí seachtaine tar éis bhreith a mic. Dúirt an mháthair go bhfuair sí amach go raibh cumann ag an athair le bean eile in Albain. Faoin am seo, is i dTuaisceart Éireann a bhí sé ina chónaí lena pháirtí agus an triúr mac a bhí aici dár bh aois sé bliana, seacht mbliana agus naoi mbliana. Bhí imní uirthi faoin tionchar a bhí ag na cuáirteanna go teach an athar ar a mac féin. Thagadh sé abhaile uaireanta agus gearradh agus gormadh ar a chraiceann, agus dúirt sé gur gheall bean an athar t-léine dó ach a dtabharfadh sé ‘plubaire mór mna’ ar a mháthair féin. Dúirt sí freisin gur dhúradh leis ‘nach fada go mbeidh tú in éineacht le do mháthair cheart.’ Ar shráid a baile dhúchais féin, le linn di a bheith ag brú buggy roimpi, thainig an bhean eile agus bhrúigh go leataobh í. Chuir sí an Garda Síochána ar an eolas faoin scéal sin, agus faoi na teachtaireachtaí teasca drochmhúinte a bhí faighte aici. Bhí sí sasta le huaireanta an cheada rochtana, agus ní thíocfadh sí salach ar chead rochtana ar bith, ach ní raibh sí ag iarraidh go dtabharfaí an mac go dtí teach an pháirtí.

Shéan athair an pháiste na líomhaintí, agus dúirt go raibh faitíos ar a pháirtí teacht go

dtí an baile mór gan chomhlúadár a máthar nó duine eile. Níor sharaigh sé ordú na cúirte, ach dúirt sé gur thug sé an mac chuig an teach uair amháin nuair a bhí deirfiúr a pháirtí i dtimpiste cairr ach níor chaith siad an oíche ann. Le linn an cheada rochtana, ba ghnách leis fanacht i gcuideachta an mhic tigh a mhuintire sa Phoblacht. “Is leatrom ar mo mhuintir atá ansin – tá siad in aois an phinsin,” arsa sé. Shéan sé go luafaí ainm na máthar fiú le linn an cheada rochtana, agus dúirt sé gur thug a pháirtí oiread aire dá mhac agus a thug sí dá clann féin. Maidir le gearradh agus gormadh a bheith ar a chraiceann, is éard a dúirt se: “Tarlaíonn sé sin. Bíonn sé ag imirt peile.” Níor fagadh a mhac féin leis féin riamh i gcomhlúadár le triúr mac a pháirtí.

Dúirt a abhcóide leis an gcúirt nach raibh firinne dá lághad sna líomhaintí a bhí a ndéanamh ag páirtí an fhir. “Is i an mháthair atá ag déanamh na bullaíochta. Bíonn [ar an bpáirtí] a máthair a thabhairt léi uair sa tseachtain go dtí an banc. Is cosuil go mbíonn an mháthair roimpi i gcónaí.”

Dúirt an breitheamh O’Hagan: “Deir an t-athair liom go bhfuil a pháirtí anseo más mian liom éisteacht léi, ach ní dóigh liom go ndéanfadh sin ach barr a chur ar an aighneas atá idir na páirtithe éagsúla.”

Rinne sé tagairt do Chuid 3 den Acht Caomhnaithe Leanaí, 1964 áit a ndeirtear gurb í tuairim na cúirte “gurb é leas an pháiste an rud is tabhachtaí ar fad a thagann i gceist.” “Cloífidh mise leis an tuairim sin,” arsa sé. Ní dóigh liom gur chiallmhar an rud an páiste a choinneáil ó dhoras go deo. Ní dóigh liom gurb é leas an pháiste é a choinneail ón teach.” Is ansin a rinne an breitheamh an t-ordú, rud a thug cead don athair an páiste a thabhairt leis thar limistéar amach ionas go ligfí dó fanacht leis an athair i dteach a pháirtí gach ré deireadh seachtaine de chuid na ndeirte seachtaine rochtana.

Chuir sé an cás ar athló go dtí an chéad tearma eile.

“Ní chuirfidh me mo ladar sa scéal ach amháin má bhíonn cruthúnas agam go bhfuil maslú a dhéanamh. Féachfaidh mé ar an gcás arís,” ar sé.

I mBeagán Focal

Is eagal leis an athair go n-imeoidh an páiste ó aithne air

Dúirt an comhairleoir a bhí ag fear a bhí ag lorg cead rochtana agus é scartha óna mhnaoi leis an mBreitheamh John O’Hagan ar an gCúairt Thuaidh nach raibh an mháthair i láthair na cúirte. Dúirt an comhairleoir go raibh a cliant trí chéile agus inní air faoin moill a bhí ar an ordú. Tá iníon trí bliana d’aois aige, agus b’eagal leis go n-imeoidh an páiste ó aithne air mura socrófaí ceist na rochtana. Dúirt sí go raibh a seacht ndicheall déanta acu ach nárbh fhéidir comhoibriú ar bith a bhaint as an mbean chéile. Mheabhraigh sí don Bhreitheamh gur chaith an bhean chéile líomhaintí áirithe leis an bhfear uair sa chúirt. Ní raibh sí sásta cead rochtana a cheadú in áit chónaíthe an fhir chéile is é sin ar a theallach féin. Bhí tuismitheoirí an fhir scartha ó chéile. Bhí ceist ar chomhairleoir an fhir chéile maidir le tuarascáil a bhainfeadh le hAlt 47. Faoina scáth seo, tig leis an gcúirt tuairisc scríofa a ordú mar gheall ar cheist ar bith a bhaineann le leas páirtí ar bith a bhíonn luaite le himeachtaí na cúirte, rud a ullmhaíonn duine arb é an Bord Sláinte a ainmníonn e. D’fhiafraigh an Breitheamh cé a d’íocfadh as tuarascáil dá leithéid agus dúradh leis gur fadhb a bhí ansin. Dúirt an breitheamh: ‘Is dóigh liom go bhfuil ionad Barnardos anseo ar an mbaile. Molaim duit dul chun cainte leo. Iarr orthu a theacht chun cinn as a stuaim féin

le héascaíocht a dhéanamh i gceadú na rochtana. Is breá ar fad an timpeallacht atá ann, agus is eol dom gur chuidigh siad le ceadú rochtana i gcásanna eile.’”

Níos sia amach sa lá, tháinig comhairleoir an fhir chéile ar ais chun cúirte agus dúirt sé nárbh fhéidir le Barnardos cabhrú leis na dáoine i gcásanna nach raibh 10 mbliana slán ag an bpáiste.

Lábhair sí arís ar an inní a bhí ar a cliant, agus dúirt sí leis an mbeitheamh arís go raibh sé go mór trí chéile. Is é freagra a bhí ag an mbreitheamh: “Scaoilfidh mé féin an gad más ea. Ordaím an cailín a thabhairt go dtí teach a seanmháthar, is é sin an teach atá ag máthair a hathar.” Dúirt an comhairleoir gurbh fhearr an cead rochtana a ordú i dteach an athar ós ann a bhí cónaí air feasta. Is é freagra a bhí ag an mbreitheamh: ‘Ní hea, is mian liomsa ionad neodrach a bheith ann. Ordaím sé do mháthair an chailín an páiste a thabhairt go dtí teach na seanmháthar ar an 23ú lá de mhí na Nollag idir an 10 ar maidin agus a 12 meánlae, sin nó socrú a dhéanamh le hí a chur ann. Is mithid cead rochtana a bheith ag an athair i rith an ama sin, agus is mithid don tseanmháthair fanacht ar an láthair i rith am na rochtana.’” Ghabh an t-athair buíochas leis an mbreitheamh.

Achomharc fir 'chun an córas a úsáid'

Maidir leis na 14 achomharc sa Chúirt Dhúiche atá ar liosta na n-éisteachtaí ar chuairt Bhaile Átha Cliath, tarraingíodh péire díobh siar, tá ceann ar fionraí, tá ceann ar fionraí fad a bheas athbhreithniú á dhéanamh ar shocruithe rochtana atá i bhfeidhm cheana féin, tá cheithre cinn den fharasbarr cásanna á n-aistriú go dtí cúirt eile, agus éistfidh **an Breitheamh Raymond Fullam** le cúig chás eile atá fágtha

'Más liom an páiste, tá freagracht orm, ach níl glanadh na mbilli i mo chuid acmhainní agam, agus ní féidir liom an méid sin a íoc i láthair na huaire'

Bhí bean ann a raibh tinneas fadtéarmach uirthi agus ba mhian léi go gcuirfi cead rochtana an té a mbíodh sí pósta aige ar ceal de bharr nach mbacadh sé le teacht ar chor ar bith. Maidir leis an ordú de chuid na Cúirte Dúiche a bhí i gceist, is éard a bhí ann príosún 7 lá a chur air de bharr gur theip air airgead cothabhála a íoc. Mhinigh dlíodóir na mná an patrún a bhí le séanadh an airgid sin. Tar éis dóibh colscaradh a fháil in 2006, ba cheart go bhfaigheadh an cliant €75 in aghaidh na seachtaine di féin maraon le €150 an duine dá beirt iníon. Nuair a ordáiodh an tréimhse phríosúin, bhí fiacha €6,525 air, agus níor íocadh faic le dhá mhí go leith ó shin anuas. Is éard a dúirt an dlíodóir leis an mBreitheamh Raymond Fullam gur léir go raibh an fear ag moilleadóireacht agus ag seachtaint na híocaíochta trí achomharc a dhéanamh mar níor bhac sé le teacht i láthair na cúirte fiú. "Tá sé ag úsáid an chórais agus tá sé ag cur dua mór ar mo chliant trí gan a dhualgas a dhéanamh." Dheimhnigh an chúirt ordú na Cúirte Dúiche ach thug siad cairde trí seachtaine dó ionas go bhféadfadh sé an t-airgead a íoc.

I gcás eile, labhair athair ar a shon féin, agus shíl sé achomharc a dhéanamh ar ordú de chuid na Cúirte Dúiche a thug air airgead cothabhála eastramhach luach €75 sa tseachtain a íoc do chailín seacht mí d'aois ar choinníoll go ndéanfaí scrúdú an tuismitheora fir. Dúirt sé nár deimhníodh

Tuairisc na Cúirte

fós cérbh é athair an pháiste. Níor shéan sé gníomh collaíochta leis an mbean, ach dúirt sé nár mhian leis leasbhráthair ná leas-shiúr a bheith ag a bheirt chlainne féin. Níor thug sé cairdeas croí aige don máthair riamh, agus níor thúisce an scéal seo amuigh ach d'imigh a leannán féin air, tógadh a chlann uaidh, bhí an carr imithe air maraon le cairde go leor, agus bhí aiféala air faoin iomrall a bhí déanta aige. Ní raibh "leithphingin rua fágtha aige" mar is as a phócá féin a bhí sé ag íoc an mhorgáiste ó thug a leannán an doras amach uirthi féin, bhí sé i bponc mar gheall ar a chárta creidmheasa, agus rinneadh athshealbhú ar a charr de bharr gur theip air an iasacht a aisíoc. Bhí beagán airgid ag gaimbin air, rud a fuair sé uaidh le "seancharr gan mhaith" a cheannach. Ba dhóigh luach an tí faoi bhun an phraghais feasta mar ní raibh ann ach bliain go leith ó cheannaigh sé é agus is le mórgáiste 100% a rinne sé sin. Dá bhri sin, fiú dá ndíolfadh sé an teach bheadh sé báite i bhfiacha fós.

Nuair a rinneadh an trascheistniú air, dheimhnigh sé le dlíodóir na máthar go raibh tuarastal réasunta maith aige, ach bhí jab aige ag seachadadh béilte oíche amháin sa

tseachtain leis an bhfuíollach a thuilleamh agus sin é an fáth a raibh an carr de dhíth air. Ó cheannaigh sé an teach, ní dheachaigh sé amach agus ní dheachaigh sé ag ól. Is é an saol sóisialta a bhí aige ag breathnú ar an teilifís, agus sin é an fáth a raibh an pacáiste Sky aige is fairsinge aige dá bhfuil ann.

Dúirt sé: “Más liom an páiste, tá freagracht orm, ach níl glanadh na mbilli i mo chuid acmhainní agam, agus ní féidir liom an méid sin a íoc i láthair na huaire.” Dúirt sé gur cheart scrúdú an tuismitheora fir a bheith ann roimh Nollaig, ach níor fhéad sé íoc as de bharr gur mhian leis bronntanais Nollag a cheannach dá chlann.

Dúirt an mháthair nach raibh uaithi i ndáiríre ach go n-íocfadh sé leath de tháilli na naíolainne is é sin €998 in aghaidh na míosa anois. Bhí post maith aici ach ba chrua di agus b'éigean di iasacht bhreisé €30,000 a fháil nuair a rugadh a hiníon. Bhí sí cinnte dearfa gurbh eisean an t-athair, ach níor mhiste léi dá ndéanfaí scrúdú an tuismitheora fir.

Ghlac an Breitheamh Fullam leis gur phraiseach a bhí i gcúrsaí airgid an fhir ach gur air féin an chuid is mó den mhilleán faoi seo. Is ansin a d'ordáigh sé don athair €100 in aghaidh seachtaine a íoc, agus chuir sé feidhmiú an ordaithe sin ar cairde go dtí go ndéanfaí scrúdú an tuismitheora fir. Chuir sé an cás ar athló go ceann trí seachtaine, agus dúirt leis an athair go raibh sé ag súil leis go mbeadh an scrúdú déanta i gceann an ama sin.

Idir an dá linn, bhí fear ann a labhair ar a shon féin, agus rinne sé achomharc ar ordú cothabhála de chuid na Cúirte Dúiche. Dúirt sé gurbh éard a bhí san ordú go n-íocfadh sé €150 in aghaidh na seachtaine don iníon dhá bhliain d'aois a bhí aige, ach nuair a rinneadh an t-ordú sin gur lóistin ar cíos a bhí aige. Bhí áit á cheannach aige agus de bharr íocaíochtaí an mhorgáiste, ba mhian leis go lághdófaí é sin go dtí €120 nó €130 in aghaidh na seachtaine. Chuala an breitheamh fianaise maidir leis an tuarastal atá aige agus

na costais a bhíonn air, agus ansin d'iarr sé ar an máthair fianaise a thabhairt. Bhí sise ag labháirt ar a son féin chomh maith. Dúirt sí go gclisfeadh uirthi dá lághdófaí a cuid airgid uirthi. “Is sa teach a cheannaigh an bheirt againn le chéile atá cónaí orm agus íocaim féin as lán an mhorgáiste. Níl agam ach an t-airgead cothabhála a thugann sé féin dom, agus dhá lá oibre sa tseachtain, agus íocaim na billí ar fad as an méid sin. Má chungaionn orm ní bheidh mo dhóthain agam, agus níl breis laethanta ar fáil dom ón jab.

Ní raibh “ciall ná réasun” leis an ráiteas a rinne sé maidir lena chuid acmhainní. “Ní íocann sé an méid sin, agus tá an mórgáiste níos lú ná an méid a dúirt sé mar dúirt sé liom ar théacs cé mhéad é féin. Tá an teachtaireacht agam fós.” Ba dhóigh leis an nBreitheamh Fullam gur ordú cóir a bhí déanta ag an gCúirt Dhúiche agus dheimhnigh sé ordú €150 sa tseachtain.

Rinne fear gan phósadh achomarc ar ordú rochtana agus cothabhála. Bhí sé féin agus an mháthair ag labháirt ar a son féin faoi seach, ach bhí easaontas eatarthu maidir le cé acu ordú a bhí faoi achomharc.

Thug an Chúirt Dhúiche cead rochtana cheana don athair gach uile sheachtain ar feadh uair a' chloig ar an Satharn, agus cuireadh an cás ar athló feiceáil cé mar a d'éireodh leis an socrú. Is é an port a bhí ag an athair gur le cur leis an gcead rochtana a bhí siad os comhair na cúirte más maith an toradh a bhí air, ach is éard a d'agair an mháthair gurbh í ceist an airgid chothabhála a bhí le plé. Níor íoc sé airgead cothabhála riamh, agus d'ordáigh an chúirt é. Ach ní raibh an t-ordú léi aici. Ba scéal mór ag an athair gur íoc sé roinnt airgid chothabhála, agus thairg sé finné a chonaic é ag tabháirt airgid don mháthair. Níor aimsigh an breitheamh ordú cothabhála ar bith sna comhaid agus dá bhri sin níor fhéad sé deileáil leis an gceist. D'ordaigh sé an comhad a thabhairt i láthair ón gCúirt Dhúiche agus chuir sé an cás ar athló go ceann trí seachtaine.

‘Tá costas tuarascáil Alt 47 rí-ard’

Ar an 42 chás roimhe, deonaíonn **an Breitheamh John O’Hagan** naoi gcolscaradh agus ceithre idirscaradh breithiúnach. I gcás amháin, tá bean as láthair agus scriostar a hiarratas ar cholscaradh. Nuair a thagann sí níos déanaí, cuirtear an cás ar ais agus deonaítear foraithe colscartha

Rinne an Breitheamh John O’Hagan tagairt don chostas ard a bhaineann le tuarascálacha sóisialta a fháil i gcásanna dlí teaghlaigh i suí i mbaile tuaisceartach den Chúirt Teaghlaigh Chuarda. Tugtar cumhacht don chúirt le hAlt 47 den Acht um an Dlí Teaghlaigh tuarascáil a fháil i scríbhinn “ar aon cheist a rachaidh i bhfeidhm ar leas aon pháirtí sna himeachtaí,” cibé ar a fhoirarratas féin, nó ar iarratas chuici ó pháirtí leis na himeachtaí. Bhí an Breitheamh O’Hagan ag éisteacht iarratais ar chaomhnóireacht eatramhach agus ar rochtain a chur ar atráth go dtí an chéad suí eile den chúirt d’fhonn an deis a thabhairt tuarascáil Alt 47 a ullmhú. Lorg an banchéile agus an fearchéile idirscaradh breithiúnach agus tugadh caomhnóireacht aonair na mbeirt leanáí, sé bliana d’aois agus trí bliana d’aois don fhearchéile trí ordú toillithe sa Chúirt Dúiche.

Bhí an banchéile anois ag lorg caomhnóireacht eatramhach ar feitheamh ar imeachtaí an idirscartha breithiúnaigh. D’fhiafraigh an breitheamh cibé an raibh a fhios ag na páirtithe an costas a bhain le tuarascáil Alt 47. “Cé a íocfaidh as?” a d’fhiafraigh sé. “Tá caomhnóireacht eatramhach uaithi[an banchéile]. Tá cosaint

ó ordú na Cúirte Dúiche agat cheana [an fearchéile]. In anneoin go measfaidh sí [an banchéile] go bhfuil sé seo pianmhar, ní bheidh aon ordú eile á dhéanamh agam inniu maidir le caomhnóireacht san ábhar seo. Feidhmíonn an Chúirt Dúiche seirbhís dóiteáin. Beidh an scéal iomlán ag teastáil uaim.”

Mhol an Breitheamh O’Hagan gur cheart do na páirtithe a bheith ag smaoineamh ar thuarascáil sóisialta a fháil ó eagraíocht cosúil le Barnardos. “B’fhéidir go mbeadh ar a gcumas é a dhéanamh ar chostas réasúnach. Smaoinigh ar sin nuair atá tú ag smaoineamh ar thuarascáil Alt 47. Tá géarghá le chúltaca sa chóras. Tá costas tuarascáil Alt 47 rí-ard. In iarratas eile, iarradh ar an mBreitheamh O’Hagan moladh a dhéanamh maidir le cé ar chóir dó tuarascáil Alt 47 a chur i gcrích. Bhí ainmneacha ceathrar ag abcóide an fhearchéile agus an banchéile, ar síceolaithe cliniciúla iad triúr. “An bhfuil aon tuairim agat cé mhéid a ghearrfaidh siad?” a d’fhiafraigh sé. Dúradh leis an mBreitheamh go gcosnódh an tuarascáil idir €3,500 agus €5,000. Dúirt abhcóide an fhearchéile go raibh a cliant toilteanach an costas iomlán an íoc.

I gcás eile, d’fhiafraigh abhcóide an banchéile ar an mBreitheamh O’Hagan

treoir a thabhairt maidir le cuntais bainc, tuairisceáin chánach agus luacháil maoinne a fearchéile. Treoiríodh don fhearchéile ag suí cúirte roimhe seo nochtadh a dhéanamh ach dúirt abhcóide an bhanchéile, gur nochtadh sonraí iasacht amháin de na 19 n-iasacht déag bainc a bhí ag a fearchéile. Dúirt ionadaithe dlí an fhearchéile go ndearnadh botún san oifig agus go gcuirfí na cuntais eile bainc ar fáil anois.

Dúirt abhcóide an bhanchéile go bhfuair sí na tuairisceáin chánach a rinne an fearchéile agus nach raibh aon chiall leo, agus nár thug an fearchéile ach luachálacha a rinne sé féin ar a mhaoin.

“Má chinneann sé a bheith ag rith timpeall, eisean a bheidh i sáinn. Féadfaidh tú do luachálacha gairmiúla féin a fháil’ a dúirt an Breitheamh O’Hagan leis an abhcóide. “Cuirfidh mé síneadh ama leis an am ar fáil chun nochtadh a dhéanamh. Féadfaidh sí a luachálacha neamhspleácha féin a fháil agus ceadóidh mé na costais di. B’fhéidir go gcuirfeadh sé sin béasa air.”

I gcás eile, dúirt fearchéile: “Ní raibh aon chuid de seo uaim” nuair a bhí an Breitheamh O’Hagan ag deonú foraithe idirscartha breithiúnaigh. Scar an lánúin sa bhliain 2006 agus phósadh iad sa bhliain 1993 agus bhí beirt leanaí acu ceann dhá bhliain deag d’aois agus ceann ceithre bliana déag

d’aois, a bhfaca an fearchéile gach deireadh seachtaine. De réir téarmaí a socraíocht, bhí an fearchéile chun claonchothú a íoc lena bhanchéile agus lena leanaí agus cnapshuim €75,000 a íoc lena bhanchéile a mbeadh iallach uirthi áras an teaghlaigh a fhágáil. Na leanaí a bheadh ina dtairbhithhe ar phinsin an athar go dtí go sroichfeadh siad ocht mbliana déag d’aois. “Níor roghnaigh mise é seo,” a dúirt an fearchéile.

“Is socraíocht an-mhaith é seo,” a dúirt an Breitheamh O’Hagan leis. “Agus tá sí eatramhach go dtí an colscaradh.” Bíonn an-chuid comhghéillte ann sna socraíochtaí seo agus nílim dall ar na deacrachtaí.”

Bhain an chéad chás eile le fear agus banchéile a thiomsaigh an-chuid maoinne i rith a bpósadh.

Chomhaontaigh siad tearmaí na socraíochta lena n-áirítear áras an teaghlaigh a aistriú chuig an mbranchéile mar aon le maoin saoire san Eoraip. Bhí an bheirt acu ag obair agus d’fhéadfadh an bheirt leanaí cónaí lena máthair. Dheonaigh an Breitheamh O’Hagan foraithe idirscartha breithiúnach agus thréaslaigh sé leo ar an gcomhaontú. “Bíonn sé an-deacair nuair a charnaíonn tú an-chuid maoinne. Tá an-chuid comhghéillte agus áidh i socraíocht chomh maith. Tiofáidh sé seo isteach arís agus is féidir aon mhioncheisteanna a shocrú.”

‘B’fhéidir go mbeadh ar a gcumas [Barnardos] í a dhéanamh ar chostas réasúnach. Smaoinigh air nuair atá tú ag smaoineamh ar thuarascáil Alt 47’

I mBeagán Focal

Ardmholadh tugtha ag breitheamh do sholáthar a rinneadh ar áras teaghlaigh

Bhí foráil neamhghnách maidir le háras an teaghlaigh in iarratas ar idirscaradh breithiúnach gan chonspóid a bhí roimh an mBreithamh John O’Hagan ar Chuardir an Tuaiscirt. Bhí triúr leanaí cleithiúnacha ag an lánúin agus bhí fadhbanna sláinte ag an iníon ab óige. Chuaigh sí faoi thrasphlandú orgáin agus bhí fadhbanna foghlama aici.

De thoradh ar an gcúram a bheadh de dhíth uirthi, ní raibh an deis ag an

mbranchéile a bheith ag obair lasmuigh den bhaile. Chomhaontaigh na páirtithe go n-aistreoí áras an teaghlaigh chuig an mbranchéile, ach dá bhfillfeadh sí riamh ar an bhfórsa oibre go bhféadfaí breathnú ar an scéal arís agus bheadh ar an mbean leas an fhearchéile a cheannach. Thréaslaigh an Breitheamh leis an lánúin as an t-socraíocht seo a bhaint amach in ainneoin deacrachtaí an linbh.


Phróiseáil Cúirt Chuarda an Oirdheiscirt 22 cás de cholscaradh toilithe

Léirigh na cásanna a cuireadh i gcrích i gCuard an Oirdheiscirt gur socraíodh an mórchuid a tháinig roimh an gcúirt i Mí Dheireadh Fómhair 2006 a scríobhann **Carol Coulter**

Tá limistéar leathan geografach ag Cuard an Oirdheiscirt ag síneadh ón Aonach ar an taobh iartharach de Thiobraid Árann go na bailte cósta Loch


Garman agus Port Láirge ag cur san áireamh Cill Chainnigh agus Ceatharlach. I Mí Dheireadh Fómhar reachtáladh éisteachtaí dlí teaghlaigh san Aonach agus i Loch Garman

Figiúr 1 Saincheisteanna a bhaineann le leanaí



- Comhchaomhnóireacht, cúram agus smacht chuig an máthair
- Comhchaomhnóireacht, cúram agus smacht chuig an athair
- Caomhnóireacht aonair chuig an máthair
- Caomhnóireacht aonair chuig an athair
- Níor sonraíodh aon chaomhnóireacht

Figiúr 2 Áras an Teaghlaigh



- Téann an banchéile i bhfeighil
- Téann an fearchéile i bhfeighil
- Díolta agus roinnte
- Bhí tithe ag an mbeirt acu
- Níor tagraíodh d'áras an teaghlaigh

agus éistíodh 26 chás san iomlán.

Orthu seo, ba cholscarthaí toilithe iad 22, agus i gcás ceithre cinn déag bhí socraíochtaí idirscartha nó idirscarthaí breithiúnacha ann roimhe sin. Rinneadh rialacha cúirte daoibh seo sna himeachtaí colscartha. Deonaíodh dhá cholscaradh breithiúnach ar toiliú.

Éistíodh dhá iarratas ar cholscaradh, agus bhí siad neamhghnách. I gceann amháin an t-aon chéist a bhí le réiteach ná gur lorg an banchéile, an t-iarratasóir, dearbhú leasa i dteach faoi úinéireacht mháthair an fhreagróra, ar páirtí fógra í. Theip ar an iarratas, agus deonaíodh an colscaradh, agus dámhadh costais i gcoinne an iarratasóra.


Sa chás eile deonaíodh idirscaradh breithiúnach cúpla bliain roimhe sin, agus ordaíodh na faoisimh airgeadais, ach rinneadh achomharc ar na téarmaí seo chuig an Ard Chúirt, agus bhí rath ar an achomharc, agus fágadh nach raibh aon fhaoiseamh airgeadais i bhfeidhm. Lorg an fearchéile, an t-iarratasóir colscaradh ansin. Níor tháinig an banchéile i láthair. Dhiúltaigh an Breitheamh Olive

Buttimer colscaradh a dheonú, toisc nach ndearnadh aon soláthar cóir don banchéile, agus níor éiligh an banchéile é agus níor ofráil an fearchéile é, ar fear é nach raibh gan airgead.

Gné neamhghnách eile den ghrúpa seo cásanna ab ea go raibh caomhnóireacht aonair ag an bhfearchéile ar na leanaí agus gur íoc an banchéile claonchothú i dhá cholscaradh toilithe. I gcás amháin d'íoc an fearchéile claonchothú, ach i móramh na gcásanna níor tarchuireadh aon chlaonchothú, rud seans a léirigh gur socraíodh na saincheisteanna sin roimh ré.


In aon cheann déag de na cásanna colscartha toilithe agus idirscartha breithiúnaigh ní raibh aon leanaí cleithiúnacha ann agus bhí leanaí cleithiúnacha i dtrí chinn déag de na cásanna. Aontaíodh go mbeadh caomhnóireacht ag an máthair i gceithre cinn acu, agus ag an athair i ndhá cheann gan aon bhunchonáí sonrath i ndhá cheann; agus ceithre ásc ina raibh comhchaomhnóireacht iontu, ach ina raibh na leanaí ina gcónaí lena máthair

Figiúr 3 Fad an Phósta ag Críochnú le hIdirscaradh Breithiúnach



- Níos lú ná 5 bliana
- 6-10
- 11-15
- 16-20
- 21-25
- 26-30
- 31-35
- 35+

Figiúr 4 Orduithe airgeadais eile



- Orduithe coigeartaithe pinsin ainmniúla
- Eile

go príomha i ndhá chás agus lena n-athair go príomha i ndhá chás. I gcás amháin níor sonraíodh aon chomhnóireacht. I ngach cás seachas cás amháin, aontaíodh ar rochtain nó níor sonraíodh í, agus sa chás maidir le hidirscaradh breithiúnach sonraíodh sceideal mionsonraithe rochtana.

I ndáil le háras an teaghlaigh, i móramh na gcásanna inar cheist í; cheannaigh an fearchéile leas an banchéile (seacht n-asc) agus i dtrí chás cheannaigh an banchéile leas a fearchéile. Ordaíodh go ndíolfaí é agus go roinnfí é i dtrí chás, cé go raibh moill i gceist i gcás amháin, agus bhí an fearchéile le cónaí san áras go dtí go mbeadh an leanbh is óige neamhspleách, agus d'íocfadh an banchéile an morgáiste. I gcás amháin bhí teach ag an mbeirt pháirtithe agus in ocht gcás bhí áras an teaghlaigh ar cíos nó níor tagraíodh dó.

Aontaíodh ar chlaonchothú do na leanaí i dtrí chás, agus i ndhá chás ba í an bhean a d'íoc an claonchothú lena fearchéile. Ar nós móraimh na gcuaird eile, ní minic a thiocfadh orduithe

ar choigeartú pinsin aníos agus rinneadh ordú ainmniúil amháin. Bhí dhá ordú coigeartaithe airgeadais a bhain le haistriú talaimh agus maoin eile.

Cosúil leis na gcuaird eile, bhí borradh faoin líon colscaradh a bhí á lorg tar éis phósadh de cúig bliana déag.

Bhí an grúpa ba mhó sa chatagóir seo. (seacht gcinn den 26, leis an ochtú ceann ag lorg idirscaradh breithiúnach) Lorg ceithre lánúin colscaradh a phós idir 11 bhliain déag agus 15 bliana déag roimhe sin agus lorg ceithre lánúin a bhí pósta ar feadh idir 21 bliain agus 25 bliain colscaradh freisin (lorg ceann amháin san aoisghrúpa seo idirscaradh breithiúnach). Lorg dhá lánúin a bhí pósta ar feadh idir 31 agus 35 bliain faoi seach, colscaradh agus lorg lánúin amháin a bhí pósta ar feadh breis agus 35 bliain idirscaradh breithiúnach tar éis a bheith pósta ar feadh an méid sin ama.

Toisc nach raibh conspóid iomlán i gceist ach i ndhá cheann den 26 chás bhí ráta socráiochta de bhreis agus 90% ann.

I gcás lánúineacha áirithe is rogha níos fearr í an idirghabháil ná an chúirt

Bunaíodh an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh sa bhliain 1996 mar thogra píolótach chun chuidiú le lánúineacha a saincheisteanna maidir le hidirscaradh a réiteach, anois is eagraíocht náisiúnta í le 16 oifigí agus 25 idirghabhálaithe a dhéileáil le 1,500 cliaint sa bhliain 2007.

Labhrann bainisteoir na seirbhíse, **Polly Phillimore** le Luke O’Neill maidir le nádúr na hidirghabhála teaghlaigh atá ag síorathrú

Cuidíonn an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh le lánúineacha atá ag scaradh go príomha trí suí síos leo agus na saincheisteanna a bhaineann leis an idirscaradh a aithint agus cuidíonn sí leo a mbealach a stiúradh tríd na saincheisteanna a bhaineann lena n-idirscaradh. Ní seirbhís chomhairleoireachta í agus ní thugann sí comhairle dlí.

Sa bhliain 1986 bunaíodh an tseirbhís go píolótach i mBaile Átha Cliath i gcomhthéacs an reifrinn ar cholscaradh ar theip air; chun díriú ar lánúineacha pósta a chinn scaradh óna chéile. Thar na blianta, mhéadaigh an tseirbhís de réir mar a d’athraigh an tsainmhíniú ar theaghlach Éireannach agus stádas dlí an cholscartha. Sa bhliain 2003, tháinig an tseirbhís faoi choimirce na comhlachta nua - bunaithe, an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Theaghlaigh.

Sa lá inniu ann, tá 16 oifig déag an an tseirbhís ar fud an Stáit agus fostaítear tuairim is 25 idirghabhálaithe. Tá na ceithre oifig

i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus i Luimneach ag feidhmiú ar bhonn lánaimseartha agus feidhmíonn an chuid eile ar bhonn dhá lá go leith in aghaidh an seachtaine - d’úsáid tuairim is 1,500 duine an tSeirbhís sa bhliain 2007.

Deir bainisteoir na seirbhíse, Polly Phillimore: “Nuair a thagann daoine anseo bíonn cruinniú againn leo ar dtús agus iarraimid orthu cibé an raibh siad ag freastal ar chomhairleoir. Cuirimid béim ar an méid seo, go bhfuil an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh ann do dhaoine a rinne an cinneadh scaradh óna chéile. Is éard atá san idirghabháil ná an deis do dhaoine teacht agus na saincheisteanna uile a bhaineann lena n-idirscaradh a phlé.”

Cé gur lánúineacha pósta agus singil iad chuid mhaith dóibh a chinn saincheisteanna den sórt sin a réiteach, bíonn an tSeirbhís ag idirghabháil i staid de gach saghas. Nótálar i bpáipéar taighde a tháinig amach le déanaí ag comóradh an aonú bliain is fiche den seirbhís, go bhfuil dúshlán nua ag teacht

‘Ní bhunóimis rathúlacht san idirghabháil ar cibé ar éirigh le lánúineacha comhaontú a bhaint amach toisc gur minic a chuireann sé lena gcumas cumarsáid a dhéanamh ar bhealach níos fearr timpeall ar a leanáí’

‘Níl cead againn comhairle dlí a thabhairt. Ach tá súil agam go bhfuilimid sciliúil go leor chun na ceisteanna a chur a thástálfaidh réadúlacht na gcomhaontuithe’

aníos i bpóstaí go háirithe ‘na céad phóstaí’ (is é sin le rá go mbítear ag súil go scarfaidh an lánúin tar éis cúpla bliain), ábhair imní maidir le tuismitheoireacht a thagann aníos ó thuismitheoirí nach raibh i ngaolmhaireacht riamh agus ábhair a bhaineann le hathchlanna a chruthaítear as colscaradh.

Toisc gur próiseas deonach é ní mór go gcláródh an bheirt pháirtithe leis an seirbhís sular féidir coinne a shocrú. Maireann an ghnáthsheisiún uair an chloig, agus sa chéad ceann déantar gach iarracht eolas a bhailiú faoi staid agus riachtanais na lánúine.

Tar éis cúig nó sé shéisiún, bítear ag súil go n-aontóidh an lánúin téarmaí cosúil le háras an teaghlaigh, pinsin agus rochtain ar leanaí. Más é seo an cás, dréachtóidh an t-idirghabhálaí nóta comhaontaithe a idirghabháladh bunaithe ar theimpléad de chomhaontú idirscartha. Féadfar riail cúirte a dhéanamh de seo nó féadfar é a úsáid níos déanaí mar bhunús do cholscaradh.

Níl cead ag idirghabhálaithe comhairle dlí a thabhairt. Anois is arís má thugann siad rud éigean faoi deara a d’fhéadfadh fadhbanna a chruthú do na cliaint, molfaidh siad dóibh comhairle eile saineolaíoch a fháil ó aturnaetha, cuntasóirí nó achtúirí. Breathnaíonn an tUasal Phillipmore ar an seirbhís mar phróiseas eile cothrománach idir na cliaint agus a n-aternaetha.

“Deirimid leo, ‘b’fhéidir gur cheart duirt comhairle airgeadais a fháil faoi do phinsean’ agus go bhféadfadh sé sin a bheith costasach agus iad ag dul tríd an bpróiseas le gairmithe seachtracha. Ar an lámh eile tá sé tábhachtach go leor mar má dhéanann siad an obair ar fad bíonn seans níos fearr ann go seasfaidh an comhaontú idirscartha nuair a thógann siad chuig aturnae é.

“Tá gairmithe dlí de dhíth ar an t-seirbhís idirghabhála agus ag an gcomhaontú a idirghabháladh toisc nach bhfuilcead againn comhairle dlí a thabhairt. Ach tá súil agam go bhfuilimid sciliúil go leor chun na ceisteanna a chur a thástálfaidh réadúlacht na gcomhaontuithe.

Leanann FMS modh idirghabhála an uile shaincheist- i bhfocal eile féadfadh an comhaontú idirghabhálaithe a aontaítear na hábhair a leanas a chur san áireamh,

airgeadais, claonchothú, áras an teaghlaigh, maoin bhreise, socruithe tuismitheoireachta, árachas, pinsin agus oidhreacht.

Bíonn rath ar an bpróiseas i gcás lánúineacha a ghlacann leis go bhfuil deireadh leis an ngaolmhaireacht agus nach mórdeileálle hábhar praiticiúla. Ní seirbhís chomhairleoireachta í. Tagann líon bheag ag lorg comhairleoireacht trí thaisme. Is é is cúis leis seo dar leis an tUasal Phillipmore ná foclaíocht an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996 a cheanglaíonn ar aturnaetha “comhairleoireacht nó idirghabháil” a mholadh dá gcliaint.

Bíonn cásanna eile ann nach mbíonn an tseirbhís oiriúnach do na cliaint. Anois is arís d’fhéadfadh an t-idirghabhálaí “cothromaíocht cumhachta” a aithint i lánúin nach bhfuil ar a gcumas a athrú. Ar na factóirí eile a chuireann isteach ar idirghabháil éifeachtach tá, mí-úsáid sa teach, dúileachas agus inniúlacht meabhrach.

Éiríonn leis an t-seirbhís ráta rathúlachta de 55% a bhaint amach maidir le comhaontú a shocrú idir na cliaint. Sa bhliain 2006, ghlac 875 lánúin páirt in idirghabháil agus d’éirigh le 488 daoibh sin comhaontú a bhaint amach. Bhí 336 lánúin ann a tugadh cúnaimh dóibh ach níor chur siadan próiseas i gcrích agus d’fhill 51 lánúin ar ais ar a bpósadh.

Féadfaidh an próiseas nach mbíonn nóta comhaontaithe idirghabhálaithe de thoradh air i gcónaí, an bunús a chruthú do ghaol níos cairdiúla idir chliaint.

“Ní bhunóimis dea-theist na hidirghabhála ar cibé ar éirigh leo comhaontú a bhaint amach toisc gur minic a cuireann sé lena gcumas cumarsáid a dhéanamh ar bhealach níos fearr timpeall ar a leanaí.”

Creideann an tUasal Phillipmore gur bealach chun dul chun cinn a dhéanamh é an dlí comhoibríteach i bpróiseas an dlí teaghlaigh. Bíonn idirghabháil níos casta i gcás ina raibh na cliaint os comhair na Cúirte Dúiche nó Cuarda roimhe seo, toisc an difríocht atá ann idir chórais sháraíochta agus mhuinteartha. Ar an gcúis seo ba mhaith leis an seirbhís a thuilleadh faisnéise a bheith ar fáil do na daoine sin atá ag scaradh ón chéile agus a thiocfaidh i láthair os comhair na cúirteanna.


“B’fhéidir go bhféadfadh idirghabháil a bheith ann sula dtiocfadh sé roimh an gcúirt.

Ceapaim go mbeadh sé thar barr dá mbeadh seisiún éigeantach faisnéise faoi idirghabháil ann sula rachadh daoine isteach sa chúirt. Agus go mbeadh ort coinne a dhéanamh leis an seirbhís, le cloisteáil céard leis a mbaineann sí agus cad iad na roghanna atá ann duit. Nó fiú sna cúirteanna, d'fhéadfadh idirghabhálaí a bheith ann agus mhíneodh sé an próiseas seo.”

Deir sí gur rogha maith í an idirghabháil do lanúineacha áirithe agus do bhaill teaghlaigh

ar leith, “seachas é a bheith ina rud a dhéanfa chun íomhá níos fearr a chruthú sula bhfillfá ar an gcúirt.”

“Ba chóir don chliant a bheith ina thosacht dúinne, do na cúirteanna, agus donn ghairm dlí. Tá idirscaradh nó aon chineál scarúna nó teip ar ghaolmhaireacht trámaíoch. Is dóigh liom gurb é ár ngnó é sin a dhéanamh níos éasca ionnas gur féidir le daoine a saol a fheabhsú agus meas a thabhairt ar a chéile agus is féidir leis sin a bheith iontach deacair.”



An tSeirbhís Chúirteanna
Teach an Fhionnuisce
15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7
www.courts.ie